Digitized by the Internet Archive
in 2013

http://archive.org/details/mionorleaarcaint00conc

Mion-Ċoṁráḋ.

Leaḃar Cainte Gaeḋilge-Béarla

Do fuair an dara duais i gComórtas XIX
ag an Oireaċtas, 1901.

Tomás Ua Conċeanainn
do sgríoḃ.

Ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1903.

PB
1227
.O255
1903

PRINTED BY
SEALY, BRYERS AND WALKER,
MIDDLE ABBEY STREET,
DUBLIN.

180340

Tíoḋlacaḋ.

Tairgim an leaḃar seo
mar ṫaḃartas beag
do Éireannaċ atá Gaeḋealaċ i gcroiḋe agus i dteangaiḋ
do ṁúinteóir atá náisiúnta ḋáiríriḃ ċom maiṫ le i n-ainm;
do

Miċeál Ó Máille,

Oide Sgoile,
i gCornamóna, i gConndae na Gaillime.

Tá sé féin agus a sgoil níos goire do Ġaeḋealtaċt
Ċonnarṫa na Gaeḋilge, agus do mo ḃaramail
féin, do sgoil agus do ṁúinteóir Gaeḋealaċ,
ná aon sgoil d'ár casaḋ orm fós.
Go mbuḋ fada buan é mar ṁúinteóir do'n aos óg, agus
mar ḋeáġ-sompla do oidíḃ na hÉireann.

Tomás Ua Conċeanainn.

As a slight tribute to his worth this Book
IS DEDICATED
To an Irishman who is Irish in spirit as well as in speech;
To a teacher who is National in reality as well as
in name;
TO

MICHAEL O'MALLEY,

SCHOOLMASTER,
of Cornamona, in the County of Galway,

Whose school and self are nearer the Gaelic League idea, and
my own ideal of an Irish school and an Irish
teacher, than any I have yet met.
May he live long as an instructor of the youth, and as a model
for the teachers of Ireland.

THOMAS O'CONCANNON.

An Clár.

		Leaṫanaċ
Tioḋlacaḋ	...	iii
Brollaċ	...	vii
Réaṁráḋ	...	ix
Dá ṁí Déag na bliaḋna.	The Twelve Months of the Year ...	1
Seaċt Lá na Seaċtṁaine.	The Seven Days of the Week ...	1
Na h-Uiṁreaċa.	The Numerals ...	2
Na h-Uiṁreaċa Léiriġṫe.	Ordinal Numbers ...	4
Uiṁreaċa Bailiġṫe.	Collective Numbers ...	5
Uiṁreaċa Roinnte.	Distributive Numbers ...	5
Uiṁreaċa Comórtais.	Proportional Numbers ...	5
Uiṁreaċa Aiṫrise.	Numbers of Repetition ...	6
Céimneaċa.	Titles of Honour ...	6
Fiafruiġe Ceisteanna.	Asking Questions ...	6
Teaċt agus Imṫeaċt.	Coming and Going ...	8
Comairliuġaḋ.	To Consult ...	9
Fiafruiġe an Ḃealaiġ.	Asking the Way ...	11
An Aimsir.	The Weather ...	12
An Uair.	The Hour ...	17
An t-Am.	The Time ...	18
Iongantas a Ċur i n-Umail.	To Express Astonishment ...	20
Ag Déanaṁ Bróid as—.	To Express Admiration ...	21
Amras a Ċur i gCéill.	To Express Probability ...	21
Brón.	Sorrow ...	22
Mí-ṡásuiġeaċt.	Displeasure ...	23
Fearg.	Anger ...	24
Sásuiġeaċt.	Satisfaction ...	25
Carṫannas agus Truaiġe.	Charity and Pity ...	26
Mío-ṫaiṫneaṁ.	Aversion ...	28
Aois.	Age ...	29
Ocras.	Hunger ...	29
Codlaḋ.	Sleep ...	30
Nuaiḋeaċt.	News ...	31
Dearḃuġaḋ.	Affirmation ...	33
Iarraiḋ.	Asking ...	33
Sláinte.	Health ...	34
Siuḃal.	Walking ...	36
An Traen.	The Train ...	38
Éadaċ.	Clothes ...	40
Seómra Mná Uaisle.	A Lady's Room ...	42
Ag Dínnéar.	At Dinner ...	44
Ag Tae.	At Tea ...	48
Ag Bricfeast.	At Breakfast ...	50

		Leaṫanaċ
Ag an mBearbóir.	At the Barber's	... 52
Ag an Táilliúr	At the Tailor's	... 53
Ag an Éadaċóir.	At the Draper's	... 56
I dTiġ an Ṗosta.	In the Post Office	... 58
Airgead.	Money	... 59
Ceannaċ Tae, Siúcra ⁊ Mine.	Buying Tea, Sugar, Flour	... 61
Neiṫe Baineas leis an Tiġ.	Articles Pertaining to the House	63
An Teaċ agus an Bórd.	House and Table	... 64
Ar Lorg Gaeḋilge.	Looking for Irish	... 65
Ó Ġaillim go h-Árainn.	Galway to Aran	... 70
Caint le Fear ó Inismeaḋóin.	Talking to an Inismeadhon Man	73
Sgoil.	School	... 77
Sgoil.—Ceaċt Suiḋeaċáin.	School—Desk Lesson	... 81
„ Ceaċt Rang.	„ Class Lesson	... 82
„ Coitċeannta.	„ General	... 83
Ag Glaoḋaċ na nAinmneaċa.	Calling the Rolls	... 86
Gaeḋilge ar "Thank You."	Irish for "Thank you"	... 86
Obair na Sgoile—Léiġṫeóireaċt.	School-work—Reading	... 89
Sgríbneóireaċt—Ceann-sgríbinn.	Writing—Headlines	... 92
Aiṫsgríobaḋ.	Transcription	... 96
Deaċtuġaḋ.	Dictation	... 96
Rosg.	Composition	... 97
Sgríobaḋ de Ġlan-ṁeabair.	Writing Pieces from Memory	... 99
Figiúraċt ins na Suiḋeaċáin.	Arithmetic in the Desks	... 100
Ríoṁaireaċt ar an Urlár.	Arithmetic on the Floor	... 100
Druin agus Fuaġáil.	Crochet and Sewing	... 102
An Túirne Olna.	The Spinning Wheel	... 105
Ceileabraḋ.	Bidding Farewell	... 106
Gleacaiḋeaċt.	Physical Drill	... 106
Ag Imirt.	At Play	... 109
Irish Technical Terms for use at Meetings		... 111
An Ċolann.	The Body	... 116
Ag an Doċtúir.	At the Doctor's	... 119
Galar.	Disease	... 121
Ainmneaċa Ban.	Names of Women	... 122
Ainmneaċa Fear.	Names of Men	... 124
Éisg.	Fishes	... 130
Éanlaiṫ Fairrge.	Sea-birds	... 131
Éanaċa Eile.	Other Birds	... 131
Focail ó Árainn.	Aran Words	... 132
Lusraċa, ⁊rl.	Herbs, etc.	... 134
Tiġeaċas, Déanaṁ Tiġe, ⁊rl.	House, Building, etc.	... 135
Ainmneaċa Gadar.	Names of Hounds	... 136
Sean-ḟocail.	Proverbs	... 141
Beanna.	Couplets	... 156
Ranntraċa	Quatrains	... 157
Comairle an tSeanduine.	The Old Man's Advice	... 160

Brollaċ.

I n-uraiḋ is ann do buaileaḋ an ċéad Leaḃar Cainte 'san gcló .i. an leaḃar do sgríoḃ Séamus Ua Duḃgaill. Is dóiġ linn naċ fríoṫ go holc é. Atáṫar ag taḃairt an dara leaḃair do'n ṗobal Ġaeḋealaċ i mbliaḋna.

Muiṁneaċ tra do sgríoḃ an "Leaḃar Cainte," Connaċtaċ iaraṁ an "Mion-ċoṁráḋ." An dá ċúigeaḋ is mó ⁊ is fairsinge Gaeḋealg 'san tír-seo, is aṁlaiḋ atáṫar aca anois ⁊ a leaḃar féin ag ceaċtar ḋíoḃ; giḋeaḋ, ní abram naċ féidir úsáid éigin do ḃuain asta leaṫ ar leaṫ.

Is iomḋa moḋ tra ar ar féidir do'n "Ṁion-ċoṁráḋ" so dul i soċar do'n té ḃeanas úsáid as. Ionnus ċeana, a léiġṫeoir, go mbeiḋ fios fáṫa an sgéil sin agat, ní léigfimíd dínn gan roinn díoḃ do ċur síos duit annso. Do-ġeoḃair iomorro tráċt ar a lán de neiṫiḃ gnáṫaċa is-an leaḃar-so, .i., mion-ċaint ḃuird ⁊ mion-ċaint triuḃail, breasnaiḋeaċt tsráide ⁊ brasaireaċt tuaiṫe, ⁊rl., ⁊ fós neiṫe naċ iad, mar atá, focail ⁊ ráiḋteaċais do cumaḋ ⁊ do ceapaḋ fá ċoṁair feaḋma ⁊ foġanta na gcruinniuġaḋ ⁊ na gcoṁḋáil, anmanna éan ⁊ iasg, anmanna gaḋar ⁊ géar-ċon na Féinne, ⁊, dá n-abramaois, seanḟocail ⁊ beanna bioṫ-ġonta filiḋeaċta i n-ár cuireaḋ eagna ⁊ eolus ár sean ⁊ ár sinsear.

Dála an ċló, atá dóiġ againn go ḃfuiġir lán ⁊ leór-ḋóiṫin súl ann. Tuilleaḋ fós, do léiġeaḋ go friṫir fuireaċair frioċnaṁaċ é ó ṫús go deireaḋ le hEoġan Ua Neaċtain, seaċ an t-uġdar féin do fuair cóib do gaċ éin-tsreaṫ cló, gibé áit i dtarla ḋó ḃeiṫ i n-a ṡiuḃaltaiḃ.

Ní ḟuil riaċtanas againn ré n-a ċur i gcéill cia hé an t-uġdar .i. Tomás Ua Conċeanainn ⁊ a ḟios ag a lán go

ḃfuil sé 'na árd-timṫire ag Connraḋ na Gaeḋilge ⁊ gurab é cúram atá air Leaṫ Ċuinn ⁊ Laiġin do ṡiuḃal ⁊ do ṡíor-ṡiuḃal i ḃfáḃar na Gaeḋilge ⁊ é féin 'na ḃrod brosduiġṫe do ṁursgailt na nGaeḋeal as an trom-ṡuan i n-a ḃfuilid. Atá teanga líomṫa Ġaeḋilge aige, no, mar adeir sé féin, "tá a ṫeanga ar a coṁairle féin aige." Cá hiongnaḋ sin ó Árannaċ? D'á réir sin, is í canaṁain Ċúigiḋ Ċonnaċt is mó do saoilfiḋe ḃeiṫ is-an leaḃar so; giḋeaḋ, atá fós beagán de ḃéarsgna na n-Ultaċ ⁊ de ḃlas na Muiṁneaċ air ṫall ⁊ i ḃfus, níḋ naċ loċt ar an úġdar ⁊ a ráḋ gur ṡiuḃail sé na cúig cúigeaḋa ⁊ é go mór i gcúram na teangaḋ. Is follus as sin naċ fuil mear ar ċanaṁain seaċ a ċéile ann nó gurab ró-ḃeag an deiṫḃir atá eatorra.

Do ḃí a ḃara rúinn beagán eile do sgríoḃaḋ annso do leiṫ eagair an leaḃair-seo i ndóiġ go mbaḋ taiṫneaṁaċ leis an druing ḃíos ag léiġeaḋ brollaċ é; aċt ar eagla go mbaḋ roċar leiṫleasaċ dúinn féin é ⁊ go mbaḋ liosta ré a ċur síos annso, léigfimíd dínn gan teaċt tairis. Aċt aon níḋ ċeana, ní ṫiubram anuas aċt an seanfocal so, "Is leór ó Ṁór a díċeall," ⁊ fós, gé go mb' fearr linn nár ḃ'ionann dál dúinne ⁊ do'n dís dearḃráṫar ndona úd, na focail-seo léaġtar ag Seaṫrún Céitinn .i. naċ dearnamar "aċt triall 'san ród réiḋ, tar a ḃfuil do ġuairiḃ innte; óir atá dóiġ agam, maille ré congnaṁ nDé, go ḃféadfam dul tar na guairiḃ sin."

RÉAṀRÁḊ.

Tá go leór neiṫe san leaḃar so ṫar mar ḃí nuair fuair sé duais ag an Oireaċtas. Ní raiḃ ann an tráṫ soin aċt cómráḋ gearr, agus ċuir mé na cómráiḋtí eile ar sgolaiḋeaċt, ar ċruinniġṫiḃ, ar ḋoċtúireaċt, na sean-ráiḋte, agus na hainmneaċa ina ċeann ó ṡoin.

Is ḟóġainteaṁail na ráiḋte iad so a ḃain mé as an Irisleaḃar faoi ċruinniġeaċaiḃ. Ní mó ná go maiṫ a ṫaiṫniġeas siad liom, mar sin féin, mar is iad moḋṫa na nGall iad, aċt is dóċa, do réir mar ḃeiḋfear ag baint leas asta, go dtiocfaiḋ beagán claonta orra agus go mbeiḋ moḋṫa deasa againn i ndeireaḋ na dála.

Ċonnaic mé in mo ṡiuḃlóid go minic gur géar a ṫeastuiġ focla Gaeḋilge ó ḋoċtúiriḃ. Seo í an ċéad iarraċt ar ḟoclaiḃ agus cainteanna a ḃaineas le doċtúireaċt a ċur i gcló. Ḃaḋ ċeart go ndéanaidís seo leas do na liaġaiḃ, ’sa nGaeḋealtaċt, mar naċ maiṫ is féidir le doċtúir Gaeḋilgeóir a leiġeas, muna dtuigiḋ sé uaiḋ cé an éagcaoine atá air.

’Sé mo ṁeas gur’b iad na ráiḋte ar sgolaiḋeaċt na ráiḋte is fóġaintiġe ’san leaḃar. Is fada máiġistrí sgoile ag feiṫeaṁ ar a leiṫéidiḃ seo. Tá cuid aca ag

laḃairt an Ḃéarla anois i n-áit a laḃraidís an Ġaeḋilg dá mbeaḋ na cora ealaḋanta aca.

Fearaċt cor na gcruinniġṫe, seo í an ċéad iarraċt a tugaḋ faoi n-a leiṫeidiḃ, agus creidim go ndéanfaiḋ siad cúis nó go ḃfuiġfear ceanna níos fearr, leis an aimsir. Tá aon ṁaiṫ aṁáin a ṫiucfas asta ins an sgoil a ndéanfaiḋ an máiġistir usáid ḋíoḃ—agus 'sé sin, go dtaisbeánfaiḋ siad go soiléir do na páistiḃ gur'b í an Ġaeḋilg teanga ḋúṫċais na tíre. Agus muna ndéanaiḋ an leaḃairín seo leas ar biṫ eile aċt sin, beiḋ mé sásta.

TOMÁS UA CONĊEANAINN.

Leaḃar Cainte Gaeḋilge-Béarla.

(IRISH-ENGLISH PHRASE BOOK.)

Dá ṁí déag na bliaḋna.	THE TWELVE MONTHS OF THE YEAR.
Eanair, Gionḃair.	January.
Feaḃra.	February.
Márta.	March.
Aibreán (Abrán).	April.
Bealtaine.	May.
Meiṫeaṁ.	June.
Iúl.	July.
Luġnasa.	August.
Meaḋón Foġṁair, Meiṫeaṁ an Foġṁair.	September.
Deireaḋ Foġṁair.	October.
Saṁain.	November.
Mí Nodlag.	December.

Seaċt lá na seaċtṁaine.	THE SEVEN DAYS OF THE WEEK.
Dia Doṁnaiġ.	Sunday.
Dia Luain.	Monday.
Dia Máirt.	Tuesday.
Dia Céadaoin.	Wednesday.
Dia'rdaoin.	Thursday.
Dia hAoine.	Friday.
Dia Saṫairn.	Saturday.

NA hUIṀREAĊA. — THE NUMERALS.

Aon.	One.
Dó.	Two.
Trí.	Three.
Ceaṫair.	Four.
Cúig.	Five.
Sé.	Six.
Seaċt.	Seven.
Oċt.	Eight.
Naoi.	Nine.
Deiċ.	Ten.
Aon-ḋéag.	Eleven.
Dó-ḋéag.	Twelve.
Trí-déag.	Thirteen.
Ceaṫair-déag.	Fourteen.
Cúig-déag.	Fifteen.
Sé-déag.	Sixteen.
Seaċt-déag.	Seventeen.
Oċt-déag.	Eighteen.
Naoi-déag.	Nineteen.
Fiċe.	Twenty.
Aon is fiċe.	Twenty-one.
Dó is fiċe.	Twenty-two.
Trí is fiċe.	Twenty-three.
Ceaṫair is fiċe.	Twenty-four.
Cúig is fiċe.	Twenty-five.
Sé is fiċe.	Twenty-six.
Seaċt is fiċe.	Twenty-seven.
Oċt is fiċe.	Twenty-eight.
Naoi is fiċe.	Twenty-nine.
Deiċ is fiċe.	Thirty.
Aon-déag is fiċe.	Thirty-one.
Dó-ḋéag is fiċe, ⁊rl.	Thirty-two, etc.
Dá ḟiċid.	Forty.
Aon is dá ḟiċid.	Forty-one.
Dó is dá ḟiċid, ⁊rl.	Forty-two, etc.
Deiċ is dá ḟiċid.	Fifty.
Aon-déag is dá ḟiċid.	Fifty-one.

Dó-ḋéag is dá ḟiċid, ⁊rl.	Fifty-two, etc.
Trí fiċid.	Sixty.
Aon is trí fiċid.	Sixty-one.
Dó is trí fiċid.	Sixty-two.
Trí is trí fiċid.	Sixty-three.
Ceaṫair is trí fiċid.	Sixty-four.
Cúig is trí fiċid.	Sixty-five.
Sé is trí fiċid.	Sixty-six.
Seaċt is trí fiċid.	Sixty-seven.
Oċt is trí fiċid.	Sixty-eight.
Naoi is trí fiċid.	Sixty-nine.
Deiċ is trí fiċid.	Seventy.
Aon-déag is trí fiċid.	Seventy-one.
Dó-ḋéag is trí fiċid.	Seventy-two.
Trí-déag is trí fiċid.	Seventy-three.
Ceaṫair-déag is trí fiċid.	Seventy-four.
Cúig-déag is trí fiċid.	Seventy-five.
Sé-déag is trí fiċid.	Seventy-six.
Seaċt-déag is trí fiċid.	Seventy-seven.
Oċt-déag is trí fiċid.	Seventy-eight.
Naoi-déag is trí fiċid.	Seventy-nine.
Ceiṫre fiċid.	Eighty.
Aon is ceiṫre fiċid.	Eighty-one.
Dó is ceiṫre fiċid, ⁊rl.	Eighty-two, etc.
Deiċ is ceiṫre fiċid.	Ninety.
Aon-déag is ceiṫre fiċid.	Ninety-one.
Dó-ḋéag is ceiṫre fiċid, ⁊rl.	Ninety-two, etc.
Céad.	A hundred.
Céad agus aon.	A hundred and one.
Céad agus dó.	A hundred and two.
Céad agus trí, ⁊rl.	A hundred and three, etc.
Ḋá ċéad.	Two hundred.
Trí ċéad.	Three hundred.
Ceiṫre ċéad.	Four hundred.
Cúig céad.	Five hundred.
Sé ċéad.	Six hundred.
Seaċt gcéad.	Seven hundred.
Oċt gcéad.	Eight hundred.

Naoi gcéad.	Nine hundred.
Míle.	One thousand.
Milliún.	One million.

Na h-Uiṁreaċa Orduiġṫe.	ORDINAL NUMBERS.
An ċéad ċeann.	The First (one or person).
An dara ceann.	Second.
An tríoṁaḋ (trear) ceann.	Third.
An ceaṫramaḋ ceann.	Fourth.
An cúigeaḋ ceann.	Fifth.
An séaṁaḋ (seiseaḋ) ceann	Sixth.
An seaċtṁaḋ ceann.	Seventh.
An t-oċtṁaḋ ceann.	Eighth.
An naoṁaḋ ceann.	Ninth.
An deaċṁaḋ ceann.	Tenth.
An t-aonṁaḋ ceann déag.	Eleventh.
An dara ceann déag.	Twelfth.
An tríoṁaḋ (trear) ceann déag.	Thirteenth.
An ceaṫramaḋ ceann déag.	Fourteenth.
An cúigeaḋ ceann déag.	Fifteenth.
An séaṁaḋ (seiseaḋ) ceann déag.	Sixteenth.
An seaċtṁaḋ ceann déag.	Seventeenth.
An t-oċtṁaḋ ceann déag.	Eighteenth.
An naoṁaḋ ceann déag.	Nineteenth.
An fiċeaḋ ceann.	Twentieth.
An t-aonṁaḋ ceann fiċead	Twenty-first.
An dóṁaḋ (dara) ceann fiċead, ⁊rl.	Twenty-second, etc.
An deaċṁaḋ ceann fiċead	Thirtieth.
An t-aonṁaḋ ceann déag ar ḟiċid.	Thirty-first.
An dara ceann déag ar ḟiċid, ⁊rl.	Thirty-second, etc.

Uiṁreaċa Bailiġṫe.	COLLECTIVE NUMBERS.
Cúpla.	A couple.
Duiséan.	A dozen.
Leaṫ-ḋúiséan.	Half a dozen.
Scór* (nó fiċe).	A score.
Céad.	A hundred.
Míle.	A thousand.

Ainmneaċa Roinnte.	DISTRIBUTIVE NAMES.
An leaṫ.	The half.
An trian.	The third.
An ċeaṫraṁa (nó an ċeaṫ-rúġaḋ cuid).	The quarter, or fourth.
An cúigeaḋ cuid.	The fifth.
Ḋá dtrian.	Two-thirds.
Trí ceaṫraṁna.	Three-fourths, etc.

Uiṁreaċa Comórtais.	PROPORTIONAL NUMBERS.
Dúbailt.	Double.
Triḋeaċ, trear.	Treble.
Ceaṫaireaċ.	Four-fold.
Cúigeaċ.	Five-fold.
Céadtaċ.	Hundred-fold.

---

* Seo focal maiṫ Gaeḋilge. Déantar úsáide de i n-Árainn níos minice 'ná "fiċe."

Uiṁreaċa Aiṫrise.	NUMBERS OF REPETITION.
Aon uair aṁáin.	Once.
Faoi ḋó.	Twice.
Trí h-uaire.	Thrice, three times.
Ceiṫre uaire.	Four times.
Fiċe uair.	Twenty times.
Céad uair.	A hundred times.
Mile uair.	A thousand times.

Céimneaċa (Céimeanna).	TITLES OF HONOUR.
A ṫiġearna.	My Lord.
A ḋuine uasail.	Sir.
A ḃean uasal.	Madam.
A ċailín óig.	Miss.
A ṁná uaisle.	Ladies.
A ḋaoine uaisle.	Gentlemen.
A ṁná óga.	Young Ladies.

Ag Fiafruiġe Ceisteanna.	TO ASK QUESTIONS.
Céard(cad) é sin?	What is that?
Céard(cad) é féin?	What is it?
Céard(cad) a ġlaoḋann tú air sin?	What do you call that?
Cad is ainm dó sin?	What is the name of that?
Cé an t-ainm atá air sin?	What do you call that?
'Séard ('sé rud) is ainm dó sin ——.	That is called——.
'Séard ('sé rud) a ġlaoḋtar air sin ——.	That is what is called——.

Fiafruiġim ḋíot.	May I ask you.
Sín i leiṫ agam an ——, má 'sé do ṫoil é.	Hand me over the ——, if you please.
Céard (cad) atá uait?	What do you want?
Tá rud éigin agam le hinn-sint duit.	I have something to tell you.
A' dtuigeann tú mé?	Do you understand me?
Tuigim.	I do.
Ní ṫuigim.	I do not.
Ní ċloisim ṫú.	I do not hear you.
Tá mé boḋar.	I am deaf.
'Dtuigeann tú céard tá mé 'ráḋ?	Do you understand what I say?
Tuigim go maiṫ (nó go ríġ-ṁaiṫ).	I understand you very well.
Éist liom.	Listen to me.
Ní'l tú ag éisteaċt liom.	You are not listening to me (you are paying no heed).
Abair arís é, má 'sé do ṫoil é.	Say it again, if you please.
Céard (cad, caidé) deir tú?	What do you say?
Céard (cad) é sin deir tú?	What is that you say?
Céard (cad, caidé) duḃairt tú?	What did you say?
Cad ċuige naċ ḃfreagrann tú mé?	Why don't you answer me?
Ní abraim dadaiḋ.	I don't say anything.
Ní labraim.	I do not speak.
Cé duḃairt leat é?	Who told you so?
Cé duḃairt é sin leat?	Who told you that?
Abair arís é.	Say it again.
Cé an míniuġaḋ 'tá air sin?	What is the meaning of that?
Céard (cad) tá tú 'ḋéanaḋ?	What are you doing?
Céard (cad) tá uait?	What do you want?
Cé air a ḃfuil tú ag glaoḋaċ?	On whom are you calling?
Cé le n-aġaiḋ é sin?	What is that for?
Cé an ṁaiṫ é sin?	What good is that?

Ag imṫeaċt agus ag teaċt.	GOING AND COMING.
Cá ḃfuil tú ag dul?	Where are you going?
Tá mé ag dul 'un a' t-séipéil.	I am going to chapel.
Tá mé ag dul a ḃaile.	I am going home.
Tá mé ag dul amaċ 'san ngarrḋa.	I am going out in the garden.
Tá mé ag imṫeaċt.	I am going (or leaving).
Ḃí mé ag dul go dtí do ṫeaċ-sa.	I was going to your house.
Cad as ar ṫáinig tú?	Where did you come from?
Ṫáinig mé ó——.	I came from——.
Ṫáinig mé ó ḃinn Éamuinn.	I came from Eamon's gable end.
Ṫáinig mé ó ṫeaċ mo ḋearḃráṫar.	I came from my brother's house.
Anois díreaċ (is eaḋ) d'ḟág mé an baile.	Just now I left home.
Ṫáinig mé ó ḃeiṫ 'siuḃlóid.	I came from after having a walk.
Ṫáinig mé ó'n ḃpáirc.	I came from the park.
Ṫáinig mé ó'n Aifreann.	I came from Mass.
Dtiucfaiḋ tú liom?	Will you come with me?
Cá ar ṁaiṫ leat a' dul.	Where would you like to go?
Cá raġamaoid? / Cá raċamuid?	Where will we go?
Is fearr dúinn dul go——.	We had better go to——.
Raċamuid a' siuḃlóid (nó a' spaisdeóireaċt).	We will go walking (or for a walk).
Téiḋmid go tiġ Éamuinn.	Let us go to Edmund's.
Fear mór sgéalta is eaḋ é.	He is a great man for stories.
Sgéalta Fiannuiġeaċta.	Fenian tales.
Siuḃail go ḃfeicimid Máire Ḃán.	Let us go to see Mary White.
Déanfaiḋ sin.	All right.
Téiḋmid an bealaċ seo.	Let us go this way.

Tabair ḋom do láṁ.	Give me your hand.
Téiḋmid trearsna na sráide annso.	Let us cross the street here.
Cé an bealaċ ṫiucfas sinn (muid)?	Which way shall we go?
Bealaċ ar biṫ is maiṫ leat.	Whatever way you like.
Ḃfuil Máire pósta fós?	Is Mary married yet?
Ní'l go deiṁin.	No, indeed.
Cé ṗósfaḋ í?	Who would marry her?
Ní'l fios agam, naċ cailín deas slaċtṁar í?	I don't know. Isn't she a good-looking girl.
'Seaḋ, aċt má'seaḋ féin, ní bean tiġe ṁaiṫ í.	Yes; but even so she is not a good house-keeper.
Tá ciall ag fir óga na h-uaire seo.	The young men of the present day have sense.
Ní ṗósfaiḋ siad aon ċailín naċ ḃfuil fios aici ar obair tiġe.	They will not marry any girl who cannot do house-work.
Ní ṫiucfaiḋ mé leat 'san méid sin ar fad.	I will not agree with you in all that.
Spré tá uaṫa anois.	Fortune is what they want now.
Ní'l aon ṁeas ar aon ċailín aċt an té 'ḃfuil spré aici.	There is nothing thought of any girl now save the one with a fortune.
Go ḃfóiriḋ Dia orainn!	May God help us!
Ḃrisfidís cleaṁnas suas anois mar ġeall ar ċaora.	They would break up a match for the sake of a sheep.
Ṫáinig an béas sin isteaċ leis an mBéarla.	That spirit (or habit) came with the English.
Maiseaḋ, 'meas tú?	Do you really think so?
Tá mé cinnte ḋe.	I am sure of it.

Ag glacaḋ comairle le ——. / CONSULTING.

Céard (cad) ḋéanfas muid?	What shall we do?
Céard (cad) tá le déanaṁ?	What is to be done?

Cé an cúrsa ċógfar sinn (muid)?	What course shall we take?
Céard is fearr a ḋéanaṁ?	What had we better do?
Cad tá le déanaṁ againn?	What have we to do?
Caiṫfimid socruġaḋ ar rud éigin.	We must decide upon something.
Ní'l fios agam céard tá le déanaḋ.	I know not what to do.
Tá sé sin náireaċ.	That is shameful.
Céard a ṁolfá ḋom a ḋéanaṁ?	What do you advise me to do?
Céard a ḋéanfá-sa 'san ġnóṫa seo?	What would you do in this case?
Céard a ḋéanfá dá mbeiḋ-feá in m'áit-se?	What would you do in my place?
Dá mbeinn in t'áit.	Were I in your place.
Dá mbaḋ mise ṫú.	If I were you.
Sílim ——.	I think ——.
Ṫaḃarfainn de ċoṁairle ḋuit. 'Sé mo ċoṁairle ḋuit.	I advise you. It is my advice to you.
Má ġlacann tú mo ċoṁairle.	If you take my advice.
Iarr coṁairle ar do ċaraid.	Consult your friend.
Baḋ ċeart cuiṁne ḋéanaḋ air sin.	That requires some reflection.
Ní'l fios agam beirṫe.	I am quite at a loss.
Ṫáinig smaoineaḋ in m'inntinn anois.	An idea strikes me.
Ċuiṁniġ mé ar aon rud aṁáin.	I have thought of one thing.
Déanaḋ muid (déanaimís) aon rud aṁáin.	Let us do one thing.
Céard déarfá leis?	What do you say to it?
Céard do ṁeas air?	What do you think of it?
Tá mé ar aon inntinn leat-sa.	I think as you do.
Sin smaoineaḋ an-ṁaiṫ.	That is a very good thought.
Tá sé déanta go maiṫ	It is very well done.

Sin moḋ maiṫ.	That is a very good idea.
Tá mé ar an aigne ċéadna leat féin.	I am of your opinion.
Déanaḋ muid é (déanaimís é).	Let us do so.
Is fearr é.	It is better.
'Sé an níḋ is fearr dúinn a ḋéanaṁ é.	It is the best thing we can do.
'Sé an t-aon níḋ aṁáin é is féidir linn a ḋéanaṁ.	It is the only thing we can do.
Nár b'ḟearr?	Would it not be better?
Is fearr duit.	You had better.
D'aṫruiġ mé m'aigne.	I have changed my mind.
D'aṫruiġ mé an ḃaraṁail a ḃí agam.	I have altered my opinion.
B'ḟearr liom.	I would rather.
Maiseaḋ, bíoḋ sé mar sin.	Well, let it be so.

Fiafruiġe an Ḃealaiġ.	TO ASK THE WAY.
An é seo an bealaċ ——?	Which is the way to ——? Is this the way to ——? Can you tell me whether this road leads to ——?
An é seo an bealaċ go ——?	Is this the way to ——?
Naċ é seo an bealaċ go ——?	Is not this the way to ——?
Cá dtabarfaḋ an bóṫar seo ṫú?	What place does this road lead to?
Tá tú ar an mbealaċ ceart.	You are in the right way.
Tá tú as an tsliġe.	You are out of the way.
Ní ḃéarfaḋ an bóṫar seo go ——.	This road does not lead to ——.
Ní'l tú ar an mbóṫar go ——.	You are not in the road to ——.

Cé aca bealaċ a raċaiḋ mé?	Which way am I to go?
Téiriġ caol díreaċ.	Go straight along.
Tóg an bóṫar sin.	Take that road.
Tabarfaiḋ sé do'n ḃóṫar mór ṫú.	It will lead you to the high road.
Iompuiġ taoḃ do láiṁe clé.	Turn to the left.
Iompuiġ taoḃ do láiṁe deise.	Turn to the right.
Ní féidir leat dul amuġa.	You cannot mistake the way.
Cé aca an bealaċ is giorra?	Which is the shortest way?
Cé aca an bealaċ?	Which is the way?
Cé an t-aċar é as seo?	How far is it from here?
Míle.	A mile.
Ní'l sé níos mó 'ná míle.	It is not more than a mile.
Leaṫ-ṁíle.	Half a mile.
Trí ceaṫraṁna míle.	Three-quarters of a mile.
Tá sé 'na ṁíle láidir (nó maiṫ).	It is full one mile.
Tá sé breis is míle.	It is little a more than a mile.
Is beag níos luġa 'ná míle é.	It is scarcely less than a mile.
Ḃfuil an bóṫar go maiṫ?	Is the road good?
Tá sé maiṫ go leór (nó réasúnta).	It is fairly good.
Tá sé go han-dona.	It is very bad.

AN AIMSIR. — THE WEATHER.

Cé an sórt aimsir í?	What sort of weather is it?
Tá sí 'na haimsir ṁaiṫ.	It is fine weather.
Is aimsir an-ṁaiṫ í.	It is very fine weather.
Is aimsir an-áluinn í.	It is most delightful weather.
Beiḋ lá breáġ againn.	We shall have a fine day.

Tá sé ag éirġe dorċa.	It is getting cloudy.
Tá an spéir an-dorċa.	The sky is very cloudy.
Is dorċa an aimsir í.	It is dark weather.
Tá an lá an-ṁeirḃ (nó broṫalaċ).	The day is very close.
Tá an spéir ag éirġe dorċa.	The sky is becoming dark.
Tá an spéir lán le néalta.	The sky is full of clouds.
Is néaltaċ an aimsir í.	It is cloudy weather.
Ní aimsir ṡocair í.	It is unsettled weather.
Tá cosaṁlaċt báistiġe air.	It looks like rain.
Tá braonaċa ċeana againn.	There are some drops.
Rinne sé báisteaċ.	It has rained.
Tá sé le báisteaċ a ḋéanaṁ.	It is going to rain.
Is aimsir báistiġe í.	It is rainy weather.
Déanann sé báisteaċ (nó fearṫainn).	It rains.
Tá sé ag báistiġ.	It is raining.
Beiḋ sé 'báistiġ ar feaḋ an lae.	It will rain all day.
Déanann sé báisteaċ an-tréan.	It rains very fast.
Ḃfeiceann tú an ċaoi ḃfuil sé 'báistiġ.	See how it rains.
Tá sé 'na ḋórtaḋ.	It pours.
Ní'l ann aċt múr (nó brádán).	It is only a shower.
Is gearr go mbeiḋ sé ṫart.	It will soon be over.
Téiḋeaḋ muid (téimís) ar fasgaḋ.	Let us take shelter.
Is dona an aimsir í.	It is bad weather.
Is an-dona an aimsir í.	It is very bad weather.
Tá mé fliuċ.	I am wet.
Tá mé fliuċ go croiceann.	I am wet to the skin.
Tá eagla orm go nglacaiḋ mé fuaċt.	I am afraid of taking cold.
Tá aiteall beag anois ann.	The rain begins to abate.
Tá sé 'tóirniġ.	It thunders.

Tá an aimsir glas (stoirmeaċ).	The weather is stormy.
Beiḋ stoirm (nó feón) againn.	We shall have a storm.
Tá sé 'tosnuġaḋ tóirniġe.	It begins to thunder.
'Gcloiseann tú an tóirneaċ?	Do you hear the thunder?
Tá sé 'tóirniġ ar feaḋ an lae.	It has thundered all day.
Tá an stoirm ṫart.	The storm is over.
Tá an aimsir 'tosnuġaḋ a' glanaḋ suas.	The weather begins to clear up.
Tá an aimsir an-ṁí-ḟocaṁlaċ.	The weather is very unsettled.
Tá an ġealaċ againn.	It is moonlight.
Tá solus maiṫ ar an ngealaiġ anoċt.	The moon is very bright to-night.
Tá sé 'glanaḋ suas.	It is clearing up.
Tá an aimsir a' glanaḋ suas.	The weather is clearing up.
Tá an ġrian a' sgairteaḋ.	The sun is shining.
Tá an ġrian a' tosnuġaḋ a' sgairteaḋ.	The sun is commencing to shine.
Ḃfeiceann tú an boġa báistiġe?	Do you see the rainbow?
Feicim.	I do.
Tá sé ag éirġe breáġ arís.	It is getting fine now.
Tá sí 'na haimsir ṁaiṫ arís.	The weather is fine again.
Ċuir an ḃáisteaċ faoi ċois an dusta.*	The rain has laid the dust.
Tá an oiḋċe tuitte anois.	It is night-time now.
Tá sé i n' oiḋċe.	It is night.
Is duḃ an oiḋċe í.	It is a dark night.
Tá sé an-te.	It is very warm.
Naċ te é?	Isn't it hot?
Is broṫalaċ an lá é.	It is a sultry day.

* Do ċoisg an t-uisge an smúit ó éiriġe.—*Muns.*

Tá sé ceóṁar.	It is foggy.
Tá ceó trom ann.	There is a thick fog.
Tá sé 'sneaċta.	It is snowing.
Beiḋ sneaċta anois againn.	We will have snow now.
Tá eagla orm go mbeiḋ.	I fear we will.
Tá sé ag cur ṡneaċta.	It is snowing.
Tá sé 'sneaċta go tiuġ.	It is snowing fast.
Rinne sé sneaċta aréir.	It snowed last night.
Ní ḋéanann sé mórán sneaċta i nÉirinn.	It does not snow much in Ireland.
Siocann sé.	It freezes.
Tá leac oiġre ann.	There is ice.
Tá an leac oiġre tiuġ.	The ice is thick.
Tá an aḃainn reóiḋte.	The river is frozen.
Sioc liaṫ.	Hoar frost.
Tá an leac oiġre 'leáġaḋ.	The ice is melting.
Fliċ-ḃáisteaċ.	Drizzling rain.
Tá sé salaċ.	It is dirty.
Tá an sneaċta 'leáġaḋ.	The snow is melting.
Ní deas an áit é le siuḃal.	It is not a nice place to walk.
Tá na cloċa sleaṁain.	The stones are slippery.
Naċ gaoṫṁar é.	Is it not windy.
Tá an ġaoṫ an-láidir.	The wind is very strong.
Tá an ġaoṫ aṫruiġṫe.	The wind is changed.
Tá an ġaoṫ ag éirġe.	The wind is getting high.
Tá an ġaoṫ 'lagan.	The wind is coming down.
Mear tú 'mbeaḋ sé i n-aruiġeaċt dul go hÁrainn?	Do you think will it be sailable for Aran?
Beiḋ i mbáraċ, lé congnaṁ Dé.	It will to-morrow, with God's help.
Ḃfuil sé 'ḃfad ó ḃí an t-Aṫair Seaġán i n-Inis-meaḋoin?	Is it long since Father John was in Inismeadhoin?
Tá sé trí seaċtṁainí.	It is three weeks.
Agus raiḃ aon Aifreann ann ó ṡoin?	And was there Mass there since?
Ní raiḃ.	No, there was not.

Go sáḃáile Dia sinn, naċ fiaḋáin an áit é!	God save us, what a wild place it is!
Is fiaḋáin, aċt ní'l aon leiġeas air.	It is wild, but it cannot be helped (there is no cure for it).
Cé hé an Sagart Paráiste atá i nÁrainn?	Who is the Parish Priest in Aran?
An t-Aṫair Muirċeartaċ Ua Fearaċair.	Father Murtagh O'Faragher.
Ḃfuil teanga ṁaiṫ Ġaeḋilge aige?	Has he a good Irish tongue (tongue of Irish)?
Go deiṁin atá. Tá sí ar a ċoṁairle féin aige.	Indeed he has. He has it at will.
An fear maiṫ do na daoine é?	Is he a good man for the people?
Ní raiḃ sé i n-Árainn le mo linn-se ċoṁ maiṫ, aċt an t-Aṫair Míċeál Ua Donnċaḋa.	No better man came to Aran in my time, except Father Michael O'Donoghue.
'Mbíonn aon eagla ar an Aṫair Muirċeartaċ roiṁe an ḟairrge?	Does Father Murtagh be afraid of the sea?
Go deiṁin ní ḃíonn; ní'l fios aige céard é.	Indeed he does not; he does not know what it is.
Is fear maiṫ fairrge é.	He is a good seaman.
Ní'l sé le faġáil níos fearr.	His equal couldn't be found (you couldn't find better).
Ḃfuil sé i n-ann iomraḋ?	Can he row? Is he able to row?
Tá go deiṁin, agus ábalta ar ḃád nó corraċ a gáḃáil freisin.	Indeed he is, and able to steer a boat or canoe likewise.
Tá an lá fuar.	The day is cold.
Tá sé an-ḟuar.	It is very cold.
Tá sé an-ḟuar do'n tsaoġal.	It is very cold entirely.

Tá mé ar creaṫaḋ le fuaċt.	I am shaking (perishing) with the cold.
Tá mé préaċtaí leis an bfuaċt.	I am perished with the cold.
Bfuil barr-léire ort?	Are you benumbed?
Tá fuar-niṁe ort.	You are in pain from benumbness.
Tá an aimsir fuar tirm.	The weather is cold and dry.

An Uair. — THE HOUR.

Cé'n clog é?	What o'clock is it?
Bfuil fios agad cé an t-am é?	Do you know what time it is?
Innis dom, má 'sé do ṫoil é, cé an t-am é.	Tell me, if you please, what time it is.
Tá sé go díreaċ a haon.	It is exactly one o'clock.
Tá sé a haon a ċlog.	It is one o'clock.
Tá sé tar éis a haon.	It is after one.
Buail sé an buille anois.	It struck one now.
Tá sé ceaṫraṁa tar éis a haon.	It is a quarter past one.
Tá sé leaṫuair tar éis a haon.	It is half-past one.
Tá sé i bfoisgeaċt fiċe nóiméad do'n dó.	It is within twenty minutes to two.
Is beag naċ bfuil sé an dó.	It is almost two.
Buail sé an dó anois.	It struck two now.
Tá sé cúig nóiméad tar éis an dó.	It is five minutes after two.
Ní'l sé aċt a trí a ċlog.	It is only three o'clock.
Ní'l sé an trí fós.	It is not three yet.
Tá sé tuairim an trí 'ċlog.	It is about three o'clock.
Tá sé suas agus anuas leis an trí.	It is close on (*lit.* up and down) three now.
Ní'l sé deireannaċ.	It is not late.

Tá sé níos deireannaiġe ná mar ṡíl mé.	It is later than I thought.
Níor ṡíl mé go raiḃ sé ċoṁ mall 'san lá.	I did not think it was so late in the day.
Tá sé ċúig nóimint fiċead do'n trí.	It is twenty minutes to three.
Tá sé an dó-ḋéag (meaḋón an lae).	It is twelve o'clock (middle of the day.)
Tá sé an dó-ḋéag 'san oiḋċe (lár na h-oiḋċe).	It is twelve o'clock (middle of the night).
An uaireadóir maiṫ é sin agad?	Is that a good watch you have?
'Gcoinniġeann sé an t-am go maiṫ?	Does it keep good time?
Cé an t-am é, a deir tú?	What time is it, did you say?
Ceaṫraṁa tar éis a seaċt.	A quarter past seven.
Dtiucfaiḋ tú 'un dínnéir liom-sa i mbáireaċ?	Will you come to dinner with me to-morrow?
Cé an uair?	What time?
Ag a dó 'ċlog.	At two o'clock.
Eidir an dó agus an trí.	Between two and three.

An t-Am. — THE TIME.

Indiu.	To-day.
An lá.	The day.
An lá ar fad (an lá go léir.)	The day entirely (the whole day).
An ṁaidin.	The morning.
An ṁaidin ar fad.	The morning entirely (the whole morning).
An tráṫnóna.	The evening.
An tráṫnóna ar fad.	The evening entirely, the whole evening
An ṁaidin seo.	This morning.
I mbáireaċ (i mbáraċ).	To-morrow.

Ar maidin i mbáireaċ.	To-morrow morning.
Indé.	Yesterday.
Arṁa indé.	Ere-yesterday (the day before yesterday).
An lá roiṁe.	The day before.
Ḋá lá ó ṡoin.	Two days ago (since).
An tseaċtṁain seo ċuaiḋ ṫarainn.	The past week.
Coicṫiġis ó ṡoin.	A fortnight ago.
Tá sé trí seaċtṁainí ó ṡoin.	It is three weeks since.
Timċeall an ama sin.	About that time.
An ṁí seo ċuaiḋ ṫarainn.	The past month.
An ḃliaḋain i n-uraiḋ.	Last year.
An ḃliaḋain seo ċugainn.	The coming year.
Faoi Nodlaig.	At Christmas.
Faoi Ċáisg.	At Easter.
Meaḋon an tSaṁraiḋ.	Mid-Summer.
An ráiṫe seo ċugainn.	The next quarter.
Faoi ċeann míosa.	In a month's time.
An ċéad lá do'n ṁí.	The first day of the month.
An dara lá nó an tríoṁaḋ lá do'n ṁí seo ċugainn.	The second or third (day) of next month.
An lá deireannaċ do'n ṁí.	Last day of the month.
I ndeireaḋ na míosa.	At the end of the month.
Timċeall lár an Ṁárta.	About the middle of March.
Cé an ṁí 'ḃfuil muid (sinn) innti ?	What month is this we have (or are in) ?
Cé an lá do'n ṁí é ?	What day of the month is it ?
Indiu an cúigeaḋ lá déag.	To-day is the fifteenth.
I gceann coicṫiġise.	In a fortnight's time.
An tseaċtṁain seo ċugainn.	Next week.
I gceann seaċtṁaine.	In a week.
Seaċtṁain ó indiu.	This day week } (time to
Coicṫiġis ó indiu.	This day fortnight } come).
Seaċtṁain 's an lá indiu.	This day week } (time
Coicṫiġis 's an lá indiu.	This day fortnight } past).

Ó lá go lá.	From day to day.
Lá éigin.	Some day.
Laeṫeaṁail.	Daily.
Gaċ uile lá.	Every day.
Gaċ aon dara lá.	Every other day.
Gaċ aon tríoṁaḋ lá.	Every third day.
Go minic.	Often.
I gcoṁnuiḋe.	Always.
Go hannaṁ.	Seldom.
Ariaṁ—go deo.	Never.

IONGANTAS A ĊUR I N-UṀAIL. — TO EXPRESS ASTONISHMENT.

Ċuir tú iongnaḋ orm.	You surprise me.
Cé an t-iongnaḋ?	What astonishment (wonder)?
An féidir é?	Is it possible?
An ndeir tú liom é?	Do you tell me so?
Tá iongnaḋ mór orm.	I am greatly astonished.
Ní ċreidim é.	I do not believe him.
Cé an ċaoi 'ḃféadfaḋ sé beiṫ.	How can that be?
Ní ḟéadfaḋ sé beiṫ.	It cannot be.
Ní ṫuigim cé an ċaoi 'ḃféadfaḋ sé.	I cannot think how.
Tá iongnaḋ orm 'na ṫaoḃ.	I am surprised at it.
Cuireann sé iongnaḋ an doṁain orm.	It quite surprises me.
Cé ċuiṁneoċaḋ air sin anois?	Who would have thought of that now?
Is aisteaċ an sgéal é.	It is a strange story.
Is an-aisteaċ é.	That is very strange.
Is aisteaċ an gnó é seo.	This is a strange business.
Ní ḟéadfainn innsint duit.	It is inexpressible.
Ní ḟéadfaḋ do ċuṁaċta cuiṁniuġaḋ air.	You cannot form any idea of it.

Cé ċreidfeaḋ é?	Who would have believed it?
Cé ċuimneoċaḋ air?	Who would have thought of it?
'Seaḋ, ndeir tú liom é?	What! do you tell me so?
Níor ċualaiḋ mé riaṁ a leiṫide.	I never heard the likes of it.

Ag deanaṁ bród as ——. — TO EXPRESS ADMIRATION.

Tá sé sin go deas.	That is nice.
Tá sé sin go han-deas.	That is very nice.
Tá sé go h-áluinn.	It is beautiful.
Is iongantaċ an rud é.	It is a wonderful thing.
Is iongantaċ ar fad an rud é.	It is a wonderful thing entirely.
Naċ slíogṫa!	How graceful!
Tá iongnaḋ an doṁain fós orm.	I am great surprised yet.
Naċ é an t-iongantas é!	It is not a wonder!
Ní ḟaca mé riaṁ aon rud ċoṁ deas leis.	I never saw anything to equal it (as nice as it).
Ní ḟaca muid (sinn) ariaṁ aon níḋ ċoṁ deas.	I never saw anything so nice.
Ní ṫagann aon níḋ i ngoire ná i ngaobar dó.	Nothing comes next or near it.
Is áluinn é.	It is beautiful.
Is cuma céard déarfaiḋe, níor ḃ'ḟéidir cur síos ar a ḋeiseaċt.	No matter what would be said, it would be impossible to tell of its beauty.

Aiṁreas a ċur i gcéill. — TO EXPRESS PROBABILITY.

B'ḟéidir é.	It may (or might) be.
B'ḟéidir go mbeaḋ sé mar sin.	It is very probable.

Ní ḃeaḋ aon iongnaḋ orm 'na ṫaoḃ.	I should not wonder at it.
Ní ċuirfeaḋ sé aon iongnaḋ orm.	It would not surprise me.
Ḃí súil agam leis.	I expected it (or him).
Ḃí súil agam léi anoċt.	I expected her to-night.
Ní'l aon iongnaḋ orm 'na ṫaoḃ.	I do not wonder at it.
Ní ċuireann sé iongnaḋ ar biṫ orm.	It does not surprise me in the least.
Ní'l aon aiṁreas air.	I do not doubt it.
Féaċann sé nádúrṫa.	It appears natural.
Ní aon iongnaḋ.	No wonder.
Tá sé nádúrṫa.	It is natural.
Tá sé so-ṫuigse.	It is easily understood.
Ṫuitfeaḋ sé amaċ.	It might happen.
Ní ċuirfiḋ sé iongnaḋ ar aon duine.	It will not surprise anybody.

BRÓN. — SORROW.

Tá brón orm 'na ṫaoḃ. Tá aṫṁéal orm mar ġeall air.	I am sorry for it.
Tá an-ḃrón orm 'na ṫaoḃ.	I am very sorry for it.
Tá an-ḃrón ar fad orm.	I am very sorry entirely.
Is brónaċ an sgéal é.	It is a sad story.
Is brónaċ an rud é.	It is a sad thing.
Naċ orainn ḃí an mí-áḋ!	How unfortunate we were!
Naċ é an mí-fortún é?	Isn't it a misfortune?
Cé an brón?	What sorrow?
Tá gaċ níḋ caillte anois.	All is lost now.
Naċ mór an feall a rinneaḋ air.	What deceit was played on him.
Is mór go deiṁin.	It was, indeed.
Tá truaiġe agam ḋó.	I have pity for him.
Is díol truaiġe é.	He is to be pitied.

Tá gaċ uile ḋuine in' aġaiḋ anois.	Everybody is against him now.
Ní'l an oiread is aon ċaraid amáin aige.	He hasn't even (as much as) one friend.
Tá gaċ níḋ teaċt 'na ċoinne.	Everything seems to be coming (or conspiring) against him.
Cuirfiḋ sé an donas air.	It will bring misfortune on him.
Brisfiḋ sé an croiḋe ann.	It will break the heart in him.
Creidim naċ ḃfuil aon neart air anois.	I suppose it cannot be helped now.

Mí-Ṡástuiġeaċt. — DISPLEASURE.

Ó mo náire!	O shame!
Naċ mór an náire é!	What a great shame it is!
Tá sé go feallṫaṁail.	It is treacherous.
Cuireann sé duine a' creaṫaḋ.	That makes one shudder.
Cuireann sé an ġruaig 'na seasaṁ ar do ċeann.	It makes one's hair stand on end.
Céard ṫáinig air ċor ar biṫ?	What came over him at all?
Ċaill sé a ċiall.	He lost his sense.
Tá tú 'dul amuḋa.	You are wrong (you are going astray).
Mo náire ṫú.	Shame on you.
Buḋ ċeart duit náire ḃeiṫ ort.	You ought to be ashamed of yourself.
Naċ ḃfuil aon náire ort?	Are you not ashamed?
Cad ċuige naċ ndearna tú sin?	Why did you not do so?
Tá tú ion-ċasaoide.	You are to be blamed.
Tú féin is ciontaċ.	You yourself are to blame.
Ní'l mé sásta leat.	I am not pleased with you.
Ní'l aon foiġid agam leat ċor ar biṫ.	I have no patience with you at all.

Bí socair. Bí ciúin.	Be quiet.
Ná bí droċ-ṁúinte.	Do not be impertinent.
Ná freagair.	Do not reply.
Ná déan níos mó é.	Do not do so any more.
Ná bí 'cúl-ċaint.	Do not be backbiting.
Taḃair aire ḋuit féin anois, má tá an t-áḋ ort.	Mind yourself now, if you are lucky (know what's good for you).
Ní fearóċaiḋ mé an obair seo níos fuide.	I will not suffer this any longer.
Béiḋ sé agam.	I will have it.
Caiṫfiḋ sé beiṫ agam.	I must have it.
Cuiṁniġ ar céard tá mé 'ráḋ.	Remember what I am saying.

Fearg. — ANGER.

Tá fearg orm.	I am angry.
Tá an-ḟearg orm.	I am very angry.
Tá mé mí-ṡuaiṁneaċ.	I am dissatisfied.
Tá mé mí-ṡuaiṁneaċ indiu.	I am dissatisfied to-day.
Tá mé crosta.	I am cross.
Ní'l mé sásta.	I am not satisfied.
Ní raiḃ a leiṫid d'ḟearg ariaṁ orm.	I was never before so angry.
Cuireaḋ fearg ṁór orm.	I was greatly vexed.
Tugaḋ masla mór dom.	I was highly insulted.
Ní féidir maiṫeaṁnas taḃairt ḋó mar ġeall ar an masla.	It is impossible to forgive him for the insult.
Ḃí fearg an doṁain air.	He was very angry.
Ḃí sé as a céill.	He was out of his senses (mad).
Ní féadfaḋ sé cosg (nó srian) a ċur ar a ċuid feirge.	He could not restrain his rage.

Ḃí cúṫaċ feirge air.	He was mad with rage.
Ní raiḃ fios aige céard ḃí sé ráḋ.	He did not know what he was saying.
Taḃair maiṫeaṁnas ḋó.	Forgive him.
Caiṫfiḋ tú é ṁaiṫeaṁ ḋó.	You must forgive (it) to him.
Ḋéanfainn, dá ngaḃaḋ sé leiṫsgéal ceart.	Yes, if he make a proper apology.
Muna ndéanaiḋ, ní laḃairfeó' mé arís go deó leis.	If not, I will never speak to him again.
Maiṫ ḋó anois é ⁊ bíġiḋ muintireaċ.	Forgive him now, and (you or ye) be friends.
Déanfaiḋ sin, glacfaiḋ mé do ċoṁairle; ar ṁaiṫe liom atáir.	That will do, I will take your advice; you are for my good.

SÁSTUIĠEAĊT A ĊUR I N-UṀAIL. — TO EXPRESS SATISFACTION.

Dia go deó leat.	May God always favour you (*lit.*).
Mo ġrinn go deó ṫú.	You are my love for ever (*lit.*).
Mo ġrinn croiḋe ṫú.	You are the love of my heart (*lit.*).
Nár lagaiḋ Dia ṫú.	May God not weaken you (*lit.*).
Bíoḋ misneaċ agad.	Have courage.
Go neartuiġiḋ Dia leat.	That God may strengthen you.
Saoġal fada le séan ċugat.	Long life may be your portion.
Fad saoġail ċugat.	Long life to you.
Tá go maiṫ.	That is good (that will do).
Go h-áluinn.	Beautiful.
Is bróḋaṁail an duine anois mé.	I am a proud man now.

Tá mé sásta anois.	I am satisfied now.
Tá sástuiġeaċt mór in m'inntinn ó ċualaiḋ mé sin.	I am much satisfied in my mind since I heard that.
Ní féadfainn cur síos duit ar an ríṁéad atá orm.	I am happy beyond expression.
Cuireann sin áilleaċt orm.	That delights me.
Ní raḃas ariaṁ ċoṁ sásta.	I was never before so pleased (delighted).
Is maiṫ liom gur ṗósais bean ṁaiṫ.	I am glad you married a good wife.
Go mairiḋ tú do nuaiḋeaċt.	May you live your news (*lit.*).
Go raiḃ siḃ araon i ḃfad i ḃfoċair a ċéile, má's é toil Dé é.	That you may both live long together, if it is God's will.
Tá bród orm é ċloistint.	I am proud to hear it.
Cuireann sé an-áṫas orm é ċloisint.	It gives me pleasure to hear it.
Tuiteann gaċ rud amaċ mar baḋ ṁian liom.	Everything happens as I wish.
Ní'l aon niḋ eile ó Neaṁ anuas uaim.	I have nothing more under Heaven to desire.
Tá gaċ rud agam is mian liom.	I have everything I wish.
Tá mé an-tsásta.	I am very satisfied.
Ní raiḃ fios agam cad í an tsástuiġeaċt gur ṗós mé.	I did not know what happiness meant until I married.

CARṪANNAS ⁊ TRUAIĠE. — CHARITY AND PITY.

Sin é mo ċara.	That is my friend.
Tá gráḋ agus gean agam air.	I esteem and love him.
'Sé an caraid is fearr atá agam é.	He is the best friend I have.

Támuid (sinn) an-ṁór le céile.	We are very great with each other.
Tá gean aige-san orm-sa.	He has esteem for me.
Is deacair sinn a sgaraḋ ó ċéile.	It is hard to separate us.
Tagann muid(sinn) le ċéile.	We agree well.
Is minic a ṫaisbáin sé gur cara maiṫ é.	It is often he has shown himself a good friend.
Tá dóċas agam naċ sgaramuid ó ċéile go bráṫ.	I hope we will never part from each other.
Ṫáinig gean agam air an ċéad am casaḋ ar a ċéile muid (sinn).	We esteemed each other from the first time we met.
Ḃí an oiread do ġráḋ againn ar a ċéile is dá mbeimís 'nar ndearḃbráṫaireaċa.	We love each other as if we were brothers.
Ní'l aon rún eadrainn.	There is no secret between us.
Ní ḃíonn rún ag duine againn naċ n-innseann sé do'n duine eile.	None has a secret but what we tell each other.
Ḋéanḟainn rud ar biṫ dó.	I would do anything for him.
Agus buḋ ḟiú é é.	And he was worth it.
Is láġaċ an cailín óg í sin.	That is a very estimable girl.
Buḋ ḋual máṫar di é.	It was kind mother for her.
Is aici ḃí an ḃean do ṁáṫair buḋ ḋeise agus buḋ ġleoite ċonnaic mise riaṁ.	Her mother was one of the finest ladies I ever met.
Croiḋe na féile ḃí innti; beannaċt Dé le n-a h-anam.	She was a generous soul; Lord have mercy on her.
Ámén, a Ṫiġearna.	Amen, my Lord.

Mío-ṫaiṫneaṁ.	AVERSION.
Ní ṫaiṫneann an fear sin liom.	I do not like that man.
Tá gráin agam ar an ḃfear sin.	I detest that man.
Ní luġa 'r liom 'ná an mí-áḋ é. Ní luġa 'r liom é 'ná an sioc. Ní luġa 'r liom é 'ná an donas.	I cannot bear him.
Ní'l aon ṁúnaḋ air.	He has no manners (he is unmannerly).
Nać gránna an cúntanús atá aige.	What repulsive countenance he has.
Ní'l cúntanús maiṫ aige. Ní'l deaġ-ċúntanús aige.	He hasn't a pleasing countenance.
Ní ḟéaċann sé go deas.	He does not look prepossessing.
Tá rud éicint 'easbaiḋeaċ 'na ċuid cainte.	There is something lacking in his address.
Ní ḟéadaim mo ġráin air a ċongḃáil agam ḟéin. Ní ḟéadaim an ġráin atá agam dó ċongḃáil agam ḟéin.	I cannot restrain (keep to myself) the aversion I feel for him.
Ní'l ḟios aige cad é síḃéaltas.	He has no idea of politeness.
Tá sé mí-ṁúinte le gaċ duine.	He is disrespectful towards everybody.
Ní ḟéidir teaċt leis.	It is impossible to get along with him.
Tá gráin ag gaċ duine air.	Everybody hates him.
Ḟéaċaim gan teaċt 'na ġaoḃar.	I try to avoid him (not to come near him).
Ḋéanfaḋ sé tuirseaċ ṫú.	He would make you tired.
Laḃrann sé 'gáirsaṁail.	He talks smutty.
Tá sé an-áiḋḃéileaċ.	He talks most extravagantly.

AOIS.	AGE.
Cé an aois tú?	How old are you?
Beiḋ mé ceaṫair déag an ṁí seo ċugainn.	I shall be fourteen this coming month.
Is gearr go mbeiḋ mé ceaṫair déag.	Soon I will be fourteen.
Tá mé cúig fiċead.	I am twenty-five.
Cé an aois atá ag t' aṫair?	How old is your father?
Cé an aois do ḋearbráṫair anois?	What is your brother's age now?
Ní'l sé fiċe bliaḋain fós.	He is not twenty years yet.
Ní'l sé i n-aois fós.	He is not of age yet.
Meas tú cé an aois an páisde sin?	How old do you think that child is?
Ní'l sé aċt cúig bliaḋna.	He is only five years.
Is mór an malraċ d'á aois é.	He is a big child for his age.
Cé an aois a ḋeirbṡiúr?	How old is his sister?
Tá sí oċt déag.	She is eighteen.
Ó! is gairid go mbeiḋ sé in' am pósta aici.	Oh! it will soon be time for her to marry.
Ndoṁnaċ is gearr (gairid).	Indeed it will.
Ní'l sí fós fiċe bliaḋain.	She is not yet twenty years.
Ḃí sí fiċe bliaḋain indé go díreaċ.	She was twenty last week exactly.

OCRAS.	HUNGER.
Tá ocras orm.	I am hungry.
Tá an-ocras orm.	I am very hungry.
Airiġim mo ġoile a' feaḃsuġaḋ.	I feel I am getting a better appetite.
Tá goile maiṫ agam.	I have a good appetite.
Tá mé 'fáġail báis leis an ocras.	I am dying with hunger.
Tá mé básuiġṫe leis an tart.	I am dead with thirst.

Ól rud éigin.	Drink something.
Cad ólfas tú?	What will you drink?
Tá tart orm.	I am thirsty.
Taḃair ḋom deoċ, má 'sé do ṫoil é.	Give me a drink, if you please.
Taḃair ḋom gloine bainne (uisge, fíona, beoraċ, leanna.)	Give me a glass of milk (water, wine, beer, ale).
Tá mé an-tuirseaċ.	I am very tired.
Tá mé tugṫa.	I am exhausted.
Tá mé fuar.	I am cold.
Tá mo láṁa fuar.	My hands are cold.
Tá mé te.	I am hot (warm).
Tá codlaḋ orm.	I am sleepy.

CODLAḊ. — SLEEP.

Tá an-ċodlaḋ orm.	I am very sleepy.
Feicṫear ḋom go gcodlóġa mé go maiṫ anoċt.	I feel I will sleep well to-night.
Tá mé ṫart leis an gcodlaḋ.	I am overcome with sleep.
Buḋ ṁaiṫ liom dá mbeiḋinn ar an leabaiḋ.	I would like if I were on my bed.
Ċodail mé go maiṫ.	I slept well.
Níor ċodail mé go ró-ṁaiṫ.	I did not sleep very well.
Ní ḟéadaim tuitim 'mo ċodlaḋ.	I cannot fall asleep.
Níor ḋún mé mo ṡúile ar feaḋ na h-oiḋċe.	I did not close my eyes during the night.
Níor leag mé mo ṡúile ar a ċéile le seaċtṁain.	I did not sleep a wink for a week.
Ní'l fios agam cad a ḋéanfas mé.	I do not know what I will do.
Ní féidir liom déanaṁ níos fuide gan codlaḋ.	I cannot get along any longer without sleep.

NUAIḊEAĊT.	NEWS.
Ḃfuil aon nuaiḋeaċt agad?	Have you any news?
Ḃfuil aon sgéal nuaḋ agad?	Have you any news (*lit.*, have you any new story)?
Ní'l, ní'l aon nuaiḋeaċt agam.	No, I have no news.
Ní ḟaca mé na páipéir.	I did not see the papers.
Ar léiġis an páipéar in-diu?	Did you read the paper to-day?
Léiġeas.	I did.
Cé an páipéar é ḟéin?	What paper is it?
An Claiḋeaṁ Soluis.	The Sword of Light.
Is maiṫ liom tú 'léiġeaḋ na Gaeḋilge.	I am pleased you read Irish.
Cé mar ṫaiṫniġeann an Claiḋeaṁ leat?	How do you like the "Sword"?
An-ṁaiṫ, go deiṁin.	Very well, indeed.
Naċ breáġ an cainteóir é Conán?	What a fine talker Conán is?
Is fíor do ṗort?	True for you (*lit.*, true your music).
Naċ deas uaiḋ cur síos ar an gcogaḋ.	How nice he can tell about the war.
Fuair mé níos mó eólais uaiḋ ná ó na sgríoḃneóirí Béarla go léir.	I got more news (knowledge) from him than all the English writers.
Ní taise le "Feargus Finn-ḃéil" é.	Feargus Finn-ḃéil is just as good.
Ní heaḋ. Tá a ṫeanga ar a ċoṁairle féin aige.	He is. He has his tongue at will.
Tugann an "Beirt Ḟear" mórán eólais dom ar ċúrsaiḋe an tsaoġail.	The "Two Men" gives me much news on the doings of the world.
Naċ maiṫ uaṫa caismirt a ḋéanaṁ ar gaċ níḋ.	How well they can criticise everything.
Is maiṫ go deiṁin.	Very well indeed.

Tá siad i n-ann cleaṁnas a ḋéanaṁ coṁ maiṫ le prátaí a ċur.	They are able to make a match as well as plant potatoes.
Ar léiġ tú Claiḋeaṁ na seaċtṁaine seo?	Did you read this week's Claiḋeaṁ?
Níor léiġeas.	I did not.
Ó, ċaill tú é, a ḋuine.	O, you lost it, my man.
Agus cé an barr nuaiḋeaċta ḃí ann?	And what special news was in it?
Ḃí caṫ mór eidir Seaġán ⁊ Pól.	There was a big battle between John and Paul.
Agus cé ġnóḋuiġ?	And who won?
Pól, a ṁic ó.	Paul, my son.
Go neartuiġiḋ Dia leis.	That God may strengthen him.
'Mó duine marḃuiġeaḋ? (Cia ṁéad duine marḃuiġeaḋ?)	How many were killed?
Trí ċéad ⁊ leónaḋ 600.	Three hundred and 600 wounded.
Meas tú an fíor é?	Do you think is it true?
Is fíor, maiseaḋ. Ṫáinig sé ṫríd an Riaġaltas.	It is indeed. It came through the Government.
Ar ċualaiḋ tú ó t'aṫair le gairid?	Did you hear from your father recently?
Níor ċualas.	I did not.
Ḃfuil sé i ḃfad ó sgrioḃ sé ċugad?	Is it long since he wrote to you?
Ní ḃfuair mé aon sgéala uaiḋ le mí.	I did not hear from him for a month.
Níor sgríoḃ sé ċugam le ciocṫiġis.	He did not write (to) me for a fortnight.
Tá súil agam le leitir 'faġáil uaiḋ indiu nó i mbáireaċ.	I expect a letter from him to-day or to-morrow.

DEARḂUĠAḊ.	AFFIRMATION.
Tá sé fíor.	It is true.
Tá sé fíor gur ——.	It is true that ——.
Mo léan; is fíor gur ——.	My sorrow; it is true that ——.
'Sí an fírinne ġlan í.	It is the real truth.
'Sí an fírinne í.	It is the truth.
Ní'l aon aiṁreas.	There is no doubt.
Ní'l aon rud ċoṁ cinnte.	Nothing more certain.
Innseó' gaċ uile ḋuine ḋuit é.	Everybody will tell you.
Tá fios ag an mbaile air.	The village knows it.
Ní sgéal rúin é ⁊ fios a ḃeiṫ ag triúr air.	It is not a secret and three knowing it.
'Sé an sgéal atá i mbéal gaċ duine é.	It is the story that's in the mouth of every one.
Ċualaiḋ mé tráċt air.	I heard tell of it.
Tá sé ins na páipéir.	It is in the papers.
Creid gaċ níḋ d'á ndéarfaiḋ mise leat.	Believe everything I tell you.
Dar m'ḟocal.	On my word.
Ċonnaic mé é.	I saw him.
Ċonnaic an fear sin é ċoṁ maiṫ liom-sa.	That man saw him as well as I.
Baḋ ṁaiṫ liom dá mbeaḋ sé aṁlaiḋ.	I should like it to be so.

IARRAIḊ.	ASKING.
A Ċuilm, innis sgéal dúinn.	Colman, tell us a story.
Ní'l aon sgéal agam. Dá mbeaḋ, ṫaḃarfainn.	I have no story. If I had, I would.
Go deiṁin, atá neart agad díoḃ.	Indeed, you have plenty of them.
Tosuiġ ort anois, má 'sé do ṫoil é.	Commence now, if you please.
Abair sgéal an Ġiolla Ṁaoil.	Say the Giolla Maol story.

Ní'l sé agam go maiṫ, aċt mar tá, ġeoḃfaiḋ tú é.	I do not know it well, but such as it is, you will get it.
A' nḋéanfaiḋ tú oibliogáid beag dom?	Will you oblige me a little?
Déanfad agus fáilte.	I will and welcome.
Innis dom.	Tell me.
A' n-innseóċtá dom má tá ——?	Would you tell me if ——?
A' n-innseóċtá dom cá ḃfuil ——?	Would you tell me where ——?
'Dtaḃarfá cead dom ——?	Would you give me permission to ——?
Glacaim párdún agat, má ċuir mé aon trioblóid ort.	I beg your pardon, if I troubled you any.
A' n-eiteó' tú mé?	Will you refuse me?
Beiḋ mé an-ḃuiḋeaċ ḋíot.	I will be very thankful to you.
Éist liom.	Listen to me.
Ní ḋéanfaiḋ mé dearmad go bráṫ ort.	I will never forget you.

Sláinte. — HEALTH.

Cé mar atá tú? Cia an nós a ḃfuil tú? Cia an ċaoi 'ḃfuil tú?	How are you?
Ḃfuil tú go maiṫ?	Are you well?
Tá súil agam go ḃfuil tú go maiṫ (go láidir).	I hope you are well?
Tá mé go maiṫ, slán go raḃair.	I am well, thank you.
Go maiṫ.	Well.
Tá mé go láidir.	I am strong.
Tá mé go h-áluinn.	I am beautiful.
Ní'l mé go maiṫ.	I am not well.

Ní'l mé go maiṫ ċor ar biṫ.	I am not well at all.
Céard 'tá ort?	What is the matter with you?
Ní airiġim go láidir.	I do not feel strong.
Tá mé lag lúbaċ.	I am weak and bending.
Bíonn pian ṁór in mo ṫaoḃ.	I have a big pain in my side.
Fuair mé fuaċt.	I caught cold.
Ġlac mé fuaċt.	I took cold.
Tá an slaġdán mór orm.	I have the influenza.
Tá mé a' creaṫaḋ.	I am shaking (shivering).
Ḃí mé a' creaṫaḋ ar feaḋ na hoiḋċe.	I was shivering all night.
Níor ḋún mé mo ṡúile aréir.	I did not close my eyes last night.
Tá slaġdán orm le seaċt-ṁain.	I have a cold for a week.
Tá mo ċluas ċlí boḋar aige.	My left ear is deaf because of it.
Níor ċodail mé go maiṫ le ḋá oiḋċe.	I did not sleep well for two nights.
Ḃfuil tú tinn i ḃfad?	Are you long sick?
Ar ṫóig tú aon leiġeas ar an slaġdán?	Did you take any medicine for the cold?
Mbíonn aon duine a' freastal ort?	Does anybody wait on you?
Ḃím a' casaċt ar feaḋ na h-oiḋċe.	I cough all the night.
Tá mé beagán níos fearr.	I am a little better.
Airiġim mé féin a' feaḃ-ruġaḋ.	I feel myself improving.
Tá tinneas cinn orm.	I have a headache.
Tá mo sgórnaċ tinn.	My throat is sore.
Tá doiġ fiacail orm (tá tinneas fiacal orm).	I have the toothache.
Tá an-ṗian in m'ḟiacail.	There is great pain in my tooth.
Tá fuaċt in mo ċeann.	There is a cold in my head.

Tá súil agam naċ fiú biorán é.	I hope it won't amount to anything (that it isn't worth a pin).
Ní fiú, le congnaṁ Dé.	It won't, with the help of God.
Tá dóċas agam gur gearr go mbeiḋ tú go maiṫ.	I hope that soon you will be all right.
Tá an-ḃrón orm faoi do ċuid tinnis.	I am very sorry because of your sickness.
Féaċann do ḋearḃráṫair go maiṫ.	Your brother looks well.
Tá dreaċ (nó gné) ṁaiṫ in' éadan.	His complexion is good.
Tá sé ċoṁ láidir le capall.	He is as strong as a horse.
Ní ḟéaċann a ṁac go maiṫ.	His son does not look well.
Ní'l sé ar ḟeaḃas fós.	He is not better yet.
Tá sé níos fearr indiu.	He is better to-day.
Tá bród orm é ċloisint.	I am glad to hear it.
Ní ṡílim go mairfiḋ sé i ḃfad.	I do not think he will live long.
Cé an sórt tinnis atá air?	What is he complaining of (what kind of sickness is on him)?
Pianta 'na ċaol-druim (pianta caoldromaċ).	Pains in his spine (spine disease).

SIUḂAL.	WALKING.
Cé an sórt bóṫar atá as seo go dtí ——?	What kind of road is there from here to ——?
Ḃfuil an bóṫar (ród, bealaċ) go maiṫ?	Is the road good?
Ḃfuil sé go dona?	Is it bad?
Tá sé go maiṫ.	It is good.
Ní'l sé ró-ḋona.	It is not very bad.
Tá an donas air 'san ngeiṁreaḋ.	It is the mischief in winter.

Tá sé maiṫ go leór an t-am seo do ḃliaḋain.	It is good enough this time of year.
Ḃfuil sé cloċaċ?	Is it stony?
Ḃfuil an bóṫar cuṁang nó leaṫan?	Is the road narrow or wide?
Ní'l sé cuṁang ná leaṫan.	It is neither narrow nor wide.
Tá sé leaṫan go leór.	It is wide enough.
Ní'l na bóiṫre go maiṫ ċor ar biṫ.	The roads are not good at all.
Ḃfuil tiġ ósta maiṫ leaṫ-taoḃ an ḃóṫair?	Is there a good inn (or hotel) by the roadside?
Tá.	Yes.
Tá, cuid go maiṫ agus cuid go dona.	Yes, some good and some bad.
Ḃfuil aon ċárr 'dul as seo go dtí ——?	Is there any car going from here to ——?
Tá, cárr an ṗosta.	Yes, the mail car.
Cé ṁéad a ċosnuiġeann sé as seo go ——?	How much does it cost from here to ——?
Leaṫ-ċoróin.	Half a crown.
Ó, naċ daor an marcaiġeaċt í!	O, isn't it an expensive drive!
Tá gaċ uile rud daor 'san áit seo.	Everything is dear in this place.
Agus cad ċuige sin?	And why is that?
Ní'l ḟios agam.	I do not know.
Mbíonn siḃ 'déanaṁ aon ḃraon do'n ṗoitín annso?	Do you make any drop of the poitín here?
Bíonn, anois agus arís.	Yes, now and again.
A' ḃféadfá cárt do ṡúġ an ġráinnín eórna ḟaġáil dom?	Could you get me a quart of the juice of the barley corn?
Is féidir.	I can.
Cé ṁéad is fiú é?	How much is it worth?
Trí sgilleaċa an cárt.	Three shillings a quart.
An braon maiṫ é?	Is it a good drop?
An braon is fearr ċuaiḋ in do ḃéal ariaṁ.	The best that ever went into your mouth.

Déanfaiḋ sin. Taḃair ċugam é.	That will do; bring it to me.
Seaċain na pílears.* B'ḟéidir go mbéarfaidís ort.	Beware of the Peelers. They might catch you.
Ó na sean-diaḃail ġorma. Is minic ólann siad féin é.	O, the blue-coated rascals. It is often they drink it themselves.

AN TRAEN.	THE TRAIN.
Cia aca seo an traen atá 'dul go Gailliṁ?	Which of these is the train going to Galway?
An í seo an traen go ——?	Is this the train to ——?
Cé an áit i gcaiṫfiḋ mé aṫruġaḋ go ——?	Where do I have to change for ——?
Tá leaṫuair le fuireaċt againn.	We have half an hour to wait.
Ḃfuil na suiḋeaċáin seo tógṫa?	Are these seats occupied?
A 'ḃfanfamuid i ḃfad annso? Deiċ nóiméad.	Will we remain here long? Ten minutes.
Naċ ḃfuil an traen seo déiḋeanaċ?	Isn't this train late?
Ḃfuil sliġe do ḋóṫain agat?	Have you room enough?
Ḃfuil áit ag beirt annsain?	Is there room for two there?
A' stadann an traen seo ag ——?	Does this train stop at —?
Cá stadfamuid ar dtús (i dtosaċ)?	Where will we stop first?
Tasbáin do ċuid ticéad.	Show your tickets.
Cé an stáisiún é seo?	What station is this?
Tá an áit seo ró-ṫe.	This place is too warm.

---

* Síoṫṁaoir.

Leig anuas an ḟuinneóg, má 'sé do ṫoil é.	Let down the window, if you please.
Cé an t-ainṁ atá ar an áit seo?	What is the name of this place?
Cá ḃfuilmid anois?	Where are we now?
Tá mé tuirseaċ (tá mé curṫa). Buḋ ṁaiṫ liom beiṫ 'san mbaile.	I am tired. I would like to be home.
Béimid ann anois i gceann leaṫuaire a ċluig.	We will be there now after another half hour.
Baḋ ċeart dúinn beiṫ ann fad ó.	We should be there long ago.
Támuid a' tarraint isteaċ ar Ġailliṁ anois.	We are nearing Galway now.
Cá raċaiḋ tú ar lóistín?	Where will you go to lodge?
Ní'l fios agam, cá raċaiḋ tú féin?	I do not know. Where will you go yourself?
Ní raiḃ mé i nGailliṁ fós ariaṁ.	I was never yet in Galway.
Sílim gur fearr dúinn dul go tiġ Nóra Ní Ċaṫáin mar tá fuagra aici 'sa' Ċlaiḋeaṁ Soluis. Caiṫfimid congnaṁ ṫaḃairt dóiḃ seo ṫaḃras congnaṁ dúinne.	I think it better to go to Nora Kean's, for she has an advertisement in the Claidheamh Soluis, and we must help those who help us.
A ṗóirtéara, beir ar mo ċuid málaí.	Porter, take my bags.
An iad seo iad? Ní h-iad, aċt iad seo.	Are these they? No, but these.
Tá dá ṁáilín láṁ ann agus builcín beag eile.	There are two hand-bags and a parcel.
Seo iad iad.	Here they are.
Taḃair suas ċoṁ fada leis an oifig iad, má 'sé do ṫoil é.	Bring them up as far as the office, if you please.
Tá oifig an teaċtaire teinntriġ annsin ṫall.	The telegraph office is over there.

Ní'l agam níos mó.	I have no more.
Glaoḋ ar ċárr.	Get (call) a car.
Cuir na málaí taoḃ amuiġ.	Put the bags on the outside.
Rinne mé dearmad ar aon beairtín amáin.	I forgot one little parcel.
Cé an uair a dtiucfaiḋ an ċéad traen eile?	When will the next train come?
Cá ḃfuil an cóiste?	Where is the carriage?
Abair leis tiomáint go dtí ——.	Tell him to drive to ——.
Ḃfuil an biaḋ-ṫeaċ seo costasaċ?	Is this hotel expensive?
An é seo an bealaċ go dtí ——?	Is this the way to ——?
Ní hé seo mo ċófra-sa.	This is not my trunk.
D'ḟág mé mo ṁála 'san traen.	I left my bag (valise) on the train.

Éadaċ. — CLOTHES.

Bróga.	Shoes.
Buataisí.	Boots.
Slipéirí.*	Slippers.
Stoca.	Stocking.
Stocaí.	Stockings.
Dirtéal.	Garter.
Léine.	Shirt.
Coiléar. / Búna.	Collar.
Cnaipe.	Button.
Cnaipí.	Buttons.
Culaiṫ éadaiġ.	Suit of clothes.
Bríste.	Trousers, breeches.
Bríste glún.	Knee breeches.
Casóg (cóta).	Coat.
Cóta mór.	Overcoat.

* Slipéidí, sgríobóga (bróga sgríbe), cuaráin, pampútaí.

Ḃáist-cóta.	Waistcoat.
Ḃeist, ḃeisteanna.	Vest, vests.
Hata, hataí. Bairéad, bairéid.	Hat, hats.
Tais-éadaċ.	A shroud.
Cáibín, cáibíní.	Slouched hat.
Cíor, cíora. Ráca cúil, rácaí.	Comb, combs.
Biorán, bioráin.	Pin, pins.
Biorán ḃrollaiġ, bioráin ḃrollaiġ.	Breast-pin, breast-pins.
Caraḃata, caraḃataí.	Cravat, cravats.
Clóca, clócaí.	Cloak, cloaks.
Fáinne, fáinní.	Ring, rings.
Braisléad, braisléadaí.	Bracelet, bracelets.
Brollaċ, brollaiġ.	Bosom, bosoms.
Caipín, caipíní.	Cap, caps.
Sgáṫ gréine, sgáṫaí gréine. Sgáilín, sgáilíní.	Sunshade (or parasol), sunshades.
Sgiaṫ fearṫainne, sgiaṫa fearṫainne. Sgáṫadóir, sgáṫadóirí.	Umbrella, umbrellas.
Fáisgeán, fáisgeáin.	Corset, corsets.
Gúna, gúnaí.	Frock (or dress), dresses.
Naipicín, naipicíní.	Handkerchief, handkerchiefs.
Naipicín póca, naipicíní póca.	Pocket handkerchief, pocket handkerchiefs.
Líonán, líonáin.	Lining, linings.
Muinċille, muinċillí.	Sleeve, sleeves.
Póca, pócaí.	Pocket, pockets.
Sparán, sparáin.	Purse, purses.
Cába, cábaí.	Collar (of coat), collars.
Láiṁín, láiṁíní.	Cuff, cuffs.
Miotóg, miotógaí.	Mitten, mittens.
Laṁainn, laṁainní.	Glove, gloves.
Scuab, scuaba.	Brush, brushes.
Scuaibín, scuaibíní.	Small brush, small brushes.

Scuab ḟiacal, scuaba fiacal.	Tooth brush, tooth brushes.
Scuab ġruaige, scuaba gruaige.	Hair brush, hair brushes.
Scuab éadaiġ, scuaba éadaiḋ.	Clothes brush, clothes brushes.
Snáṫ.	Thread.
Snáṫad, snáṫadaí.	Needle, needles.
Cró (colpa).	Eye of a needle.
Cró snáṫaiḋe móire.	Eye of a big needle.
Fáinne.	Ring.
Fáinne cluas.	Ear-ring.
Ribín.	Ribbon.
Lásaí.	Laces.
Hata tuiġe.	Straw hat.
Clúṁaċ struṫann.	Ostrich feathers.
Greanaḋ.	Embroidery.
Búcla.	Buckle.
Rós, salcraċa.	Rose, violets.

I SEÓMRA MNÁ UAISLE.	IN A LADY'S TOILET-ROOM.
Tá sé i n' am gléas ċun dínnéir, a ḃean uasal.	It is time to dress for dinner, madam.
Cé an t-am é, mar sin?	What time is it, then?
Ḃfuil sé ċoṁ déiḋeanaċ sin?	Is it that late?
Ḃfuil teine ṁaiṫ in mo ṡeómra?	Is there a good fire in my room?
Ḃfuil gaċ níḋ ullaṁ (no faoi réir)?	Is everything ready?
Cuir mo ċuid rudaí i dtoll a ċéile.	Put my things in order.
Tabair dom mo ċuid stocaí agus mo ġúna bán.	Get me my stockings and white dress.
Cíor mo ċeann go réiḋ.	Comb my hair gently.

Taḃair dom beagán uisge 'san mbáirín.	Bring me some water in the basin,
Cá ḃfuil an púdar bán?	Where is the white powder?
Cá ḃfuil an ġallúnaċ?	Where is the soap?
Cá ḃfuil mo sguaibín fiacal?	Where is my tooth brush?
Taḃair dom an púdar fiacal.	Bring me the tooth powder.
Teastuiġeann naipicín ⁊ tuḃáille uaim.	I want a handkerchief and towel.
Tá an sgaṫán seo salaċ; cumil é.	This looking-glass is dirty; rub it.
Taḃair dom siosúr.	Give me a pair of scissors.
Taḃair dom mo ċuid fáisgeáin.	Give me my corsets (stays).
Ní ḋéanfaiḋ an iall seo cúis.	This lace will not do.
Socruiġ mo ċuid gruaige go simpliḋe.	Dress my hair simply.
Déan cataċ ar mo ḃaiṫis í.	Curl it in front.
Buḋ ṁaiṫ liom mo ċuid gruaige ḋéanaṁ suas ar ṁoḋ ——.	I want to have my hair dressed in the —— style.
Ná déan aċt iompóḋ mo ġruaig suas ar mo ċúl le mo ċíor.	Merely turn up my hair behind with my comb.
Cé na bróga ṫug tú ċugam?	What shoes did you bring me?
Baḋ ṁaiṫ liom iad siúd a ḃí orm an lá faoi ḋeireaḋ.	I should like to have those I wore the other day.
Na cinn ḃána ṡíoda.	The white silk ones.
Taḃair dom péire stocaí corráin.	Bring me a pair of stockings.
Cé an gúna é seo?	What dress is this?
Taḃair dom an gúna síoda.	Give me the silk dress.
Cá ḃfuil mo ċoċall?	Where is my muff?
Mo ċuid miotógaí agus mo naipicín lín?	My mittens and linen handkerchief?

Tabair dom mo ċuid fáinní cluas.	Bring me my ear-rings.
Tá an cóiste ag an doras.	The carriage is at the door.
Tabair ċugam mo ċlóca agus mo ċoċall.	Bring me my cloak and muff.

Ag Dínnéar. — AT DINNER.

Tá an dínnéar ar an mbórd.	The dinner is on the table.
Téiḋmid isteaċ i seómra an iteaċáin.	Let me go into the dining-room.
Suiḋ i n-aice na mná uaisle seo, má 'sé do toil é.	Sit by this lady, if you please.
An t-anḃruiṫ an ċéad rud beiḋeas agaib, naċ hé, a ṁná uaisle?	Soup you will have first, ladies. Is it not?
Mbeiḋ anḃruiṫ agad-sa?	Will you have soup?
A' n-ólann tusa aon anḃruiṫ?	Do you take soup?
A' dtaiṫneann anḃruiṫ leat?	Do you like soup?
Mbeiḋ píosa éisg agad?	Will you have a little fish?
Go raiḃ maiṫ agad.	Thank you.
Beiḋ beagán mairtḟeóla rósta agam.	I will have a little roast beef.
Sílim go bḟuil sé go deas séiṁiḋ.	I think it is nice and tender.
Cé an ċuid de is fearr leat?	What part of it do you like?
Cé an ċaoi i ngearrfaiḋ mé é?	How will I cut it?
An maiṫ leat an ḟeoil beiṫ beagán aṁ?	Do you like it a little rare?
Baḋ maiṫ liom í beiṫ bruiṫte go maiṫ.	I like it well done.

Ní ṫaitneann sí liom-sa ró-ḃruiṫte.	I do not like it too well done.
Tá an ṁairtḟeoil seo an-réiṁiḋ.	This beef is very tender.
Caoirḟeoil.	Mutton.
Muicḟeoil.	Pork.
Feoil ġaḃar.	Goat meat.
Éanlaiṫ.	Poultry.
Laoiġḟeoil.	Veal.
Mairtḟeoil.	Beef.
Feoil ċoinín.	Rabbit meat.
Feoil ċearc.	Hen meat, fowl.
Tá an ċaoirḟeoil seo go deas ar fad.	This mutton is very nice entirely.
Mbeiḋ blúire beag agad?	Will you have a little slice?
Tá muicḟeoil agus sicín annso freisin.	There is pork and chicken here.
Blaisfe mé díoḃ ar fad (go léir), má 'sé do ṫoil é.	I will taste them all, if you please.
Féaċann siad go maiṫ.	They look excellent.
Mbeiḋ cuid do na h-éanlaiṫ seo agad?	Will you have some of this fowl?
Ní ḃeiḋ, go raiḃ maiṫ agad-sa, tosóġa mé leis an iasg.	No, I thank you; I shall begin with the fish.
Tá súil agam go ḃfuil sé deas úr.	I hope it is nice and fresh.
Ní furusda bradán ċoṁ maiṫ sin ḟáġail i nDoire.	It is difficult to find such fine salmon in Derry.
Gailliṁ an áit le haġaiḋ bradán.	Galway is the place for salmon.
An mblaisfe tú de?	Will you taste it?
Má 'sé do ṫoil é.	If you please.
Tá an crotaċ rósdṫa seo an-réiṁiḋ.	This roasted curlew is very tender.
A' dtaḃarfa mé eite ḋuit?	Shall I give you a wing?
An fearr leat an t-uċt?	Do you prefer the breast?
Seo súġ feōla ḋuit.	This is gravy for you.

Sín anuas an ṗriáil, má 's é do ṫoil é.	Hand down the sauce, if you please. Pass the sauce, if you please.
Cá ḃfuil na prátaí (no fataí)?	Where are the potatoes?
Naċ breáġ na fataí iad seo?	Aren't these fine potatoes?
An gairsgí iad seo.	Are these Champions?
'Seaḋ.	Yes.
Naċ ḃfeiceann tú na cótaí caiṫte ḋíoḃ.	Don't you see their jackets off?
'Dtearstuiġeann tuilleaḋ feóla ó aon ḋuine anois?	Does anybody want more meat now?
Ní ṫearstuiġeann.	No.
Tá faitċios orm go ḃfuil tú 'déanaṁ dearmaid ort féin.	I fear you are forgetting yourself.
Tá tú freastal ar gaċ uile ḋuine agus a' déanaṁ dearmaid ort féin.	You are waiting on everybody and forgetting yourself.
M'anam naċ ḃfuilim, mais. Tá mé 'déanaṁ go h-óg.	I am not, then. I am helping myself.
A' n-ólfa tú braon uisge beaṫa liom?	Will you drink a drop of whiskey with me?
Cé an cineál is fearr leat?	What kind do you prefer?
Cé an cineál ólfas tú?	Which will you drink?
Tá Seaġán Mac Séamais annseo againn agus fuisge an Ṗiarsaiġ.	We have John Jameson's here and Persse's.
Is fearr braon fíona ag tús mo ḋinnéir?	A drop of wine is better before dinner.
Gloine Burganḋí, má 's é do ṫoil é.	Glass of Burgundy, if you please.
Cé mar ṫaiṫniġeanns an fíon leat?	How do you like the wine?
Cé mar ṫaiṫniġeanns na creaḃair leat?	How do you like the partridges?

Céard do ṁeas ar na creaḃair?	What do you think of the partridges?
Tá siad rósdta go deas agus an blas ceart orra.	They are roasted nicely, and taste well.
Aṫruiġ an pláta seo. Beir ċugam pláta eile.	Change this plate. Bring me another plate.
Sgian agus picín.	Knife and fork.
Pláta.	Plate.
Spúnóg, má 'sé do ṫoil é.	A spoon, if you please.
Taḃair é seo do'n ṁnaoi uasail.	Give this to the lady.
Do'n ċailín óg é seo.	Give this to the young lady.
Cuidiġ leat féin.	Help yourself.
Baḋ ṁaiṫ liom dá n-innseóċtá dom cé an ċuid is fearr leat.	I wish you would say which part you prefer.
Céard a ḃéarfas mé ḋuit?	What will I give you?
Mbeiḋ caoirfeoil nó mairtfeoil agad?	Will you have mutton or roast beef?
I dteannta ċéile is fearr iad (beagán díoḃ araon).	They are better together (a little of both).
Seo gríscín deas séiṁiḋ.	This is a nice tender chop.
An maiṫ leat saill (néiṫ)?	Do you like fat?
Taḃair ḋom beagán do'n tairtfeoil, má 'sé do ṫoil é.	Give me some of the lean, if you please.
Beagán do gaċ cuid.	A little of both (a little of each share).
Ní'l aon trúġ agad.	You have no gravy.
Tá mo sáiṫ (ḋóiṫin) agam, go raiḃ maiṫ agad.	I have enough (plenty), I thank you.
Céard ḃeas agad le do ċuid feóla?	What do you take with your beef?
A' mbéarfaiḋ mé cóilis nó meacain duit?	Shall I help you to some cauliflower or parsnips?
Taḃarfa mé gearraḋ beag do'n ċeaṫraṁa ċaoirfeóla seo ḋuit.	I will give you a slice of this leg of mutton.

Tá sé lán le súġ.	It is full of gravy.
Blúire beag, má 'sé do ṫoil é.	A little slice, if you please
Tá an píosa sin ró-ṁór.	That cut is too big.
Déan dá leiṫ de.	Make two halves of it.
Leaṫ an méid sin.	Half that much.
An ndéanfaiḋ sin?	Will that do?
Go raiḃ maiṫ agat, tá mo ḋóiṫin annsain.	Thank you; that is sufficient.
Taḃair dúinn na horáistí.	Give us the oranges.
Cuir na gloineaċa ar an mbórd.	Put the glasses on the table.
An Sauterne nó Cláiréad ḃéarfas mé ḋuit?	Is it Sauterne or Claret I will give you?
Naċ deas iad na huḃlaí péineaċ seo.	These pine apples are nice; are they not?
Tá siad aibiḋ go ceart.	They are quite ripe.
Níor iṫ mé a saṁail ariaṁ.	I never ate the like before.
Ṡílfeá go ḃfuil siḃ réiḋ, a ṁná.	You seem to have finished, ladies.
Tá mé réiḋ le freastal oraiḃ anois.	I am ready to attend you now.
Béiḋ cupán caifé againn 'san ḃpárlúr.	We will take coffee in the parlour.

Ag Tae. — AT TEA.

Tá an tae ullaṁ (réiḋ).	The tea is ready.
A ṁná, céard is maiṫ liḃ?	Ladies, what would you like?
Beiḋ cupán caifé againn.	We will have a cup of coffee.
Cé mar ṫaiṫneann sé leat?	How do you like it?
An maiṫ leat milis é?	Do you like it sweet?
Ḃfuil sé láidir go leór?	Is it strong enough?
A' dtaḃarfaiḋ mé cupán tae ḋuit?	Shall I help you with a cup of tea?

Má 'sé do ṫoil é, a ḃean uasal.	If you please, madam.
Tá do ċuid tae go maiṫ.	Your tea is good.
Tae ṫar barr is eaḋ é seo.	This is the choicest tea.
Cár ċeannuiġ tú an tae seo?	Where did you buy this tea?
Ag Muinntir Ṁadagáin, i mB'l'Á'ṫ' Cliaṫ.	At Madigan Bros., Dublin.
Tá an tae is fearr d'á ḋíol i nÉirinn aca.	They sell the best tea in Ireland.
Tá siad 'na nÉireannaiġ ṁaiṫe freisin.	They are good Irishmen, too.
Naċ ḃfaca tú a ḃfógra 'san Ċlaiḋeaṁ Soluis?	Didn't you see their advertisement in the Claiḋeaṁ Soluis?
Tá 's ag mo ċroiḋe naċ ḃfacas (d'ar m'ḟocal ní ḟacas).	On my word, I didn't.
Ceannó' mise mo ċuid tae 'san teaċ sin as seo amaċ.	I will buy my tea there in future.
Má ġníonn tú, ní ḃeiḋ aon aiṫṁéala ort.	If you do, you will not be sorry.
Tá siad an-ċneasta 'na gcuid déileáil.	They are very honest in their dealings.
Sín agam (ċugam) an t-uaċtar, má 'sé do ṫoil é.	Hand me the cream, if you please.
Crait (buail) an clog, a Ṁáire.	Ring the bell, Mary.
Teastuiġeann tuilleaḋ uaċtair uainn.	We want more cream.
Tabair tuilleaḋ aráin agus ime againn (ċugainn).	Bring us more bread and butter.
Ḃfuil tú sásaċ ċeana?	Are you satisfied already?
Naċ mbéiḋ tuilleaḋ agad?	Won't you have any more?
Ní ḃeiḋ, slán a ḃeiḋir.	No, I thank you.
Go raiḃ maiṫ agad.	Thank you.
Ḃfuil tú cinnte anois?	Are you sure now?

Naċ mbeiḋ leaṫ-ċupán agat?	Won't you have half a cup?
Naċ mbeiḋ taosgán an ċupáin agat?	Won't you have the *taosgán* of the cup?
Ní ólaim níos mó 'ná cupán.	I do not take more than a cup.
Tóig na rudaí seo.	Take these things.
Ḃfuil sé milis go leór?	Is it sweet enough?
Ní'l, ní mór ḋom trí ċnap.	No; I need three lumps.
Sín a leiṫ an siúcrán.	Pass the sugar bowl.

Ag Bricfeast. — AT BREAKFAST.

Cé an t-am is féidir liom bricfeast ḟágail?	When can I have breakfast?
Am ar biṫ ó'n seaċt go dtí an naoi.	Any time from seven to nine.
Baḋ ṁaiṫ liom é ḟágail ar mo leabaiḋ (in mo seomra leabṫa).	I would like to get it in bed.
Mar is mian leat. Caifé, tae, nó cócó?	As you like. Coffee, tea, or cocoa?
Beinn buiḋeaċ ḋíot dá dtaḃarfá cupán eile cócó ḋom.	I would thank you for another cup of cocoa.
An féidir liom caifé ḟágail i n-ionad tae? Is fearr le mo ṁnaoi an caifé.	Can I get coffee instead of tea? My wife prefers coffee.
Ḃfuil an bricfeast réiḋ?	Is breakfast ready?
Ní'l fós (go fóill).	Not yet.
Níor ṫáinig na mná anuas an staiġre fós (go fóill).	The ladies did not come down stairs yet.
Tá an bricfeast ullaṁ.	Breakfast is ready.
Tá gaċ uile ḋuine i seomra an iṫeaċáin (an bíḋ).	Everybody is in the breakfast room.

Tá siad ag fanaṁaint leat-sa (feiṫeaṁ ort-sa)	They are waiting for you.
Tá mé 'teaċt anois díreaċ.	I am coming directly.
Glacaim (gaḃaim) ḃur bpárdún mar ġeall ar siḃ a ċonġḃáil ċoṁ fada.	I beg your pardon for having made you wait so long.
Ní ḟéadfainn a ṫeaċt níos túisge.	I could not come any sooner.
Céard a ḃéarfaiḋ mé ḋuit?	What shall I offer you?
Mbeiḋ tae nó caifé agad?	Will you have tea or coffee?
Tá caifé, tae, agus cócó againn.	We have tea, coffee, and cocoa.
Do roġain aca.	Your choice of them.
Cé aca is fearr leat?	Which do you like best?
Is fearr liom tae?	I prefer tea.
Ar ṁaiṫ leat cócó?	Would you like cocoa?
Is fearr liom caifé?	I prefer coffee.
Beiḋ caifé agam, má 'sé do ṫoil é?	I will have coffee, if you please.
Ḃfuil an tae milis go leór?	Is the tea sweet enough?
Ḃfuil an caifé láidir a ḋóiṫin?	Is the coffee strong enough?
Tá sé go deas.	It is nice.
Seo bulógaí (builíní, builḃíní) ḋuit.	Here are some rolls.
Seo arán te.	Here is hot bread.
An fearr leat arán te 'ná tirim?	Do you prefer hot (fresh) bread to dry (stale) bread?
Sín ċugam an t-im, má 'sé do ṫoil é.	Pass me the butter, if you please.
Agus an t-arán freisin.	And the bread, too.
A' dtaḃarfaiḋ mé cupán tae ḋuit?	Will I give you a cup of tea?
Tá an tae seo lag (tanaiḋe).	This tea is weak.
Ní'l sé láidir go leór.	It is not strong enough.

Is fearr liom lag é.	I prefer it weak.
Cá ḃfuil an siúcrán?	Where is the sugar bowl?
Ólaim gan siúcra é.	I drink it without sugar.
Mbeiḋ cupán eile cócó agad?	Will you have another cup of cocoa?
Ní ḃeiḋ, go raiḃ maiṫ agad.	Not any, thank you.
Tá mé buiḋeaċ ḋíot.	I am obliged to you.
Leig ḋom leaṫ-ċupán eile tae a ṫaḃairt ḋuit.	Let me send you one half cup of coffee.
Tá súil agam go dtaiṫneó' sé leat.	I hope you will like it.

Ag an mBearbóir.

AT THE BARBER'S.

Bearr mé, má 'sé do ṫoil é.	Shave me, if you please.
Ḃfuil do ċuid rásúirí go maiṫ?	Are your razors good?
Ḃfuil siad géar?	Are they sharp?
Cá ḃfuil an ḃáisín agus an ġallúnaċ?	Where is the basin and soap?
Ná gearr mé. Ná bain an croiceann díom, ar do ċluais.	Do not cut me, if you value your ear.
Bain an ġruaig díom.	Cut my hair.
Ba ṁaiṫ liom mo ċuid gruaige a ġearraḋ.	I would like to get my hair cut.
Ná gearr go dlúiṫ í.	Do not cut it too close.
Déan deaḃaḋ (deifir), má 'sé do ṫoil é.	Hurry up, if you please.
Cá ḃfuil mo ċuid cíor?	Where are my combs?
Go mín réiḋ.	Gently, nice and smooth.
Tá tú do mo ġortuġaḋ.	You are hurting me.
Anois, cuir cincíní in mo ċuid gruaige.	Now, curl my hair.
Téiḋ an tlú.	Heat the tongs.
Tá an tlú ró-ṫe.	The tongs are too hot.

Féaċ ar an bpáipéar ar dtús é.	Try it first on paper.
Ní luiġeann an cincín seo go maiṫ.	This curl does not set well.

Ag an Táilliúr. — AT THE TAILOR'S.

Tá duine annso ar maiṫ leis labairt leat.	There is a man here who would like to speak to you.
Cé hé féin?	Who is he?
Cé'n duine ar maiṫ leis labairt liom?	Who is it that wishes to speak with me?
An táilliúr.	The tailor.
Abair leis teaċt isteaċ.	Tell him to come in.
Ċuir mé fios ort go dtógfá mo ṁiosúr.	I sent for you to take my measure.
Teastuiġeann casóg (cóta) uaim.	I want a coat.
Teastuiġeann culaiṫ éadaiġ uaim.	I want a suit of clothes.
Tóg mo ṁiosúr.	Take my measure.
A' dtógfaiḋ tú mo ṁiosúr?	Will you take my measure?
Cé an sagas cóta ḋéanfas mé?	What style of coat will I make?
Mar ċaiṫtear anois iad.	As they are worn now.
'San bfaisiún is nuaiḋeaċta (déiḋeanaiġe, úire).	In the latest fashion.
Beiḋ beist agus bríste 'teastáil uaim freisin.	I want a vest and trousers, too.
Baḋ ṁaiṫ liom pátrún nó ḋó feiscint.	I would like to see a pattern or two.
Taisbáin pátrúin dom.	Show me patterns.
Bfuil siad agad annso?	Have you got them there?
Bíoḋ do roġain agad anois.	Have your choice now.
An éadaiġ Ġaeḋealaċ' iad seo?	Are these Irish cloths?

Maraḃ eaḋ, ní ċeannóġ' mé iad.	If not, I will not buy any.
Is náireaċ an rud do Éireannaċ ar biṫ gan éadaċ Gaeḋealaċ a ċaiṫeaṁ.	It is a shame for any Irishman not to wear Irish material.
Rinneaḋ gaċ ceann do na somplaí seo i nÉirinn.	Every one of these samples was manufactured in Ireland.
Ḃfuil tú cinnte ḋe?	Are you sure of it?
Cé an sórt líonáin ċuirfeas mé leis?	What kind of lining will I use?
Fágfaiḋ mé é sin agat féin, aċt bíoḋ sé Gaeḋealaċ.	I will leave that to yourself, but let it be Irish.
Cnaipí bána, creidim, ċuirfeas mé ionnta.	White buttons, I believe, you will use?
Má tá an daṫ feilteaċ do'n ċineál seo éadaiġ.	If the colour harmonises with this kind of cloth.
Ar ṁaiṫ leat cabail an ḃríste ḃeiṫ fada?	Would you like to have the waist long?
Ní maiṫ liom ró-ḟada ná ró-ġairid é; eidir eaturra.	I do not like it too long or too short; a happy medium.
Seo í do ċulaiṫ, a ḋuine uasail.	This is your suit, sir.
Is fear do t'ḟocal ṫú.	You are a man of your word.
Is maiṫ liom gur ċoinniġ tú t'ḟocal. Ní minic ḋéanann na táilliúirí sin.	I am glad you kept your word. 'Tis not often tailors do that.
Teastuiġeann siad uaim indiu.	I want them to-day.
Anois díreaċ is eaḋ ċríoċnuiġ mé iad.	Just now I finished them.
Ní'l sé aċt an deiċ a ċlog.	It is only ten o'clock.
Ġeall mé iad ḃeiṫ réiḋ roiṁe meaḋon an lae.	I promised to have them ready by noon.

Ní'l mé ag clamṁsán.	I am not complaining.
Tá súil agam go mbeiḋ tú sásta leo.	I hope you will be satisfied with them.
Foiġid go ḃfeáċa mé orm iad.	Wait until I try them on.
Seo, féaċ ort iad.	Here, try them on.
Foiġid go mbeiḋ fios agam má tá siad luiġte ceart.	Let me say if they fit well.
Luiġeann sí go deas ort.	It fits you nicely.
Tá sé beagán cúṁang faoi'n asgaill.	It is a little tight under the arm.
Naċ ḃfuil na muinċillí ró-ḟada?	Are not the sleeves too long?
Sin é an faisiún anois.	That is the fashion now.
Tá sé ró-ċuṁang.	It is too tight.
Sínfiḋ sé.	It will stretch.
Tá sé do mo ġearraḋ ar na guaillí.	It is cutting me on the shoulders.
Sílim go ḃfuil sé ró-ḟada.	I think it is too long.
Féaċann sé fada.	It looks long.
Tá ruic faoi na hasgaillí.	There are creases under the shoulder.
Cuir ort an ḃeist seo.	Put on this vest.
Ní'l an ḃeist seo déanta go maiṫ.	This vest is not well made.
Tá sí ró-ġairid.	It is too short.
Ní mór an ḃeist agus an cóta 'aṫruġaḋ.	The vest and coat must be altered.
Ní feicim go dteastuiġeann aon aṫruġaḋ uaṫa.	I do not see any alteration to make.
Ní féidir leat aon loċt ḟáġail air seo.	You cannot complain of this.
Ní'l aon loċt le fáġail air seo.	There is no fault to be found with this.
Féaċ 'san sgaṫán. Féaċ ar aġaiḋ an sgaṫáin.	Look in the glass.
Luiġeann sé go deas.	It fits well.

Ní adṁuiġeann táilliúirí go mbíonn aon loċt le fáġail ar a gcuid oibre féin.	Tailors never admit there is any fault to be found with their own work.
Ba ṁaiṫ liom cóta mór ḟáġail.	I would like to get an overcoat.
Tar i mbáireaċ agus tiuc-faiḋ an ḃeirt againn go dtoġfamuid an t-éadaċ.	Come to-morrow, and we will both come to select the cloth.

———

Ag an Éadaċóir (Éad-uiġṫeóir). — AT THE DRAPER'S.

Ba ṁaiṫ liom éadaċ a ċeannaċ.	I want to buy some cloth.
Cé an sagas éadaiġ atá uait?	What sort of cloth do you want?
Cé an luaċ?	At what price?
Cé an t-airgead ba ṁaiṫ leat 'íoc.	What price would you want to pay?
Tá éadaċ do gaċ uile luaċ againn.	We have cloth at all prices.
Taisbáin dom an cineál is fearr agad?	Show me the best quality you have.
An é seo an cineál is fearr?	Is this the best quality?
Cé an daṫ is fearr leat?	What colour do you prefer?
Taiṫniġeann an daṫ seo liom.	I like this colour.
Ḃfuil sé fairiúnta? *	Is it fashionable?
Bíonn duḃ agus gorm 'sa ḃfairiún i gcoṁnuiḋe.	Black and blue are always in fashion.
Taisbáin tuilleaḋ dom.	Show me some others.
Tá an daṫ seo ró-ḋorċa.	This colour is too dark.
Agus é seo ró-ḃán.	And this too light.

* "Mo ġúna craoḃaċ" = "my fashionable gown," in songs.

Tréigfiḋ an daṫ seo go luaṫ.	This colour will soon fade
Glacaim do ṗárdún, ní ṫréigfiḋ sé.	I beg your pardon, it will not.
Tá an t-éadaċ seo an-éadtrom.	This cloth is very light (weight).
Déanfaiḋ sé seo.	This will do.
Teastuiġeann áḋbar bríste uaim.	I want the makings of a pair of trousers.
Rud eicínt naċ saló' go luaṫ.	Something that will not get dirty easily.
A niġeas go maiṫ.	That washes well.
Taiṫniġeann sé seo liom.	I like this.
Céard atá tú 'iarraiḋ an tslat air?	What do you ask a yard for it?
An oiread seo.	So much.
An é sin an rud is luġa?	Is that the lowest?
Ní iarraim níos mó ná ṫógaim.	I do not ask more than I take.
Ní'l agam aċt aon ḟocal aṁáin.	I have but one price (*lit.* word).
Ní ḟéadfainn é ḋíol níos luġa.	I couldn't sell it for less.
Tá ḟios agad gur coisnim-éaraiḋe maiṫ mise.	You know that I am a good customer.
Sin í an ḟírinne, aċt, mar sin féin, ní ḟéadfainn é ḋíol níos luġa.	It is true, but I couldn't sell it for less.
Sgoilteaḋ muid (sgoil-timís) an diṫḃir.	Let us split the difference.
Tá sé agad ar an gcéad ċostas.	You have it at first cost.
Gearr trí slat dom.	Cut me three yards.
Cé ṁéad?	How much is it?
Seo ḋuit do ċuid airgid.	Here is your money.

I dTiġ an Ṗosta.	IN THE POST OFFICE.
Cá ḃfuil Teaċ an Ṗosta?	Where is the Post Office?
Glacaim párdún agad (do ṗárdún)—aċt a n-innseoċá ḋom cá ḃfuil Teaċ an Ṗosta.	I beg your pardon—Please tell me where the P.O. is?
An dara sráid taoḃ do láiṁe deise, 'san áit a ḃfeiceann tú an lampa uaiṫne.	The second street to the right, where you see the green lamp.
A' gcuirfeá mé i n-eolas a' ḃealaiġ ag(go) Teaċ a' Ṗosta, má is é do ṫoil é?	Would you tell me the way to the P.O.?
Suas ar t'aġaiḋ díreaċ, Sráid Uí Ċonaill (lean cnáiṁ do ṡróna).	Up straight before you, O'Connell Street.
A' ḃfuil litreaċa agad ḋom-sa?	Have you any letters for me?
Cé tú féin? Is mise——.	Who are you? I am——.
Ní ṫig linn Ní féidir linn Níor ṁaiṫ linn } litreaċa ṫaḃairt do ḋuine ar biṫ go mbeiḋ fios againn gurab é an fear ceart é (atá ann).	We cannot give letters to anybody, unless he is identified (until we know he is the right man).
Seo é mo ċárta.	This is my card.
Cé ṁéad stampaí ṫógsas (ṫóigfeas) an litir seo? (Cé ṁéad unnsa meaḋ-aċaint' an litir seo?)	How many ounces is this letter?
Taḃair ḋom stampaí air seo, má 'sé do ṫoil é.	Give me stamps for this, if you please.
Trí stampa 2½d. (ḋá ṗiġinn is leiṫ-ṗiġinn), ceiṫre ċárta posta, agus ḋá ċlúdaċ.	Three 2½, four postal cards, and two envelopes.

Taḃair stampa piġinn-go-leiṫ anois dom, má 's é do ṫoil é.	Give me 1½d. stamp, if you please.
Cé ṁéad a ċosnóċas an teaċtaireaċt teinntriḋe seo?	How much will this telegram be?
Baḋ ṁaiṫ liom cosdas an ḟreagra 'íoc.	I wish to repay the reply.
Baḋ ṁaiṫ liom dá gcuirfeá 'un bealaiġ í ar áit na mbonn (láiṫreaċ bonn).	I would like to have it sent immediately.
Cé ṁéad ċosnuiġeann sé litir a ċianċuiṁniuġaḋ (aṫċoiṁriuġaḋ)?	How much does it cost to register a letter?
Cé ṁéad do'n Ḟrainnc ⁊ do'n Spáinn?	How much to France and Spain?
Cé an uair imṫiġeann an posta {déiḋeanaċ / deireannaċ} go Baile Áṫa Cliaṫ?	When does the last post leave for Dublin?
Cé an tsráid a bḟuil an posta uirṫi?	What street is the P.O. on?
A 'dtasbáinfeá an bealaċ ḋom?	Would you show me the way?
Teastuiġeann uaim sgríoḃaḋ. Meas tú a' mbeiḋ mé i n-am ag an bposta?	I want to write. Do you think I will be in time for the post?

AIRGEAD. — MONEY.

Feóirling.	Farthing.
Leaṫ-ṗinginn, leiṫ-ṗiġinn.	Half-penny.
Pinginn, piġinn.	Penny.
Pinginn go leiṫ.	Penny half-penny.
Dá ṗinginn go leiṫ.	Two pence half-penny.
Sé pinginne (piġinne).	Six pence.

Sgilling, ḋá sgilling, trí sgilleaċa, ceiṫre sgilleaċa, ⁊rl.	Shilling, 2 shillings, 3 shillings, etc., 4 shillings, etc.
Píosa ḋá sgilling.	Two-shilling piece.
Leaṫ-ċoróin, píosa leaṫ-ċorónaċ.	Half-a-crown, half-crown piece.
Coróin.	Crown.
Ceiṫre sgilleaċa.	Four shillings.
Deiċ sgilleaċa.	Ten shillings.
Leaṫ-ṡaṁrain.	Half a sovereign.
Púnt.	A pound.
Nóta púint.	A pound note.
Dá ṗúnt.	Two pounds.
Trí ṗúnt.	Three pounds.
Ċúig ṗúnt.	Five pounds.
Nóta ċúig bpúnt.	Five pound note.
Seaċt bpinginne.	Seven pence.
Oċt bpinginne déag.	Eighteen pence.
Trí agus tuistiún.	Three and four pence.
Ceaṫair agus trí pinginne.	Four and three pence.
Coróin agus dá ṫuistiún.	Five and eight pence.
Sé agus deiċ bpinginne.	Six and ten pence.
Naoi agus naoi bpinginne.	Nine and nine pence.
Dó ḋéag.	12 shillings.
Ḋá púnt déag.	£12.
Trí sgilleaċa déag. / Trí déag.	13 shillings.
Seaċt bpúnta déag deiċ.	£17 10s.
Púnt is fiċe.	£21.
Dá púnt is fiċe.	£22.
Trí púnt ḟiċead.	£23.
Ceiṫre púnt ḟiċead.	£24.
Ceaṫair fiċead.	24 shillings.
Deiċ fiċead.	30 shillings.
Deiċ is dá ḟiċid.	50 shillings.
Deiċ bpúnt ḟiċead.	£30.
A' bfuil briseaḋ corónaċ (c'rónaċ) agat?	Have you change of a crown?

Tá píosa dá sgilling agam agus trí sgilleaċa, má ḋéanann sin ṫú.	I have a two shilling piece and three shillings, if that will do.
Cé ṁéad is fiú sgilling i n-airgead Ṁeriocá?	How much is a shillingworth in American money?
Ċúig sint ḟiċead.	Twenty-five cents.
Dá ṡint déag agus dá ḟiċid.	Fifty cents.
Leaṫ-ḋolar.	Half a dollar.
Ċúig ṡint déag agus trí ḟiċid.	Seventy-five cents.
Dolar.	A dollar.
Dá ḋolar go leiṫ.	Two dollars and a half.
Trí dolar agus trí ceaṫramna.	Three dollars and seventy-five cents.
Ċúig dolar.	Five dollars.
Leaṫ-ċéad dolar.	Fifty dollars.
Ceiṫre fiċid dolar.	Eighty dollars.
Sgilling is púnt.	£1 1s.
Dó is púnt.	£1 2s.
Trí sgilleaċa fiċead Trí fiċid Trí is púnt	£1 3s.
Coróin is púnt.	£1 5s.
Sé fiċead.	£1 6s.
Seaċt fiċead.	£1 7s.
Dó déag is púnt.	£1 12s.

CEANNAĊ TAE, SIÚCRA, AGUS MINE. — BUYING TEA, SUGAR, AND FLOUR.

Go mbeannuiġiḋ Dia 'san teaċ seo, (no go mbeannuiġiḋ Dia annso).	God bless all here.
Go mbeannuiġiḋ Dia agus Muire ḋuit.	God and Mary bless thee.
Ḃfuil tobac dá ḋíol agat?	Have you tobacco for sale?

Tá, agus píopaí.	Yes, and pipes.
Taḃair ḋom ceiṫre onnsa tobac agus trí ṗíopa cailce.	Give me 4oz. tobacco and three clay pipes.
Céard / Cad } é a luaċ? (nó cé ṁéad tá orṫa?)	What's the price?
Ḋá sgilling.	Two shillings.
Is fearr ḋuit púnt tae agus leaṫ-ċloċ ṡiúcra a ṫaḃairt dom.	You had better give me a pound of tea and half a stone of sugar.
A' dteastuiġeann aon ṗlúr uait?	Do you want any flour?
Teastuiġeann, mais, mála ḋá ċéad.	Yes, then, a two-cwt. bag.
Cé ṁéad tá ar an min ċoirce an ċloċ anois? / Céard is fiú an ṁin ċoirce an ċloċ anois?	How much is oatmeal worth a stone now?
Agus min buiḋe?	And yellow meal?
A' ḃfuil ola ráibe agad?	Have you linseed oil?
Cé ṁéad tá ar a' gcéad plúir? / Cé ṁéad is fiú plúr an céad?	How much is flour worth per hundred?
Dó ḋéag an ċéad sgoṫ, agus deiċ agus sé piġinne an dara sgoṫ.	Twelve shillings first grade, and ten and six-pence second grade.
Is fearr ḋuit mála ḋá ċéad do'n ċéad sgoṫ ṫaḃairt dom.	You had better let me have a bag of two hundred weight of the first grade
Ó 'seaḋ, tá céad bran uaim freisin.	O, yes, I want a hundred of bran.
Ḃfuil rud ar biṫ eile a' teastáil uait anois?	Is there anything else you wish now?
'Sé mo ṁeas naċ ḃfuil.	I believe not.
Ní ṁeasaim go ḃfuil aon ċeo eile ag teasdáil uaim faoi láṫair.	I do not think that I want anything else at present.

Mbeaḋ aon ċáis uait?	Would you need any cheese?
Céard a ḃéarfá ar im an púnt?	How much would you give for butter per pound?
An oiread seo.	So much.
Tá feircín ime san mbaile agam. Baḋ ṁaiṫ liom é ḋíol leat.	I have a firkin of butter at home. I would like to sell it to you.
Ḃfuil uiḃeaċa agaḋ?	Have you eggs?
Tabair ḋom luaċ sé bpiġinne ḋíoḃṫa.	Give me six-pence worth of them.

Neiṫe Baineas leis an Tiġ.	ARTICLES PERTAINING TO THE HOUSE.
Teinnteán, teine, teallaċ.	Hob, fire, hearth.
Gual, móin, luaiṫ.	Coal, turf, ashes.
Lúb, croċ, brionglán, tlú.	Pothook, pothanger, poker, tongs.
Urlár, bórd, stól.	Floor, table, stool.
Dorus, dorus beag (leaṫ-ḋorus), fuinneóg.	Door, half-door, window.
Laiste, bulta, tairseaċ.	Latch, bolt, threshold.
Dreisiúr, gréiḋiḋe, spún-óga.	Dresser, crockery, spoons.
Sgeana, picíní, miasa.	Knives, forks, dishes.
Éadaċ buird (sgáraoid, éadaċ cláir), naipicíní, fáinní naipicín.	Tablecloth, napkins, napkin-rings.
Bainne, uisge, fíon, uisge beaṫa.	Milk, water, wine, whiskey.
Potátaí (prátaí, préataí, fataí), meacain, cóilis (gabáiste).	Potatoes, parsnips, cabbage.
Arán, im, plúr.	Bread, butter, flour.

Salann, anḃruiṫ, fínéigre (ḃinéigle).	Salt, soup, vinegar.
Caṫaoir, caṫaoireaċa, caṫaoir ṡócaṁlaċ.	Chair, chairs, easy chair.
Gráta, cuṁdaċóir, cuṁdóir teallaiġ.	Grate, fender, hearthrug.
Pictiúirí, sgáṫ-éadaċ, leastair (miasa).	Pictures, curtains, vases.
Suiḋeaċán sgríoḃṫa, muisit, leaḃragán.	Writing desk, bureau, bookcase.
Stól cos, suiḋistín, leaḃra.	Footstool, sofa, books.
Ceól, leaḃar ceóil, raca ceóil.	Music, music book, music rack.
Trillseán (lampa), sgáṫ trillseáin, gual-solas.	Lamp, lamp shade, gas-light.
Sgiaṫ, sgiaṫ teineaḋ, clog.	Screen, fire screen, clock.
Uaireadóir (amairín, fairreadóir), slaḃra, fáinne.	Watch, chain, ring.
Duḃaċ, peann, páipéar.	Ink, pen, paper.
Éadaċ tae, cupáin, plátaí.	Teacloth, cups, plates.
Siúcra, cnap, siúcrán.	Sugar, lump, sugar-bowl.
Spúnóga, cácaí, uaċtar.	Spoons, cakes, cream.

Neiṫe Baineas leis an Teaċ ⁊ leis an mBórd. — THINGS PERTAINING TO THE HOUSE AND TABLE.

Subaċán, mias subaċáin, sgeana.	Jam, jam-dish, knives.
Téapota, cuaċ, cuaċán óir.	Tea-pot, goblet, golden goblet.
Cuaċán airgid, sgeana airgid, picíní airgid.	Silver goblet, silver knives, silver forks.
Uḃ, uiḃeaċán, spúnóg uiḃe.	Egg, egg stand, egg spoon.
Briosgaí, cácaí milse, cáca rísíní.	Biscuits, sweet cakes, raisin cake.
Piobar, mustara (aṁarag).	Pepper, mustard.

Caoirḟeóil, muicḟeóil, mairtḟeóil.	Mutton, pork, beef.
Laoiġḟeóil, fiaḋḟeóil, tairtḟeóil.	Veal, venison, raw meat.
Sicín (eirḟeóil, eitḟeóil), sicíní, bárdal, bárdail.	Chicken, chickens, drake, drakes.
Laċa, laċain, gé, géaḃa.	Duck, ducks, goose, geese.
Gabáiste, inniúin, cóilis, priáil.	Cabbage, onions, cauliflower, sauce.
Trosg, bradán, iomán (breac), toirbeard.	Cod, salmon, trout, turbot.
Langa, eascain, cnúdán, runnaċ.	Ling, eel, gurnet, mackerel.
Plás (leaṫóg), sól, faiḋtín, piseóg.	Plaice, sole, whiting, bream.
Oisrí (oistirí), gliomaċaí, ribe ráibéis, crúbóga (portáin).	Oysters, lobster, shrimp, crabs.
Gloine, gloineaċa, cupán, cupáin.	Glass, glasses, cup, cups.

AR LORG GAEḊILGE. — LOOKING FOR IRISH.

Cé an t-am a ngeoḃfaiḋ tú do ċuid laeṫe saoire?	When do you get your holidays?
Faoi ċeann trí seaċtṁainí eile.	In about three weeks' time.
Agus cá raċa tú le iad a ċaiṫeaṁ?	And where will you go to spend vacation?
Cé raċa tú i mbliaḋna?	Where will you go this year?
Tá mé a' ceapaḋ go ngaḃfa mé síos go Gailliṁ i mbliaḋna, le congnaṁ Dé.	I think I will go down to Galway this year, please God.
Cá raġaiḋ tú féin?	Where will you go yourself?

Sílim go ngaḃfa mé go Cuan na Mara (Connamara) nó go hÁrainn.	I think I will go to Connemara or to Aran.
Agus cé an tubaiste rud atá le feiceáil annsain agad?	And what in the mischief is there to be seen there?
Tá mórán neiṫe le feiscint ann (is iomḋa sin rud le feiscint ann).	There are many things.
Agus céard iad féin, fiafruiġim díot?	And what are they, I ask you?
Céard tá ann a mb'ḟiú do ḋuine a ḋul a' breaṫnuġaḋ air?	What is there that it would be worth a person's while to look at?
Aer breáġ le fáġail, iasg le fáġail, agus coiníní agus éanlaiṫ le fiaḋaċ.	Fine air to be had, fish to be caught, and rabbits and birds to shoot.
Agus níos fearr 'ná iad seo, tá Gaeḋilge ḃreáġ ann le foġluim.	And better than these, there is good Irish to be learnt.
Tuigim; diaḃal ar ċuiṁni' mise air sin.	I understand; d—l a bit of me thought of that.
Nár ṁaiṫ an ceart duit teaċt liom go bpiocfá suas an Ġaeḋilge?	Don't you think it would be a good idea if you came with me to learn Irish?
Ní'l focal do'n teanga in mo ṗluic.	There is not a word of the language in my mouth.
Is duit is mó náire.	More shame for you.
Ní'l mise i n-ann í laḃairt go maiṫ aċt d'ḟoġluim mé le í sgríoḃaḋ (le n-a sgríoḃaḋ) ⁊ (le n-a) léiġeaḋ ar (ag) Craoiḃ de Ċ. na G. Tá dóċas (súil) agam, má ċaiṫim aon ṁí aṁáin imeasg Gaeḋilgeóirí, go ḃfuiġiḋ mé an blas.	I am not able to speak it well, but I learnt to read and write it at the Gaelic League Branch. I hope by spending a month among the Irish speakers to get the *blas* (pronunciation).

Maiseaḋ, féaċann sé go haisteaċ do ḋuine gan a ḃeiṫ ábalta ar ṫeangaiḋ a ṫíre laḃairt.	Well, it does seem strange to be unable to speak one's own language.
Is náireaċ agus is tarcuis-neaċ an rud é.	It is a shameful and disgraceful thing.
Le congnaṁ Dé, ní ḃeiḋ mise i ḃfad gan í (a ḃeiṫ agam).	With God's help, it will not be long until I know it.
Níor ċeart dom-sa ḃeiṫ ar deireaḋ. Tá m'ainm Gaeḋealaċ go leór, tá croiḋe Gaeḋealaċ agam agus creidim naċ mbeiḋ mé im' Éireannaċ ċeart muna mbeiḋ an teanga Ġaeḋealaċ agam freisin.	I should not be behindhand. My name is Irish enough, I have an Irish heart, but I suppose I will not be a true Irishman until my tongue is Irish also.
Raċa mise i n-éinfeaċt leat.	I will go along with you.
Déanfaiḋ sin, a ṁic ó.	That will do, my son.
Cá raġamuid? An go h-Árainn é?	Where will we go? Is it to Aran?
An fearr an áit Árainn 'ná Cuannamara?	
An fearr d'áit Ára 'ná Connamara?	Is Aran a better place than Connemara?
Cé is fearr an áit Ára 'ná Connamara?	
Creidim gur eatorra atá sé.	
Déarfainn gur cuma eatorra é. Tá 'ċ aon áit aca ċoṁ maiṫ le ċéile.	I believe one is as good as the other.
Tá neart Gaeḋilge ins gaċ áit aca, agus teanga áluinn freisin.	Plenty of Irish in either place, and beautiful language, too.
Téiḋeann mórán (go leór) do ṁuinntir Ḃ'l'Á' Cliaṫ agus Lonndan go Baile Ṁúirne.	Many of the Dublin and London folks go to Ballyvourney.

Cá ḃfuil Baile Ṁúirne?	Where is Ballyvourney?
Ḃfuil tú dáiríriḃ a' fiafruiġe na ceiste sin?	Are you in earnest in asking me that question?
Táim go deiṁin.	I am, indeed.
Is follasaċ (cosaṁail) naċ ndearna (nár ċuir) an Ġaeḋilge mórán imniḋe ḋuit (ort) roiṁe seo.	It is apparent the Irish never worried you much.
Dá ndéanfaḋ, ḃeaḋ eolas agat ar Ḃaile Ṁúirne agus Maġċromṫa, ar Inse Geiṁleaċ agus Béal Áṫa an Ġaorṫaiḋ agus ar áiteaċa Gaeḋealaċa eile i gConndae Ċorcaiġe.	If so, you would know of Ballyvourney, Macroom, Inchigeela, Ballingeary, and other Irish places in County Cork.
Céard do ḃaraṁail ar Ċiarraiḋe na Ríoġ? Ciarraiḋeaċ is eaḋ é Fíonán Mac Colum.	What do you say to Kerry of the Kings? Fionan M'Colum is a Kerryman.
Deirim gur áit é sin a ḃfuil teanga ṁaiṫ Ġaeḋilge ann freisin.	I say that is a place where good vigorous Irish can be had, too.
Cé hiad na h-áiteaċa is fearr i gCiarraiḋe?	What are the best places in Kerry?
Ní raiḃ mé ann ariaṁ, aċt ċuala mé fear a' ráḋ go ḃfuil Daingean, Baile an Ḟirtéiriġ, Caṫair Saiḃḃín, Oileán Dairḃre, Baile na Sgeilig, Priaraċ, Caṫair Doṁnaill, An Neidín, agus céad áit eile ann.	I was never there, but I heard a man saying that there was Dingle, Ballyferriter, Cahirciveen, Valentia Island, Ballinskelligs, Prior, Caherdaniel, Kenmare, and a hundred other places.
Ċuala mé ariaṁ é gur "fearr seaċtṁain 'san Ṗriaraċ 'ná bliaḋain ar sgoil."	I always heard that a week in Prior is better than a year at school.

Cia aca (haca) de na hOileáin Árann i raġmuid?	Which of the Islands of Aran will we go to?
Sílim gur fearr dúinn dul go hInismeaḋoin.	I think it is better to go to Inismeadhoin.
Cloisim } Cluinim } naċ ḃfuil aon lóistín maiṫ ann-sin le fáġail.	I hear good lodging cannot be had there.
Ní'l siad go ró-ṁaiṫ go deiṁin, aċt téiġeann mórán daoine ann gaċ saṁraḋ ('ċuile ṡaṁraḋ).	They are not very good, indeed; yet (but) many go there every summer.
Má tá an áit maiṫ go leór aca sin, baḋ ċeart go mbeaḋ muide (mbéaḋ-muist-ne) sásta.	If the place is good enough for them, we ought to be satisfied.
Céard déarfá le Árainn Ṁóir agus Inisiar?	What would you say to Aranmore and Inishere?
Ní labrann siad an oiread Gaeḋilge is labrann muinntir Inismeaḋoin.	They do not speak as much Irish as the Inismeadhoin people.
Tá siad an-ṗráiḋinneaċ ar (ins) an mBéarla i nÁrainn Ṁóir.	They are very fond of the English in Aranmore.
Boicíní móra iad muinntir Ċill-Rónáin — Béarlóirí móra.	The Kilronan people are big boicíní—big English speakers.
Ceapann siad féin sin, aċt ní ċeapann duine ar biṫ eile é.	They think so themselves, but nobody else thinks so.
Ċuala mé Béarla ḋá labairt i mbaile beag Ċill-Rónáin a lasfaḋ ar an teine.	I heard English spoken in the small village of Kilronan that would light the fire.
Tá na síoṫṁaoir, na cuan-adóirí, agus a gcuid cloinne, agus cuid do na máiġisdreásaí sgoile ag déanaṁ na háite sin galda.	The police, the coastguards, and their children, and some of the schoolmistresses are anglicising the place.

Is aṁlaiḋ tá sé ag cuid do'n aos óg, ní'l Béarla ná Gaeḋilge aca.	The way it is with some of the youngsters there, they have neither English nor Irish.
Dá mbeaḋ an oiread do'n Ġaeḋilg agam-sa is tá aca-san, ḃeiḋinn sásta.	If *I* had as much Irish as *they* have, I would be satisfied.
Baḋ ċeart dúinn imṫeaċt i mbáireaċ.	We should leave to-morrow.
Déanfa sin, feicfiḋ mé ag an stáisiún (stad) ar maidin ṫú.	All right, I will see you at the station to-morrow.
Beiḋ an long ġaile ag fágáil na Gailliṁe tráṫnóna i mbáireaċ.	The steamer leaves Galway to-morrow afternoon.
Mear tú an mbéarfamuid orṫa?	Do you think will we catch her?
Sroiċfeamuid an ċaṫair ag an dó, agus ní imṫeó' sí go dtí an trí.	We will reach the city at two, and she will not leave until three.
A' ḃfuil tú cinnte anois?	Are you sure now?
Tá mé beag naċ (tá mé ionann' é, is beag naċ ḃfuilim, tá mé geall le beiṫ cinnte).	I am almost.
Slán leat anois go dtí i mbáireaċ.	Good-bye now until to-morrow.

AR LORG GAEḊILGE, Ó ĠAILLIṀ GO HÁRAINN. / LOOKING FOR IRISH, FROM GALWAY TO ARAN.

Cá ḃfuil an doga (an ċéiḃ)?	Where is the dock (the quay)?
Síos leat an tsráid sin ċoṁ fada leis na ceiṫre cóirnéil; iompuiġ taoḃ do láiṁe clí, agus tabarfa sé caol díreaċ isteaċ ag an doga (ċéiḃ) ṫú.	Go down that street as far as the four corners; turn to your left, and it will bring you right into the dock (quay).

Níor imṫiġ galtán Árann fós.	The Aran steamer did not leave yet.
Imṫeó' sí i gceann (faoi ċeann) leaṫuaire.	She will leave in half an hour.
Seo í an Dúras.	This is the Duras.
'Sí.	Yes.
A' ḃfuil sí (ag) dul go h-Árainn inḋiu?	Is she going to Aran to-day?
Imṫeóċmuid anois láiṫreaċ.	She leaves (*lit.* we shall leave) now directly.
Tar isteaċ. Tá an bunnán d'á ṡéideaḋ.	Come in. The horn is being blown.
Naċ beag a' lear soiġteaċ atá i gcuan na Gaillime.	How few ships there are in Galway Bay.
Ní raiḃ sé i gcoṁnuiḋe mar sin.	It was not always the case.
Nuair a ḃí Éire Gaeḋealaċ, ḃíoḋ na céadta bád agus long (bád luingis) 'san ċuan seo.	When Ireland was Irish, there used to be hundreds of boats and ships in this harbour.
Cé an t-oileán é sin ṫall?	What island is that over there?
Sin é Oileán Caoraċ.	That is Mutton (or Sheep) Island.
An teaċ soluis é seo taoḃ ar láiṁe deise?	Is this the lighthouse on the right?
'Seaḋ.	Yes.
Naċ ciúin atá an lá!	How calm the day is!
Mear tú 'ḃfanfaiḋ an lá go breáġ? Mear tú a' seasfaḋ an lá?	Do you think will the day remain fine?
Tá cosaṁlaċt ġlas ar an tráṫnóna.	The afternoon looks threatening.
Tá an fairrge ag éirġe.	The sea is rising.
Naċ mór an fága atá 'sa ḃfairrge!	What a big surge there is in the sea!
Is beag an cábán é seo.	This is a small cabin.

Is beag atá sé, ⁊ ní ró-ġlan é aċt an oiread.	It is small, and not very clean it is either.
Céard ḃaineas siad amaċ as dul go hÁrainn?	What do they charge to go to Aran?
Ceaṫair ⁊ sé piġinne (4/6) dul ann ⁊ as (fá ḋul ann ⁊ teaċt as), má ḟanann tú 'san ċabán nó dul suas ar an droiċead; ḋá sgilling amuiġ 'un tosuiġ imeasg na muc nó 'un deire leis an mangairé.	Four and six pence (4s. 6d.) to go there and back, if you stay in the cabin, or go on the bridge. Two shillings out at the bow among the pigs or among the bags in stern.
A' ḃfeiceann tú muinntir Árann? An iad sin iad?	Do you see the Aran folks? Are these they?
Naċ aisteaċ an t-éadaċ atá orra!	What peculiar clothes they have on!
Ceapann tusa sin, aċt sílim-se naċ aisteaċ.	You think so, but I think not.
Tá sé te teólaiḋe.	It is warm and comfortable.
Tá teas, tír-ġráḋ ⁊ gaċ níḋ dá ḟeabas 'san éadaċ sin.	There is heat, patriotism, and everything else good in that cloth.
Ní ċuireann siad aon air-gead i bpóca Ṡeaġáin Ḃuiḋe, mar ċuireanns mise ⁊ tusa.	They put no money in John Bull's pocket, as you and I do.
Déanann siad gaċ snáiṫe ar a gcroiceann le na láṁaiḃ ḟéin.	They make everything (every thread) on their backs by their own hands.
Naċ maiṫ an sompla é sin do ṁuinntir na hÉireann?	Isn't that a shining example to the people of Ireland?
Dá leanaidís an sompla, ḃeaḋ raṫ, slaċt, ⁊ séan ar an tír.	If they followed the example there would be prosperity, respectability and happiness in the country.

Anois tá tú 'ráḋ na fírinne. Agus cad ċuige naċ ndéanann siad sin?	Now you are telling the truth; and why don't they do so?
Mar naċ ḃfuil an spiorad ceart ionnta ó ċailleadar an teanga.	Because they have not the right spirit since they lost the language.
Agus a' gceapann tú gurab é sin a rinne é?	And do you think that is what did it?
Tá mé cinnte dearḃṫa ḋe. D'éiriġ an rud céadna do náisiúin eile coṁ maiṫ linne.	I am positive sure of it. It happened to other nations as well as us.

Caint le Fear as Inismeaḋoin. — TALKING TO AN INISMEADHON MAN.

Dia ḋuit.	God bless thee.
Dia ⁊ Muire ḋaoiḃ féin, a ḋaoine uaisle.	God and Mary to ye too, gentlemen.
Naċ maiṫ an Ġaeḋilge atá agaiḃ, bail ó Ḋia oraiḃ.	How good your Irish is, God bless ye!
Ó, maiseaḋ, ní'l sí aċt réasúnta, aċt támuid a' foġluim.	It is only middling, but we are learning.
An a' dul go h-Inismeaḋoin atá siḃ?	Is it going to Inismeadhon you are?
Caiṫfeamuid seaċtṁain ann cébí caoi é.	We will spend a week there, anyhow.
An as Baile Áṫa Cliaṫ siḃ?	Are ye from Dublin? (*lit.*, is it from Dublin ye are?)
Is as. (Is eaḋ.)	Yes (it is).
Ḃfuil aiṫne agaiḃ ar an Doċtúir Ua h-Iceaḋa ⁊ Seaġán Mac Néill?	Do you know Dr. O'Hickey and John McNeill?
Tá, maise, aiṫne ṁaiṫ.	We do indeed, very well.
Ara, maiseaḋ, cé mar tá siad? Ḃfuil gaċ orlaċ díoḃ go maiṫ?	And, indeed, how are they? Is every inch of them well?

Cé mar tá Stioṗán Bairéad ⁊ an Piarsaċ.	How are Stephen Barrett and Pearse?
Ó, go h-áluinn.	Oh, beautiful.
Ní beiḋ siad ċoṁ maiṫ go deo is baḋ ṁian linn.	They will never be as good as I would wish them.
Ní féidir go ḃfuil aiṫne agaiḃ ar na mnáiḃ uaisle Augusta Ní Ġriogóra ⁊ Úna Ní Ḟairċeallaiġ!	Is it possible that you know Lady Gregory and Lady O'Farrelly?
Tá, maise, aiṫne ṁaiṫ. Ċonnaic muid indé iad.	It is, indeed; we know them well. We saw them yesterday.
Maise, [mo] leaḃar-sa, buḋ iad sin na mná gan mórán onóra ná uaḃair.	Indeed, they were the ladies without the nonsense or pride about them.
Ḃíodar ċoṁ simpliḋe ⁊ ċoṁ huṁal le duine ar biṫ againn féin.	They were as humble and as simple as any of ourselves.
Ḃí buaċaillí ⁊ cailíní san oileán an samraḋ i n-uraiḋ ⁊ níor ṫaiṫniġeadar go ró-ṁaiṫ linn.	There were young men and women in the island last summer, and we did not like them very well.
Cad ċuige sin?	Why so?
Mar ḃí an iomarca Béarla aca d'á labairt 'sa gcéad áit, agus rud eile ḋe, ḃí fuadar ⁊ éirġe anáirde ró-ṁór fúṫa.	Because they spoke too much English, in the first place, and another thing, they were too high-toned, too full of their own importance.
Tá mé cinnte naċ raiḃ mórán aca ċoṁ galánta sin.	I am sure not many of them were that stuck up.
Ċuala mé go raiḃ aon ġlincín aṁáin a sgríoḃ ag na páipéir, agus ag páipéir Ṡasana freisin, ag stealla-ṁagaḋ faoi ṁuinntir na n-oileán.	I heard there was one ġlincín who wrote to the papers, and to the English papers at that, hurling ridicule on the islanders.

A' nDeir tú sin liom?	Do you tell me so?
Deirim maise.	I do indeed.
Tumaḋ maiṫ faoi 'n sáile baḋ ċeart a ṫaḃairt do'n ċlaḋaire, agus barr na bróige 'san mása i nDiaiḋ an ḟolcṫa.	A good ducking under the salt water the coward should get, and the top of a boot in the tender part after the bath.
Ṡaoṫruiġ sé go maiṫ é.	He well deserved it.
Tá na mílte fáilte roiṁe gaċ aon 'san oileán, aċt creid mé ann naċ gcuirfiḋ muid suas le maslaḋ ná tarcuisne.	There are thousands of welcomes before everybody to the island; but believe me, we will not put up with insults.
Rud eile ḋe, tá siad ag milleaḋ na bpáisdí a' taḃairt piġinneaċa dóiḃ. Baineann sin an sprid-eaṁlaċt agus an fear-aṁlaċt asta; agus má ṫuigim-se cúis na teang-an mar is ceart, naċ sprideaṁlaċt agus fear-aṁlaċt tá'r (táṫar) ag iarraiḋ ċur ins na daoiniḃ.	Another thing, they are destroying the children by giving them pennies. That takes the spirit and manliness out of them; and if I understand the languagequestion rightly the aim is to put spirit and manliness in the people.
Tá tú ceart, maiseaḋ. Sin é go díreaċ tá Connraḋ na Gaeḋilge ag iarraiḋ ḋéanaṁ.	You are right indeed, that is just what the Gaelic League is aiming at.
Goidé an fáṫ, mar sin, ḃfuil staiġíní beaga i n-ainm an Ċonnarṫa ag déanaṁ na díoġḃála so i n-aġaiḋ tíreaṁlaċt'?	Why, then, are staiġíní, in the name of the League, doing this harm against nationality?
Is truaġ mar deir tú. Ní'l ḟios aca níos fearr.	Oh, God bless you, they do not know any better.

Creid mise ann go mbeiḋ súil agam-sa i ndiaiḋ an ḃuaċalla úd a rinne magaḋ fúinn ins na páipéir.	Believe me, *I* shall have an eye after that boy who ridiculed us in the papers.
Is mór an t-oileán é an t-oileán seo againne le sgoláirí. Tagann sgoláirí na hEórpa ⁊ Ḃaile Áṫa Cliaṫ ann.	Our island is great entirely for scholars (coming here). European and Dublin scholars come here.
Creidim gur go tiġ Ṗáidín Ḋonnċaḋa a raċas tú.	I suppose it is to Paidin Donagh you will go?
Is ann ḟanann gaċ duine do luċt na Gaeḋilge.	It is there all the language people stay.
Ar ċuir tú aon sgéal aige ṫeaċt ar bórd roṁat?	Did you send him any word to come on board for you?
Níor ċuireas.	I did not.
Ó, is cuma cé aca é ('Sé an cás céadna é) béarfaiḋ mise isteaċ tú in mo ċuraċ féin.	O, it doesn't matter. I will take you in in my own canoe.
Agus cé an sórt rud curaċ?	And what kind of thing is a canoe?
Báidín beag ġníḋeanns muid féin.	A little boat we build ourselves.
A' ḃfuil sé contaḃairteaċ ḃeiṫ innti?	Is it dangerous to be in her?
Ní'l sé; dá mbeaḋ fuireann ṁaiṫ agus curaċ maiṫ ann, tá sí ar na báid is fearr le fáġail.	No. If you had a good crew and good canoe, she is the safest boat to be had.
Tá sí an-ġuagaċ. Ní mór do ḋuine fanaċt go socair innti nó d'iompóċaḋ sí.	She is very liable to capsize. It is necessary to sit quietly [in her], or she might upturn.

Cogar! Ní'l duine baineanns le C. na G. nár ṫáinig go hInismeaḋóin aċt An Ċraoiḃín.	Listen! There is not one pertaining to the G.L. but what came to Inismeadhoin but The Craoiḃín.
Naċ iongantaċ é sin anois?	Isn't that wonderful, now?
B'féidir go ḃfuil an iomarca cúraim air, agus ó ṫárla go ḃfuil an teanga aige ní ṫagann sé.	Perhaps he has too much to do, and when he knows the language he does not come.
Baḋ ṁaiṫ linn é ṫeaċt, maise, mara ḃfanfaḋ sé aċt dá lá féin.	We would like ever so much to have him come then, if he would remain only two days even.
Ḃfuil aon ċeann de aṁráin An Ċraoiḃín agad?	Have you any of The Craoibhin's songs?
Tá, agus trí cinn aca. Canfaiḋ mé ceann duit anois má is maiṫ leat é.	I have, and three of them. I will sing you one now if you wish.
Goidé aca ceann is fearr leat?	Which of them do you like best?
An Spealadóir.	The Reaper.

SGOIL. — SCHOOL.

Feallsaṁnaċt, Nuaċolla (Réileólas).	Philosophy, Astronomy.
Connaiḋeaċt ⁊ Gné-eólus, Diaḋaireaċt.	Logic and Metaphysics, Divinity.
Ealaḋa Deaġlaḃarṫa (Reatairic), Daonġaoiḋile.	Rhetoric, Moral Philosophy
Laidin, Gréigis, Fraincis, Spáinnis, Rúisíneaċ, Eadáilis (Iodáilis), Gearmáinis.	Latin, Greek, French, Spanish, Russian, Italian, German.

Na h-Ealaḋna Nósṁara, Máirnéalaċt.	The Humanities, Navigation.
Méid-ṁeas, Ríoṁaireaċt.	Mathematics, Arithmetic.
Toṁais Talṁan, Gearr-ċuimsiuġaḋ (Algebra).	Geometry, Algebra.
Tlaċt-eolas, Talaṁ-eolas, Ceógraf.	Geography.
Sgríḃneóireaċt (Peannaireaċt), Ealaḋa, Éigse (Tréarṫa), Tóġálaċt.	Penmanship, Science, Art, Architecture.
Teagasg Críosdaiḋe, Seanċas Diaḋa, Seanċas Coitċeann, Urlaḃra.	Christian Doctrine, Sacred History, General History, Elocution.
Ceól Uirlise, Ceól Goṫa.	Instrumental Music, Vocal Music.
Órnáideaċt (Déaġ-ṁaisiuġaḋ), Ealaḋa Dearsgaiṫe, (Tréarṫa).	Ornamentation, Science accomplishment.
Rionnuiġim, greanaim, Forus-focal (Sanas).	I engrave, I carve (metal), Etymology.
Máiġistir, máiġistrí.	Schoolmaster, schoolmasters.
Máiġistreás, máiġistreása.	Schoolmistress, schoolmistresses.
Oide, oidí.	Professor, professors.
Oide Gaeḋilge, oidí Gaeḋilge.	Professor of Irish, professors of Irish.
Clár duḃ, cláir duḃa.	Blackboard, blackboards.
Cailc, cailce.	Chalk, chalks (kinds of chalk).
Suiḋeaċán, araḋáin, *f.*; suiḋeaċáin.	Seat, desk, seats.
Leac, sgláta, slinn; leaca, sglátaí, slinne.	Slate, slates.
Peann leice, peann slinne; pinn leice (slinne).	Slate pencil, slate pencils.
Peann; pinn, peanna.	Pen, pens.
Barr pinn, barranna pinn.	Nib or pen-point, nibs or pen-points.

Feac pinn, cos pinn; feaca pinn, cosa pinn.	Pen handle, pen handles.
Léarsgáil na h-Éireann, léarsgáile na h-Éireann.	The map of Ireland, the maps of Ireland.
Léarsgáil Alban, léarsgáile Alban.	The map of Scotland, the maps of Scotland.
Léarsgáil an Doṁain, / na Cruinne, léarsgáile na Cruinne.	The map of the World, the maps of the World.
Léarsgáil na h-Eórpa, léarsgáile na h-Eórpa.	The map of Europe, the maps of Europe.
Léarsgáil na Frainnce, léarsgáile na Frainnce.	The map of France, the maps of France.
Léarsgáil na Gearmáine, léarsgáile na Gearmáine.	The map of Germany, the maps of Germany.
Léarsgáil na Spáinne, léarsgáile na Spáinne.	The map of Spain, the maps of Spain.
Léarsgáil na Rúise, léarsgáile na Rúise.	The map of Russia, the maps of Russia.
Léarsgáil na Gréige, léarsgáile na Gréige.	The map of Greece, the maps of Greece.
Léarsgáil na hEadáile (na hEadáinne, hIodáile), léarsgáile na hEadáile.	The map of Italy, the maps of Italy.
Léarsgáil Ṡasana, léarsgáile Ṡasana.	The map of England, the maps of England.
An Ċruinne.	The Globe.
An Ċéad Leaḃar.	The First Book.
An Dara Leaḃar.	The Second Book.
An Tríoṁaḋ (Trear) Leaḃar.	The Third Book.
An Ceaṫraṁaḋ Leaḃar.	The Fourth Book.
An Cúigeaḋ Leaḃar.	The Fifth Book.
An Séaṁaḋ (Seiseaḋ) Leaḃar.	The Sixth Book.
Ríṁleaḃar, leaḃar figiúireaċt.	Arithmetic.
Algebróir.	Algebra.
Geóméatróir.	Geometry.

Talaṁ-eolaiḋe, tlaċt-eolaiḋe, tlaċtleaḃar.	Geography.
Talaiṁ-leaḃar, leaḃar Feilmeoireaċta (Feirmeoireaċta).	Agricultural Book.
An Teagasg Críostaiḋe.	Catechism Book.
Stairleaḃar, leaḃar staruiġeaċta, leaḃar an tseanċais, leaḃar seanċais.	History Book.
Seanċaiḋe, starṫóir; seanċaiḋṫe, starṫóirí.	Historian, historians.
Slat, slata.	Rod, rods
Teine, teinte.	Fire, fires.
Gráta, grátaí.	Grate, grates.
Gual, guail.	Coal, coal (kinds of coal).
Móin, [móinte].	Turf, [bogs].
Luaiṫ (*gen.* na luaṫaḋ), luaiṫre.	Ash, ashes (coll).
Pionna, pionga, staic; pionnaí, piongaí, staicreaċa.	Peg, pegs.
Caipín, caipíní.	Cap, caps.
Hata, bairéad; hataí, bairéid.	Hat, hats.
Seál, brat (nó brat bráġad); seálta, brataċa (bráġad).	Shawl, shawls.
Clóca, clócaí.	Cloak, cloaks.
Falluing, falluingeaċa.	Mantle, mantles.
Sgaoilteog, brat; sgaoilteoga, brataċa.	Wrapper, wrappers.
Sguab, sguaba.	Broom, brooms.
Splannc, splanncraċa.	Coal of fire, coals of fire.
Coinnlín, diolán, sméarṫóid; coinnlíní, dioláin, sméarṫóidí, aiṫinne = a lightning spark.	Spark, sparks.
Fuinneóg, fuinneóga.	Window, windows.

Fráma na fuinneóige, frámaí fuinneóg, frámaí na fuinneóige.	The window frame, window frames.
Clog, cluig.	Clock, clocks.
Fráma na liaṫróide, clár na liaṫróide.	Ball frame.
Mála sgoile, tiaċ.	School bag.
Pictiúr, pictiúirí.	Picture, pictures.
Buidéal duiḃ, buidéal duḃaiġ; buidéil duiḃ (duḃaiġ).	Ink bottle, ink bottles.
Duḃadán, duḃadáin.	Inkstand, inkstands.
Leaḃar ceaċt, leaḃra cleaċta.	Exercise book, exercise books.
Leaḃrán sgríoḃṫa, leaḃráin sgríoḃṫa.	Copybook, copybooks.
Caṫaoir, caṫaoireaċa.	Chair, chairs.
Forumna, fuarma; forumnaí, fuarmaí.	Form, forms.
Cúlaḋ, cáiḃéad; cúlaiḋ, cáiḃéid.	Press, presses (noun).

Sgoil.—Ceaċt Suiḋeaċáin. / SCHOOL.—DESK LESSON.

Taḃair a leaḃrán sgríoḃṫa do gaċ garsún (no cailín).	Give each boy his (or her) copybook.
Roinn amaċ na leaḃair sgríoḃṫa; taḃair ṫart na páipéir.	Give out the copybooks; hand round the papers.
Roinn amaċ na peanna (pinn).	Give out the pens.
Roinn amaċ na línteóirí.	Give out the rulers.
Bí níos airiġe (cúramaiġe).	Be more careful.
Tóig t'am, glac t'ionḃa'.	Take your time.
Ná sgríoḃ ċoṁ mear (tapaiḋ).	Do not write so fast.

Congḃuiġ na focla díreaċ ar aġaiḋ a ċéile.	Keep the words directly under each other.
Tá tú ag sgríoḃaḋ ró-ṁear.	You are writing too fast.
Déan aiṫris ar an mbarr-sgríbinn.	Imitate the headline.
Sgríoḃaḋ 'ċuile duine a ainm agus an dáta.	Date your copybooks.
Cuir ṫart na leaḃair (leaḃra) sgríoḃṫa go ceann na suiḋeaċán.	Pass the copybooks to the ends of the desks.
Tóig suas na leacraċa (sglátaí.)	Take up the slates.
Ná dearc (ná bí ag dearcaḋ) ṫart ṫimċeall ort.	Do not look around you.
Seas ag an líne.	Stand to the line.

SGOIL.—CEAĊT RANG. — SCHOOL.—CLASS LESSON.

Leig anuas an léarsgáil seo.	Let down this map.
Fáġ an fráma liaṫróide dom.	Get me the ball-frame.
Tóig toṁasóir (cuaille).	Take a pointer.
Tar isteaċ (isteaċ leat).	Come in.
Isteaċ leat, an ċéad ḃuaċaill eile.	Come in next boy.
Fosgail ḃur gcuid leaḃar.	Open your books.
Léiġ. Dún ḃur gcuid leaḃar.	Read. Close your books.
Foġluim do ċuid figiúireaċa (táible).	Learn your tables.
Léiġ go réiḋ (go socair).	Read slowly.
Tóg t'am leis.	Take your time with it.
Taisbáin ḃur gcuid leac (no leacraċa), taisbáin na sglátaí.	Show your slates.

Bailiġ na leacraċa seo agus cuir 'na n-áit féin iad (cruinniġ suas na sglátai agus fág 'na n-áit féin iad).	Collect those slates, and leave them in their places.
Bígiḋ socair anois, a ṗáisdí.	Be quiet now, children.

Sgoil.—Coitċeannta. — SCHOOL.—GENERAL.

Forsgail an ḟuinneóg sin.	Open that window.
Tabair ċugam an sguab. Tá sí amuiġ san gcúl-teaċ.	Bring me the brush. It is out in the hall (or porch).
Tabair ḋom an ḋorṫóir (. . . an ċeirt).	Give me the duster.
Glan an smúit ḋo'n ḟuinneóig (cuimil fráma na fuinneóige glan).	Dust the window-frame, (rub . . . clean).
Sost Seasaiḋ suas. Siuḃlaiḋ.	Silence. Stand up. March.
Tugaiḋ aire ḋó seo. } Tabair áird (orm). } Is féidir liḃ (tig liḃ) dul a ḃaile anois.	Pay attention. You can go home now.
Aiṫsgríoḃaiḋ an píosa seo a' tosuġaḋ ag a' ḃfocal ——.	Transcribe this piece, beginning at the word ——
Sgríoḃ alt (rosg) ar ——.	Write an essay on ——.
Sgríoḃ litir ar ——.	Write a letter on ——.
Deaċtuġaḋ ḋo'n Tríoṁaḋ Céim.	Dictation for Third Class.
Níor ḟoġluim tú ḋo ċuiḋ ceaċt mar is ceart (go maiṫ).	You have not learnt your lesson properly.
Céard tá tú ḋéanaṁ, a Ṗeadair —— ?	What are you doing, Peter —— ?

Tá cead agad dul amaċ anois.	You have permission to go out now.
Go mbeannuiġe Dia ḋíḃ, a ṗáirdí.	Good morning, children.
Feicim go bḟuil siḃ go moċ annso indiu.	I see you are here early to-day.
Ba ċeart duit do láṁa beiṫ níos gloine, a ḃuaċaill.	You should have your hands cleaner, my boy.
Céard a ċongḃuiġ moill ort indiu? Céard a ċoinniġ ċoṁ déiḋeanaċ seo indiu tú? Goidé ḃain moill asat indiu?	What has kept you so late this morning?
Ba ċeart (ċóir) duit a ḃeiṫ annso ag leaṫ uair tar éis an naoi.	You should have been here at half-past nine.
Muna mbeiḋ tú annso níos túisge i mbáireaċ, innseó' mé do t'aṫair é.	If you are not here earlier to-morrow I will tell your father.
B'éigean dom dul i dteaċtaireaċt do mo ṁáṫair, agus níor ḟéad mé teaċt níos túisge.	I had to go on a message for my mother, and I could not come sooner.
Ná déan an oiread sin gleo (nó torainn). Níos luġa torainn.	Do not make so much noise. Less noise.
Ná labraiḋ. Ná bíġiḋ ag caint (ag gleó).	Don't talk. Stop talking.
Sin droċ-sgríḃneóireaċt.	That is bad writing.
Tá droċ-ṗeann agam, a ṁáiġistir. Teastuiġeann ceann nuaḋ uaim.	I have a bad pen, sir. I want a new one.
Tá smeara (smáil) ar do leaḃar sgríoḃṫa, a ḃuaċaill.	There are blots on your copybook, my boy.
Cé mar d'éiriġ sin amaċ?	How did that happen?

Ḃí ribe ar mo ṗeann, a ṁáiġistir.	There was a hair on my pen, master.
Ná bí ag aṁarc ṫart (ṫimċeall ort). Ná féaċ ṫart timċeall ort. Ná bí a' dearcaḋ ṫart.	Do not look around you.
Leig anuas an léarsgáil seo.	Let down this map.
Taḃair ḋom fráma na liaṫróide.	Get me the ball-frame.
Feicim nár ḟoġluim tú do ċeaċt (ṫeasg),* a ḃuaċaill.	I see you have not learned your lesson, my boy.
Ḃí ceann do na bileóga iḃ stróicte agus níor ḟéad mé é ḟoġluim.	One of the leaves was torn, and I couldn't learn it.
Cad ċuige naċ ḃfuil an litriuġaḋ foġlumṫa agad indiu?	How is it you don't know your spelling to-day?
Ḃí mé ag glanaḋ na ḃfataí (bprátaí) ⁊ ní raiḃ aon am agam.	I was weeding the potatoes, and I had no time.
Déan deaḃaḋ (deifir) anois agus foġluim iad.	Hurry up now and learn them.
Tá sé i n-am siamsa. Tá sé i n-am spóirt anois. Imṫiġiḋ amaċ a' déanaṁ súgarṫa ḋaoiḃ féin. Imṫiġiḋ amaċ ag imirt.	It is play time now. You may go out to play.
Ḃaḋ ṁaiṫ liom peann ḟáġail, a ṁáiġistir, mar tá an ceann tá 'san mbaile go dona.	I would like to get a pen, sir, as the one I have at home is bad.
Seo peann maiṫ ḋuit agus taḃair aire ḋó.	Here is a good pen for you, and be careful of it (take good care of it).

* teasg (=task) focal ḋe ġlan-Ġaeḋilg.

Sgríoḃaiḋ an Tríoṁaḋ Céim ó ḋeaċtuġaḋ anois / Deaċtuġaḋ a ḃeas ag an Tríoṁaḋ Céim anois.	Third Class will now write their dictation lesson.
Tá do ċeaċt go maiṫ agad, a ġarsúin.	You have your lesson very well, my boy.

AG GLAOḊAĊ NA nAINMNEAĊA. — CALLING THE ROLLS.

[Glaoiḋṫear i nGaeḋilg iad, 'ċuile ḋuine a' ráḋ "Tá mé annseo."]	[Let the names be called in Irish, everyone answering "Tá mé annseo" (I am here)].
Fanaiḋ i n-ḃur sost faḋ is ḃeas mé ag glaoḋaċ na n-ainmneaċa.	Keep silent whilst I am calling the names.
Ná cluinim focal cainte uaiḃ.	Let me not hear a word from you.
Na naoiḋeanáin, éiriġiḋ i n-ḃur seasaṁ.	The infants—stand up.
Labair amaċ níos airde.	Speak up better.
Tá mé réiḋ liḃ-se; suiḋiḋ (suiḋgiḋ) síos.	I am ready with you; sit down.
An Ċéad Ċéim, éiriġiḋ-se i n-ḃur seasaṁ.	The First Standard—ye are to stand up.
Tá duine eicín ag gleo annsin ṫíos.	Somebody is making a noise below there.

GAEḊILGE AR "THANK YOU."

Tá mé buiḋeaċ ḋíot.
Go ngnóṫuiġe Dia ḋuit.
Go mba seaċt fearr a ḃeas tú bliaḋain ó i ndiu.
Sonas ort.

Ná raiḃ an méid sin de ṫinneas bliaḋna ort ['Sé sin, ag glacaḋ buiḋeaċais ar son bioráin (ná rud beag)].
Go méaduiġe Dia do ċuid airgid [ar son airgid].
Seaċt míle beannaċt ḋuit.
Go méaduiġe Dia an ṁaiṫ ḋuit.
Caḃair ó Ḋia agad.
Go leigiḋ Dia slán ṫú.
Go dtugaiḋ Dia trócaire ḋuit.
Go dtugaiḋ Dia slán ó'n mbliaḋain ṫú.
Go ḃfágaiḋ Dia do ṡláinte agad.
Go sáḃálaiḋ Dia ṫú.
Go dtugaiḋ Dia na flaiṫis duit.
Ná raiḃ tú aon lá go bráṫaċ naċ mbéiḋ do ṡáiṫ agad.
Trócaire Dé go ḃfága tú.
Ar ċuiṁniġe Dé agus a ḋeáġ-ṁáṫar ṫú.
Go gcuiriḋ Dia ar ḃealaċ do leasa ṫú.
Go gcuiriḋ Dia an t-áḋ ort.
Go méaduiġe Dia do ċuid agus do ṁaoin.
Go seólaiḋ Dia i mbealaċ do leasa ṫú.
Go raiḃ an séan ort.
Saoġal fada agad.
Go saoġalaiḋ Dia ṫú.
Go méaduiġe Dia do ċuṁaċta.
Go raiḃ maiṫ agus fad saoġail agad.
Go leigiḋ Dia do ṡláinte ḋuit.
Beannaċt Dé ḋuit. }
Go soirḃiġe Dia ḋuit. } Ní le gaḃáil ḃuiḋeaċais iad seo.
Go raiḃ míle maiṫ agad.
Tá mé ríġ-ḃuiḋeaċ ḋíot.
Go méaduiġe Dia ṫú.
Go gcuiriḋ Dia slán ṫar anaċain na bliaḋna ṫú.
Ná raiḃ an fad sin ḋe ṫinneas seaċt mbliaḋan ort.
Go méaduiġe Dia 'ċuile ṡórt AR ḟeaḃas agad, agus daoine slána.
[Go méaduiġe Dia 'ċuile ṡórt ḊÁ ḟeaḃas agad, agus daoine slána.]
Sláinte an ḃradáin ṫré do ċeart-lár, croiḋe folláin, agus béal fliuċ.
Nár ḟága do náṁaid buaḋ go deo ort.

Go dtugaiḋ Dia na flaiṫis do t'anam.
Go gcoṁduiġe Dia ṫú.
Go dtreoruiġe Dia i mbealaċ do leasa ṫú.
Go méaduiġe Dia feoil beo, iasg marḃ, agus daoine slána agad.
Nár lagaiḋ Dia ṫú.
Ná raiḃ tú coiḋċe gan riar do ċáis.
Go gcuiriḋ Dia an t-áḋ agus an t-aṁantar ort.
Go dtugaiḋ Dia saoġal fada le séan duit.
Go mba fearr i mbáireaċ ṫú ná ar maidin indé.
Go gcuiriḋ Dia i mbealaċ do leasa ṫú maidin agus tráṫnóna agus ar meaḋon an lae.
Go mba seaċt míle fearr a ḃéas tú i gcionn ḃliaḋna agus ar a bpointe boise.
Nár ḃainiḋ Dia do sláinte ḋíot.
Go méaduiġe Dia do stór.
Go dtugaiḋ Dia sliġe agus fáġaltas duit.
Gráḋ mo ċroiḋe ṫú. Cia ar biṫ sead a ḃfuil tú indiu ann, go mba seaċt míle fearr a ḃeas tú bliaḋain ó indiu.
Go leigiḋ Dia do ċoisiḋeaċt duit.
Buaċaill maiṫ! Cailín maiṫ!
Is maiṫ a' fear ṫú.
Smior láidir in do ċnáṁaiḃ.
Seaċt míle goirm ṫú.
Beannaċt Dé le hanam do ṁarḃ.
Nár ṫagaiḋ bris ná beárna ort.
Ná raiḃ tú coiḋċe tinn go mbeiḋ mise in mo ḋoċtúir.
Nár fáġa tú bás i bpeacaḋ.
Go mbuanuiġe Dia ṫú.
Go gcuiriḋ Dia sliġe agus fáġaltas ar do láiṁ.
Nár ṫagaiḋ fuaċt ná leisg ort.
Go bḟeiciḋ mé liaṫ ṫú agus ciall ag do ċlainn.
Nár ċailliḋ mé coiḋċe ṫú.
Go dtugaiḋ Dia slán as gaċ gáḃ' ṫú.
Ceann liaṫ ort.

OBAIR NA SGOILE.— LÉIĠṪEÓIREAĊT.	SCHOOL-WORK.— READING.
Fáiġiḋ 'ur leaḃra.	Get your books.
Fáiġiḋ anois na leaḃra Béarla.	Now get your English books.
Cuiriḋ suas na leaḃra Béarla go fóill.	Put up your English books awhile.
Fáiġiḋ amaċ 'san Aiṫriseóir an áit ar sguir siḃ tráṫnóna inḋé.	Get out in the Aiṫriseóir where you left off yesterday.
Cia'n leaṫanaċ ḋe?	What page of it?
Fáiġiḋ é sin amaċ uiliġ agus ḋearcaiḋ air.	Let all of you get that out and look at it.
Fosgluiġiḋ an tAiṫriseóir ag caismirt Reaftaire.	Open the Aiṫriseóir at Raftery's discussion with the uisge beaṫa.
Tosuiġ ṫusa; léiġ an ċéaḋ ċeaṫraṁa.	Begin you; read the first verse.
Bíoḋ siḃ-se san aiṫreaċas—le n-a ċeartuġaḋ má ṫeiḋeann sé amuḋa.	Let ye be on the watch—to set him right if he goes astray.
Stad anois; an dtug siḃ fá deara dadaiḋ mí-ċeart?	Stop now; did you notice anything amiss?
Má ṫug aon duine fá deara tada ar bealaċ cuireaḋ sé suas a láṁ.	If anybody noticed that there was anything wrong, let him put up his hand.
Dul amuḋa ar biṫ? Láṁa suas.	Any mistake? Hands up.
Cia'n focal a duḃairt sé ar bealaċ?	What word did he say out of the way?
Léiġ i gceart ṫú féin anois é.	Read it rightly yourself now.
Léiġ leat; léiġ leat tuilleaḋ.	Read on; read on more.
Déanfaiḋ sin.	That will do.
Léiġeaḋ Máire Ní Ċéalla'.	Let Maire Ni Cealla read.

Fan ort; tá tú dá léiġeaḋ ro-ṫobann.	Wait on; you are reading too quickly.
Ro-ṁear go fóill.	Too quickly yet.
Staidéar; léiġ arís é go réiḋ, agus gearr amaċ na focla ó ċéile.	Easy; read it again slowly, and separate the words from each other.
Ro-sgiopṫa i gcoṁnaiḋe.	Too quick always.
Fan anois go léiġiḋ mise ḋuit é.	Wait now till I read it for you.
Féaċ le n-a léiġeaḋ mar sin ṫú féin.	Try to read it in that way yourself.
Sin é an ċaoi; léiġ leat mar sin é.	That's the way; read on like that.
Tá do sáiṫ léiġte agad.	You have enough read.
Pádraic Seóiġe anois.	Patrick Joyce now.
Árduiġ do ġuṫ níos áirde, a Ṗádraic.	Raise up your voice higher, Patrick.
Ro-íseal go fóill; féaċ annso, déan aiṫris orm-sa.	Too low yet; look here, imitate me.
Maiṫ a' buaċaill; sin é an bealaċ.	Good boy; that's the way.
Léiġeaḋ Míċeál Ó Briain anois.	Let Michael O'Brien read now.
Ce naċ bḟuil tú i n-ann é a léiġeaḋ aċt mar sin?	What! Are you not able to read but that way?
Níor léiġ tú é sin ariaṁ ċeana.	You never read that before.
Tabair iarraiḋ eile faoi.	Make another attempt at it.
An bḟuil an focal mór sin a' cinneaḋ ort?	Is that big word failing you?
Abair na litreaċa i ndiaiḋ a ċéile.	Say the letters after one another.
Abair arís níos sgiopṫa iad.	Say them again more quickly.
Cia'n focal anois é?	What word is it now?
Ní heaḋ, aċt ——.	'Tis not, but ——.

Cia'n míniuġaḋ tá leis an ḃfocal sin?	What is the meaning of that word?
Ar ċuala tú ariaṁ é?	Did you hear it ever before?
An ḃfuil fios ag aonduine agaiḃ?	Does any one of you know it?
Teasduiġeann tuilleaḋ cleaċta uait-se.	You want more practice.
Léiġeaḋ Míċeál Breatnaċ anois.	Let Michael Walsh read now.
Fuirriġ ort, a Ṁíċeáil; ná bíoḋ an oireaḋ sin deifreaċ ort.	Wait on, Michael; don't be in such a great hurry.
Ní'l tusa a' breaṫnuġaḋ romat ċor ar biṫ (i n-éa' ċor).	You are not looking before you at all.
Ní'l tú a' taḃairt na mball beag fá deara.	You are not taking any notice of the little marks.
An ḃfuil fios agad cé le n' aġaiḋ na baill ḃeaga sin?	Do you know what those little marks are for?
Gaċ ball beag aca sin dá gcastar ḋuit déan stad aige, agus breaṫnuiġ romat.	Every mark of these you meet stop at it and look before you.
Léiġ leat anois go roiġin réiḋ, ⁊ taḃair an ċiall leat go maiṫ.	Read on now, nice and steady, and bring the meaning with you well.
Léiġeaḋ Bríġid A Búrca.	Let Brigid Burke read.
Árduiġ suas do ċloigeann níos fearr.	Raise your head up better.
Beir ar an leaḃar in do láiṁ ċlí.	Hold the book in your left hand.
Aistriġ an ċaint sin anois go Gaeḋilge.	Translate that talk into Irish now.
Cuir Béarla ar an gcaint sin.	Translate that talk into English.
Abair é sin i nGaeḋilge.	Say that in Irish.
Cuir leagan eile air.	Express it in another way.

Abair é sin in do ḃealaċ féin.	Say that in your own way.
Léiġ tusa ráḋ eile.	Read you another sentence.
Aistriġ an giota sin go Gaeḋilge.	Translate that piece into Irish.

SGRÍḂNEÓIREAĊT.—CEANN-SGRÍḂINN.	**WRITING.—HEADLINES.**
Tugṫar ṫart na páipéir.	Let the papers be given out.
Tugaḋ Peadar Seóiġe ṫart iad.	Let Peter Joyce give them out.
Taḃair tusa ṫart na páipéir, a Ṗeadair.	Give the papers round you, Peter.
Éistiḋ anois.	Listen now.
Déanaiḋ aiṫris go maiṫ ar an sompla atá i mbarr an ṗáipéir.	Imitate well the sample that is at the top of the paper.
Ḃíoḋ an sgríḃneóireaċt a ḋéanfas siḃ ċoṁ cosaṁail leis an gceann-sgríḃinn agus ḟéadfas siḃ é ḋéanaṁ.	Let the writing you do be as like the headline as you are able to make it
Glacaiḋ staidéar leis an obair.	Take pains with the work.
Ní'l mé ag iarraiḋ oraiḃ an iomarca a ḋéanaṁ.	I am not asking you to do too much.
Gaċ a nDeanfa siḃ, ḋéanaiḋ go maiṫ é.	Whatever you do, do it well.
Congḃuiġiḋ na litreaċa beaga coṁtrom le ċéile, gan cuid aca a ḃeiṫ níos airde ná an ċuid eile.	Keep the small letters even with one another, without some of them being higher than the rest.
Sgríoḃaiḋ gaċ aon ḟocal gan an peann a ṫógáil do'n ṗáipéar i lár an ḟocail.	*Let ye* write each word without lifting the pen off the paper in the middle of a word.

Aon iarraiḋ aṁáin faoi 'ċuile focal. Ná bíoḋ aon ḃriseaḋ 'sa' ḃfocal ó ṫús go deireaḋ.	One effort with each word; let there not be any break in the word from beginning to end.
Sgríoḃaiḋ go glan stuam-ḋa, gan an páipéar a ṡaluġaḋ.	*Let ye* write nicely and neatly, without soiling the paper.
Ná feicim smál duḃaiġ orta.	Let me not see any blot of ink on them.
Congḃuiġiḋ na focla díreaċ ar aġaiḋ a ċéile, agus coṁṫrom leis an gceann-sgríḃinn.	Keep (*ye*) the words straight opposite one another and even with the headline.
Oibriġiḋ liḃ anois.	Work on now.
[Sgríoḃann siad go mbíonn an t-am caiṫte.]	[They write till the time is up].
Éiriġiḋ in-'ur seasaṁ—siḃ-se sa gcéad suiḋeaċán.	Stand (ye) up—you in the first desk.
Tarbáiniḋ ḋom an sgríḃ-neóireaċt atá déanta agaiḃ.	Show me the writing you have done.
Maiṫ a'buaċaill—tá sgríḃ-neóireaċt ṁaiṫ déanta agad-sa.	Good boy; you have good writing done.
Ní'l obair ċoṁ maiṫ sin déanta agad-sa.	Your work is not quite so well done.
Baḋ ċeart duit t'am a ġlacaḋ ní b'ḟearr leis.	You should take your time better with it.
Cia'n ċaoi ar éiriġ leat-sa an smál duḃaiġ sin a ḃeiṫ ar do ṗáipéar?	How did it happen you to have that blot of ink on your paper?
Cuireaḋ an iomarca duḃ-aiġ sa mbuidéal.	There was too much ink put in this bottle.
Ní raiḃ tusa ag aiṫris ar an sompla a ḃí roṁat.	You were not imitating the sample that was before you.
Ṫug tú sléim ró-ṁór do na litreaċaiḃ.	You gave too big a slope to the letters.

Tá siad geall le beiṫ díreaċ 'sa gceann-sgríḃinn.	They are almost straight in the headline.
Seo é an páipéar atá sgríoḃṫa go maiṫ.	This is the paper that is written well.
C'uige naċ ndéanfaḋ siḃ-se sgríḃneóireaċt ċoṁ maiṫ léiṫe sin?	Why would you not do writing as good as that?
Teasbáin ṫusa do ṗáipéar.	Show me your paper.
Ní páipéar maiṫ é seo i n-éan-ċor.	This is not at all a good paper.
Céard d'éiriġ ḋuit-se? Tá do ṗáipéar smearṫa le duḃaċ fré ċéile.	What happened to you? Your paper is soiled over entirely with ink.
Féaċ le do ṗáipéar a ċongḃáil go glan cé' biṫ rud a ḋéanfas tú.	Whatever you do, try to keep your paper clean.
Má ḃíonn do ṗáipéar glan ní ḋearcfaiḋ do sgríḃ-neóireaċt go dona.	If your paper is clean your writing will not look badly.
Is beag an ṁaiṫ ḋuit sgríḃneóireaċt ṁaiṫ a ḋéanaṁ nuair naċ dtig leat do ṗáipéar a ċong-ḃáil níos glaine.	It is little good for you to write good writing when you cannot keep your paper cleaner.
Seo í an ṡgríḃneóireaċt ar ċuma ar biṫ!	This is the (good) writing at any rate!
Seo í an sgríḃneóireaċt is deise a casaḋ orm go fóill indiu.	This is the neatest writing I met yet to-day.
Seón [*dim.* seóinín].	John (only in families of English origin).
Seónac, *dim.* Seónaiḋ.	Joneck, *Jonathan.*
Síomonn, *gen.* Síomoinn.	Sigmund, *Simon.*
Solaṁ.	Solomon.
Soṁairle. Saṁairle.	Somerled, Sorley, *Samuel, Charles.*
Stiaḃán. Stiaḃna, *dim.* Stiaiḃnín. Steafán. Stiofán, *dim.* Stiofáinín. Stioḟán.	Stephen.
Suiḃne, *dim.* Suiḃnín.	Suibhne, *Simon.*
Taḋg, *dim.* Taiḋgín.	Tadhg, Teig, Teague, *Thaddeus, Thady, Theophilus, Timothy.*
Taḋgán.	Tegan.
Tailc, Talc, Dailc.	Talc.
Tioboid.	Tybbot, *Theobald. Tobias, Toby.*
Toirḋealḃaċ.	Turlough, *Terence, Charles.*
Tomaltaċ.	Tomaltach, *Thomas.*
Tomás, *dim.* Tomáisín.	Thomas, Tom.
Tréan, *gen.* Tréin, Treóin.	Tréan.
Tuaṫal.	Tole, Toal, Tully.
Uaiṫne, *dim.* Uaiṫnín.	Owney, Oiney.

Uilliam, *abbr.* Liam, *dim.* Liaimín.	William, Willy, Billy, Bill.
Uilix.	Ulysses.
Uillioc.	Ulick.

ÉISG.	FISHES.
Báirneaċ.	Limpet.
Giúirneaċ.	Barnacle.
Ballaċ.	Rock-fish.
Bradán.	Salmon.
Breac.	Trout.
Bullamán.	Spanish Mackerel.
Cadóg.	Haddock.
Ealabó.	Halibut.
Cnúdán.	Mullet.
Crúdán dearg. / Diuilicín.	Red gurnet.
Easgann.	Eel.
Eoċra.	Spawn.
Faoċa.	Periwinkle; *pl.*, faoċain.
Faoitín.	Whiting.
Fígeaċ / Feangaċ / Freanngaċ	Dog-fish.
Glasán. / Gliomaċ.	Lobster.
Iomán.	Trout.
Lábán.	Roe.
Lang.	Ling.
Mangaċ.	Pollock.
Marlaos. / Murlas.	Mackerel (Co. Donegal).
Míol mór.	A whale.
Muc ṁara.	Porpoise.
Muirín.	Shell-fish.
Oistire.	Oyster.

Piseóg.	Bream.
Plás.	Plaice.
Portán.	Crab.
Roc.	Ray.
Runnaċ.	Mackerel.
Sandar.	Skeat.
Searraċ gorm.	A kind of dog-fish.
Sgadán.	Herring.
Smugairle róin.	Jelly-fish, *lit.*, spit of the seal.
Trosg.	Cod.

Éanlaiṫ fairrge. — Sea-birds.

Caḃail sgréaċóg Cailleaċ Bruṫeléana Braḋal	Cormorant.
Crosán.	Puffin.
Crutóg, crutaċ.	Curlew.
Éan aille.	Diver.
Faoċa ṁór.	Large bird with white breast and white circle round its eyes.
Faoilleán.	Gull.
Geabróg.	Tern.
Laḃrán tráġa.	Sea lark.
Mairtíneaċ.	Some small bird that follows ships out at sea.
Ruiṫleaċa na tráġa.	Oyster catchers.

Éanaċa eile. — Other birds.

Áinleóg.	Swallow.
Cabaire breac.	Magpie.
Cág.	Jackdaw.

Cairlín.	Wheat-ear.
Céirseaċ.	Thrush.
Creaḃar.	Quail.
Cuaċ.	Cuckoo.
Dreoilín.	Wren.
Druid.	Starling.
Fuiseóg.	Lark.
Géaḋa.	Geese.
Gealḃann.	Sparrow.
Sgiaṫán leaṫair.	Bat.
Glásóg. Glasairgín.	Water wagtail.
Iolar.	Eagle.
Londuḃ.	Blackbird.
Pearóid.	Parrot.
Préaċán.	Crow.
Ruaḋán aille.	Sparrow-hawk.
Smólaċ.	Thrush.
Spideóg.	Robin redbreast.
Traḋna.	Corn-crake.

Focail ó Árainn. — ARAN WORDS.

Ainmneaċa Neiṫe Baineas le Maraiḋeaċt. — Names of Things connected with the Sea.

Bád móna.	Boat carrying turf.
Bád tróiléaile.	Trawler.
Braċluinn.	Breakers.
Buait.*	Bait.
Céiḃ.	A pier.
Ceóḃarnaċ, brádán.	Mist, drizzling rain.
Cláirín deiriḋ.	Back board of corrach.
Cláirín crainn.	Cross board in which mast is set.

* Baoite.—B'féidir naċ é seo an litriuġaḋ ceart, aċt tá sé do réir na fuaime.

Crann mór.	Mainmast.
Crunga.	Thole-pin.
Crunga gabála.	Thole-pin for oar used in steering.
Doruġa, *pl.* doruiġṫe (*pron. driffa*).	Fishing lines.
Eangaċ.	A net.
Eiteógaí.	Fins of a fish.
Fága.	Hollow between waves.
Fonnsa.	Cross rib of corrach.
Fráma.	Bulwarks of corrach.
Gabáil báid.	To steer a boat.
Galtán.	Steamer.
Giorr-ṫráġaḋ.	Ebb tide; tide black out.
Glionda.	Reel or wooden square round which the fishing lines are rolled.
Gob.	Bow of corrach.
Iompóḋ.	Capsize.
Iomraṁ.	To row.
Iomróir.	A rower.
Is glas an lá é.	It is a wild, windy, grey day.
Lannaiḋe.	Scales of fish.
Lá meirḃ.	Close, muggy, sultry day.
Lán mara.	Full tide.
Lán-ṫráġaḋ, díoṫráġaḋ.	Low tide.
Leaṫ-ḃord.	One tack of a sailing boat.
Líonta.	Nets.
Liuḃraċa.*	Longitudinal lathes in framework of corrach.
Long.	Ship.
Lonnaiḋe.	Heavy, deep swells.
Maide ráṁa.	Oar.
Mall-ṁuir.	Neap tide.
Proganaiḋe.	Small joists or beams under the fráma.

* Liúraċa—seo é fuaim an ḟocal, ⁊ sílim gur mar sin buḋ ċeart é sgríoḃaḋ.

Púcán.	A one sailed boat.
Raḃarta.	Spring tide.
Rollaiġe.	Frames of wood in which the crungaiḋe are set.
Seól tosaiġ.	Fore-sail.
Seólta treasna.	Square sails.
Snáṁ mara.	High water mark.
Soiġṫeaċ.	Ship.
Stiúir.	Rudder.
Srón báid.	Bowsprit.
Sruṫair.	A small sea channel.
Taḃarnáil.	Tacking.
Tá {caoiriġ / bláṫa} bána ar ġarrḋa an iasgaire inḋiu.	There are "white horses" on the sea to-day (*lit.*, on the fisherman's garden).
Tá cóir soir aici.	She has a fair wind eastwards.
Tá sé i nḋíoṫrágaḋ, i ngiorr-ṫrágaḋ.	It is low tide.
Tá sé na ṫrágaḋ.	The tide is out.
Ṫáinig crúb fairrge orainn.	A big wave came on us.
Tról, *pl.* trólanna.	Fishing line.
Tuile ⁊ trágaḋ, caiṫeann sé an lá.	Rising tide and ebbing tide, that takes up the day.

LUSRAĊA, ⁊rl. — HERBS, ETC.

Arbar.	Rye.
Brob.	Rushes, sedge.
Caḃarlaċ. / Coirleaċ. }	Kind of seaweed, long and thick.
Caonaċ.	Moss.
Copóg ruaḋ.	Dock.
Crúibíniḋe.	Cranberries.
Dóċasaċ.	Dandelion.
Driseaċaí.	Blackberry bushes.

Brosna.	Faggots.
Feamann.	Seaweed.
Faḋarcán.	Small stump of branch on tree.
Foirm.	Sort of plant.
Fóramand.	Wormwood.
Gáirleóg.	Garlic.
Ruaḋánaċ.	Seaweed (long, stringy kind).
Suġ talṁan.	Strawberry.
Sméara.	Blackberries.
Truim.	Elder.

Tiġeaċas, déanaṁ tiġe, ⁊rl. — HOUSE, BUILDING, ETC.

Baint.	Digging.
Babléar.	Block of granite.
Bácús.	Oven.
Balla tirim.	A wall built without mortar.
Balla foidín.	A ricketty kind of wall.
Cloċadóir.	Stone-cutter.
Coiléar.	Quarry.
Congbaiḋ!	Help! heave!!
Croċ.	Hook.
Cuir ar a corr í.	Put it (the stone) on its edge.
Cuir ar a leitead í.	Put it on its width.
Cuir ar a leatan í.	Put it on its flat.
Cuir ar a fad í.	Put it on its length.
Ding.	Wedge.
Doras dúnta.	A back door.
Eiṁir.	Granite.
Feac.	Handle of spade or scythe.
Gallaoireaċ.	Soap.
Glan an smúdar.	Clean out the bits.

Greideal.	Gridiron.
Gróḋ.	Crowbar.
Leacraċa.	Thin pieces of stone, flags.
Losaid.	A wooden utensil for preparing flour.
Piocóid.	Pickaxe.
Pluid.	Blanket.
Sluasaid.	Shovel.
Sméaróid.	(1) A burning coal; (2) a gleam of sense.
Smeaċóid.	
Spáid.	Spade.
Spala, *pl.* spalaí.	Small stones or pebbles used in masonry to keep a stone from wobbling.
Suas léi.	Up with it.
Tá sí ag bogaḋ.	It (the stone) is beginning to move.
Taraċar.	An auger.
Tógbáil balla.	To build a wall.
Tollaḋ.	Piercing, boring.
Tornóg aoil.	Lime kiln.

AINMNEAĊA GAḊAR.

Seo iad ainmneaċa na ngaḋar a ḃí ag na Fiannaiḃ ag Seilg Loċa Léin i réir mar d'innis Oisín do Naoṁ Pádraig iad. Ní earbaḋ ainmneaċa deasa atá ar ṁuintir na hÉireann le taḃairt ar a gcuid gaḋar, agus 'na ḋiaiḋ sin is eile, ní'l madaḋ sa ċéad a ḃfuil ainm Gaeḋealaċ air.

Do ḃí ann Sgeólán agus Bran,
Lomaire, Brod, agus Lom-lúṫ,
Ċúig cona i dtús seilge is gníoṁa,
Naċ sgaraḋ coiḋċe le Fionn.

Gaḋair Ḟinn.

Do ḃí ag Fionn do ġaḋraiḃ binne,
Uaiṫnín, Bríoġṁar, 7 Uaill-ḃeó;
Stealláire, Reaċtaire, is Dian-rás,
Callaire, Fiaḋmán, is Sgiarlóg.

Do ḃí aige Manaire agus Tréan,
Luas, Saoṫar, Searc, is Cuaird,
Banduir, Caṫḃuaḋ, agus Liasán,
Radaire, Grianán, agus Fuaim.

Do ḃí aige Lom-ḃall 7 Monarán,
Feargaċ, Fearán, Bonn, 7 Rás,
Cnagaire, Féirín, agus Ball-úr,
Mallaire, Tréan-lúṫ, agus Rinn-ḃárr.

Do ḃí aige fós Duanán mear,
Suanán, Bearc, 7 Feall,
Leagaire, Foraire, 7 Sliomán,
Criṫire, Larbarán, 7 Geall.

Ag sin agad-sa, a Ṗádraic ḃáin!
An líon con áilne is gaḋar tréan;
Do rug Fionn ó Ċnoc an Áir,
Go leirg is go sleasaiḃ Loċa Léin.

Gaḋair Osgair.

Do ḃí ag Osgar do ṡaioċ-ċonaiḃ,
Fead 7 Fortaiġ, Cluain, is Faoḃar;
Aire, Mire, Faire, is Luas,
Daol, Gruaim, Fíor, is Caol.

Do ḃí 'na ndáil do ġaḋraiḃ binne.
Clear, Filleaḋ, Maig, is Ruaig,
Altán, Farraire, Síṫ-ċruaiḋ, is Gearr,
Dranaire, Réim, Obann, is Cuan.

Do ḃí aige Lorgaire, Feiṫeaṁ, is Bonn,
  Corgaire, Feam, Bualtán, is Fraoċ,
Cealgán, Meang, Preabaire, is Pian,
  Stracaire, Rian, Glórán, is Caoṁ.

Gaḋair Ḟaoláin.

Do ḃí ag Faolán do ċonaiḃ áilne.
  An-uaill áġṁar, Uaill, ⁊ Fosṫaiġ,
Barcán, Feamaire, Caolán, is Cuaċ,
  Daolán, Suan, Arr, is Foṫram.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ binn-ġlórac'
  Marḃán, Forḟógra, Fiar, ⁊ Teilg,
Colgán, Fásgaḋ, Finóṁn, is Creaċ,
  Léirsgrios, Feall, Uaill-binn, is Leirg.

Do ḃí aige fós Glaisín is Beolán,
  Formaoil, Ciarḃán, Gluais, is Lorg;
Truaḋnán, Ciarḃoċt, ⁊ Cian-ċuaird,
  Oċtán, Iolġuair, Fleaġ, ⁊ Fosṫaiġ.

Gaḋair Ġoill Ṁic Ṁóirne.

Do ḃí ag Goll do ċonaiḃ saoiṫe,
  Gluaire, Bíoḋgaḋ, Créaċt is Airc;
Cian, Raḋarc, Éisdeaċt is Páirt,
  Tréan-lúṫ, Báire, Eitioll, is Fear.

Do ḃí aige Fulang agus Éadtrom,
  Fuarán, Éaga ⁊ Teannán;
Árd-léim, Sár-ruiṫ, ⁊ Imċian,
  Garḃán, Fiall, ⁊ Leannán.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ uaill-ḃinn'
  Bog-léim, Sgíṫ, Golán agus Tóir,
Searḃán, Grod-uaill, agus Seaċrán,
  Fó-luaim, Fead-ġáir, agus Ranntóir.

Do ḃí aige fós Maoilín binn,
Tuargaire, Ring, agus Amalán,
Dranaire, Nim-ḟiacail, agus Stracaḋ,
Cluanaire, Trom-ġearr, agus Searcán.

GADAIR ṀIC LUĠḊAĊ.*

Do ḃí do ċonaiḃ ag Mac Luġḋaċ,
Seaḃaċ, Lúingeaċ, agus Éirleaċ;
Mór-ṫáin, Cumán, agus Fuarma,
Aolán, Sguabaḋ, agus Faoḃar.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ beóḋa,
Luadrán, Seólaḋ, agus Tacaḋ;
Cúl-saor, Mion-ġáire, agus Stuaim,
Biadán, Bruaċair, agus Casaḋ.

Do ḃí aige fós Iomlán cruaiḋ,
Caorán, Duairc, agus Cuileóg,
Arguin, Breac-ḃall, agus Dunúir,
Mearḃall, Fionnḋúir, agus Trusló g.

GADAIR ṀIC RÓNÁIN.

Do ḃí ag Mac Rónáin ġrinn,
Do ċonaiḃ luaiṫe ⁊ saoiṫe,
Cuan-ċoiméad, ⁊ Maċaire mear,
Cnáṁaċ, Úrlaċ, ⁊ Gaoiṫe.

Do ḃí aige fós Niaṁraċ luaṫ,
Ainṁear, Tuairt, ⁊ Néal,
Eólaċ, Ladruin, agus Bolg seang,
Meanṁain, Feam, agus Traost.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ fó-luaimneaċ,
Craipléir, Suan, agus Toirs,

* Mac do Ḋáire Dearg, mac mic do Ḟionn Mac Cumaill buḋ eaḋ Mac Luġḋaċ. Luiġeaċ an t-ainm ḃí ar a ṁáṫair agus tugaḋ ainm na máṫar air.

Cúinne, Guagán, Doċt, is Dóiṫ,
Buanán, Fóir, ⁊ Foirg.

Do ḃí aige Duardán ⁊ Snas,
Lomán, Caṫ, ⁊ Coiṁeasgar,
Caibín, Gealán is Luaiṫ-ġléas,
Foiṫin, Béas ⁊ Baoise.

Do ḃí aige fós, Garḃ-uaill géar,
Fuaiṫín, Taomaḋ, ⁊ Lorcán,
Alpaire, Grod-ġáir, ⁊ Tearc,
Cuanair, Bonnlaice, agus Uamán.

GAḊAIR ḊIARMADA UÍ ḊUIBNE.

Do ḃí ag Diarmaid Ua Diuḃne,
Do ċonaiḃ saoiṫe i lom-lúṫ,
Cóirsir, Nóinín, ⁊ Géar-leanaḋ,
Duilleóg, Léim-ḟada, ⁊ Clúid.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ seilge,
Cualán, Loingeaċ, ⁊ Gláiṁ,
Duḃ-ġreim, Follaire, ⁊ Iarraċt,
Fuarcán, Glamaire, agus Aonarán.

GAḊAIR ĠLAIS.

Do ḃí do ċonaiḃ ag Glas caoṁ,
Treabaire, Searg, ⁊ Mórdáil.
Luabán, Bonnsaċ, Seangaire, is Triall,
Lorgán, Stiallaire, ⁊ Tráċtán.

Do ḃí do ġaḋraiḃ aige 'na ḃroċair,
Iallán, Corsair, Treas, ⁊ Trú;
Cianán, Gaimbín, Falla, ⁊ Tréan,
Riamán, Seirce, Barc, ⁊ Crú.

GAḊAIR FEARĠUIS ḞINN-ḂÉIL.

Do ḃí ag Fearġus file Ḟinn,
  Do ċonaiḃ ba ġníoṁaċ lúṫ;
Giodán, Fuadaċ, ⁊ Rinn-ruiṫ,
  Luadrán, Fuinneaṁ, Géiḃeann, ⁊ Dúil.

Do ḃí aige do ġaḋraiḃ glam-ḃinne,
  Fuaṫán, Dlaċt, Fior, ⁊ Lionán,
Cuasaċ, Ḃiṫ-ḃinn, ⁊ Gruagaċ,
  Uamaċ, Ḃleaċt, ⁊ Dlaċtán.

Do ḃí agam-sa féin, a Ṗádraic!
  Agus ag các ó sin suas;
I n-éagmuis na gcon is na ngaḋar úd,
  Deiċ gcéaḋ ar lúṫ naċ ḃfuilim do luaḋ.

SEAN-ḞOCAIL.	PROVERBS.
Áilneaċt mná ionnraice ġní conntas cruaiḋ.	The beauty of a righteous woman excites hard dispute.
I n-am na broiḋe braiṫtear do ċongnaṁ.	In the time of trial your help (however little) is felt. In time of prosperity, friends will be plenty. In times of adversity, not one amongst twenty.
Aimiḋeaċt ġearr is í is fearr.	The less of folly the better.
Ar lí ní breiṫeaṁ fear gan súile.	A man without eyes is no judge of colour.
Aiṫniġeann ciaróg ciaróg eile.	One chafer knows another chafer.
Aiṫniġeann mórḋaċt moḋ-aṁlaċt.	Greatness knows gentleness.

Aiṫniġeann óinṁid loċt amadáin.	A foolish woman knows the faults of a man-fool.
Aiṫniġṫear caraid i gcruaḋṫan.	A friend is known in distress. *Mas vale buen amigo que pariente primo* (*Spanish*). A friend in need is a friend indeed.
An duḃ-ġné ní haṫruiġṫear é.	The black hue is not changed.
An rud naċ ngoidtear fáġtar é.	The thing that is not stolen is found.
An rud a ṫéiḋear i ḃfad, téiḋeann sé i roiġnear.	That which is not seen to in time becomes neglected.
An rud naċ ḃfáġtar, 'sé ḟoirear.	What cannot be had is just what suits.
An rud a ċoigilear na mná, iṫeann na cait é.	What the housewives spare the cats eat.
An té naċ truaġ leis do ċás, ná déan do ġearán leis.	To him who has no pity for your state, tell not your complaints.
An té naċ n-ólann aċt uisge, ní ḃéiḋ sé ar meisge.	He who drinks only water will not be drunk.
An tslat naċ nglacann sníoṁ.	The rod that admits no twisting. It is not easy to straighten in the oak the crook that grew in the sapling.
An tséod do-ḟáġala 'sí is áilne.	The rare jewel is the most beautiful.
An t-uan ag múineaḋ méiḋliġe d'á ṁáṫair.	The lamb teaching its dam to bleat.
Aṫruiġṫear gné na haim-sire.	The appearance of the times is changed.
Beaṫa ḋuine a toil.	His will is a man's food.
Beaṫa an staraiḋe fírinne.	Truth is the historian's food.

Béal eiḋin is croiḋe cuilinn.	A mouth of ivy and a heart of holly.
Bíonn áḋ ar amadán.	There is luck attending a fool.
Bíonn borb faoi sgéiṁ.	The wrathful is (often veiled) in beauty's dress.
Bíonn adarca fada ar na buaiḃ tar lear.	Foreign cows wear long horns. Everything coming from a distance (we think) better than our own.
Bíonn cluid ḟearsgair ag an traoṫraiḋe.	The dutiful labourer has a quiet homestead.
Bíonn cluanaiḋe i ndeaġċulaiḋ.	A sly rogue is often in a good dress.
Bíonn blas ar an mbeagán.	The smaller the sweeter. There is taste on what is scanty.
Bíonn raṫ ar an tsraoilliġeaċt.	There is prosperity attending slovenliness.
Briseann an dúṫċas tré ṡúiliḃ an ċait.	Nature breaks out of the eyes of the cat. (Nature asserts herself.)
Breaṫnuiġ ar an aḃainn sul a dtéiḋir 'na ċalaiṫ.	Look at the river before you go to the ferry.
Bróga 'sa gcliaḃán, laḃar 'sa laiṫiġ.	Shoes in the cradle, the foot in the mire.
Buaiḋfiḋ an t-eaċ nó caillfiḋ an srian.	The horse shall win, or the bridle will lose (*i.e.*, fail).
Buaine clú 'ná saoġal.	Fame is more enduring than life.
Cailleann duine rud le n-a ṁúineaḋ.	A person loses something to teach himself.
Ċaill sé ins an gcasaḋ é.	He lost it in the turning.
Ċaill sé ins an meaḋaċan é.	He lost it in the weight.
Caoin le ceannsa.	Gentle with the meek.
Caoṁnann dóċas an t-inġreamaċ.	Hope soothes the persecuted.
Ceann mór gan ċéill.	Big head without sense.

Ceann mór na céille bige.	Big head, little sense.
Cia ar biṫ duine ólas, 'sé Doṁnall íocfas.	Whoever drinks, Donald pays.
Claoiḋeann neart ceart.	Might subdues right.
Cnuasuiġ (bailiġ) i n-am oireaṁnaċ.	Provide in a reasonable time.
Cormac, breiṫeaṁ na mbreaṫ fíor.	Cormac, judge of just judgments.
Cuairt ġearr 'sí is fearr.	A short visit is the best.
Cuairt ġearr is a déanaṁ go hannaṁ i dtiġ do ċarad.	A short visit to the house of a friend, and even that seldom paid.
Dall ar lí ní breiṫeaṁ fíor.	A blind man is not a judge of colours.
Deacair dréim leis an muir ṁóir.	Hard to contend with the wide ocean.
Dealg ṁúnlaiġ, fiacail ċon, is focal amadáin, na trí neiṫe is géire ar biṫ.	A thorn in mire, a hound's tooth, and a fool's retort, are the three most pointed things at all.
Dearḃ cara roiṁ riaċtanas.	Prove a friend ere necessity.
Dearḃráṫair do leadránaċt ólaċán.	Drinking is brother (to) robbery.
Dearḃráṫair do Ṫaḋg Doṁnall.	Donald is brother to Thady. A chip of the same block.
Déirc d'á ċuid féin do'n amadán.	An alms from his own share is given to a fool.
Déirc an ṁailín láin.	An alms into the full bag.
Díoṁaoineas mian amadáin.	Idleness a fool's desire.
Dliġe na hiasaċta an t-iasaċ do ḃriseaḋ.	The law of lending is to break the borrowed thing.
Dóċas liaiġ gaċ anró.	Hope, the physician of all misery.
Doiliġ an t-uaiḃreaċ do ċeannsuġaḋ.	It is difficult to soothe the proud.

Éanlaiḋ na h-aon-ċleite faoi aon-sgeiċ.	Birds of a feather under the same bush. Birds of a feather flock together.
Éire óg, Oileán na Naoṁ.	Youthful Éire, Isle of Saints.
Fada cuiṁne sean-leinḃ.	Lasting is the recollection of an old child.
Fág an Céis mar tá sí. (Deirtear é seo le duine ceanndána, fear nać féidir a aṫruġaḋ aċt an oiread le Sliaḃ Céis.)	Leave the Keish as it is. (Applied to a person who cannot be changed, just as the mountain named Keish cannot be moved.)
Fáġann na ba bás fad is ḃíos an féar ag fás.	The cows die while the grass is growing.
Féadaim ór do ċeannaċ go daor.	I can buy gold at a great price.
Féadann cat dearcaḋ ar an ríġ.	A cat can look at a king.
Fearg is fuaṫ náṁaid an deaġ-ġráḋa.	Anger and hatred are the foes of pure love.
Fear na h-aon-ḃó fear gan aon-ḃó.	The man of one cow—a man of no cow.
Fearr fuin fleiḋe 'ná tús gioraic;	The end of a feast is better than the commencement of a shindy,
agus	and
Fearr deireaḋ fleiḋe ná tús bruiġne.	The last of a feast is better than the commencement of a fight.
Fearr dreóilín i ndorn 'ná corr ar cáirde.	A wren in hand better than a crane yet on loan (yet to be caught). *Mas vale payaro en la mano, que búytre volando* (*Spanish*).
Fearr madaḋ beó ná leoġan marḃ.	A living dog is better than a dead lion.

Fearr a oileaṁain 'ná a oideaċas.	His rearing (has been) better than his education.
Fearr dá ṡúil 'ná aon tsúil.	Two eyes are better than one.
Fearr clú 'na conáċ.	Better fame than wealth.
Fearr coigilt ar dtús ná ar deireaḋ.	Better to spare in the beginning than at the end.
Féis Teaṁraċ gaċ treas bliaḋain.	Tara's parliaments were every third year.
Foiġid leiġeas sean-ġalair.	Patience is the cure for an old complaint.
Foillsiġṫear gaċ níḋ le haimsir.	By time everything is revealed.
Furus fuineaḋ i n-aice na mine.	It is easy to knead near flour.
Fuar cumann cailliġe.	Cold is an old dame's affection.
Gaċ am ní heagnaċ saoi.	At all times a sage is not wise.
Gaċ leanḃ mar oiltear, gaċ óige mar áḋḃar.	Every child as nursed, every web as its materials.
Gaċ dalta mar oiltear.	Every nursling as he is nursed.
Gaċ a ḃfaġṫar go holc, imṫiġeann go holc.	What is got badly goes badly.
Gaċ níḋ daor mian gaċ mná.	Everything dear pleases a woman's fancy.
Gaċ corr do réir a hiotaḋ.	Every crane according to its thirst.
Gaċ coinneal i gcoṁluadar.	Every candle in company.
Gaċ uile neaċ do réir a ġné.	Every person according to his cast of mind.
Gan lón, gan ċaraid.	Without store, without friend.
Gan oileaṁain, gan moḋ.	No rearing, no manners.

Gan ciste is fuar an ċliú.	Without a treasure, fame is dull.
Gean gaċ leantaċ a ċuid annsaċt.	The affection of every follower is for his own coziness.
Glóir naċ dtuilleann an ceann, ní fearr a ḃeiṫ ann nó as, agus An glór naċ dtuigeann an ceann, is cuma é ḃeiṫ ann no as.	The glory which the head cannot bear, it should not be there, and The sound the head does not understand,it doesn't matter whether there or not.
Gníḋeann ciste carṫannaċt.	Wealth creates friendship.
Gníḋeann maiṫ maiṫeas.	Good begets goodness.
Gníḋeann olc olc.	Bad begets badness.
Gníḋeann saiḋḃir do réir a aonta.	A rich man acts according to his wish.
Gníḋ tart tart.	Thirst produces thirst.
Gníḋeann bladar caradas.	Flattery begets friendship.
Is binn é béal 'na ṫost.	A silent mouth is melodious. *En bocca cerrada no entra mosce (Spanish).*
Is caol a ṫigeas an t-áḋ, aċt 'na ṫuilṫiḃ móra ṫigeas an mí-áḋ, nó 'Na sruṫáin ċaola ṫigeas an t-áḋ, aċt 'na ṫuilṫiḃ móra ṫigeas an mí-áḋ.	In slender currents comes good luck, but in rolling torrents comes misfortune.
Is coim cábán do ḃoċt.	A hut is a palace to a poor man.
Is dall an grá ḋ baoṫ.	Self-love is blind.
Is dall súil i gcúil duine eile.	Blind is the eye in the private abode of another; that is, a man is silent in a strange place.

Is fada ó'n láiṁ atá i gcian.	Far from the hand which is in a distant (land).
Is fearr an ṁaiṫ atá 'ná an ṁaiṫ a ḃí.	The good that is, is better than the good that (once) was.
Is fearr a oileaṁain 'ná a ṫógḃáil.	His rearing is better than his education.
Is fearr beagán do'n ġaol 'ná mórán do'n ċarṫannaċt.	A little relationship is better than much friendship.
Is fearr cara 'sa gcúirt 'ná bonn 'sa sparán.	A friend at court is better than a groat in the pocket.
Is fearr coigilt i n-am 'ná i n-antráṫ.	It is better to spare in time than out of time.
Is fearr é 'ná an easbaiḋ.	It is better than its want. A wooden leg is better than no leg.
Is fearr é 'ná an t-iasaċt naċ ḃfuiġteá.	It is better than the loan you could not get.
Is fearr greim do ċoinín 'ná ḋá ġreim do ċat.	One morsel of a rabbit is better than two of a cat.
Is fearr imreas 'ná uaig-neas.	Contention is even better than loneliness.
Is fearr an troid 'ná an t-uaigneas.	Fighting is even better than loneliness.
Is annaṁ leis an gcat sraṫar do ḃeiṫ air.	It is seldom the cat has a straddle on him.
Is fada ó'n stuaim an stocaireaċt.	Peevishness is anything but sensible.
Is fearr stuaim 'ná neart.	Cleverness is better than strength.
Is treise gliocas 'ná neart.	Cunning is superior to strength.
Is goire cabair Dé 'ná an doras.	God's aid is nigher than the door.
Is glas iad na cnuic i ḃfad uainn.	The hills seen afar off look green.

Is glas iad na cnuic i ḃfad uainn, aċt ní féaraċ.	Hills at a distance appear green, but not grassy.
Is gnáṫ santaċ i riaċtanas.	The covetous is always in want.
Is mall 's is díreaċ díoġaltas Dé.	Late and sure is the justice of God.
Is milis fíon, is searḃ a íoc.	Wine is sweet, its payment is sour.
Is dona an giolla, aċt is measa gan é.	Bad is a (bad) servant, but it is worse to be without him.
Is iomḋa lá 'sa gcill orainn.	Many a day shall we rest in the clay.
Is mairg a ḃíos 'san tír naċ n-aiṫeantar é.	It is a poor thing to be in a country where one is not known.
Is mairg a ḃíos go h-olc 's a ḃeiṫ go boċt na 'ḋiaiḋ.	It is a poor thing to be stingy, and to feel troubled after the little that is given.
Is maiṫ an t-iománaiḋe an té ḃíos ar an gclaiḋe.	He is a good hurler who is on the ditch.
Is maiṫ an marcaċ fear ar talaṁ.	A good horseman is the man on the ground, *i.e.*, on foot.
Is minic a ḃí gránna geanṁail ⁊ dataṁail dona.	Often was ugly amiable, and pretty sulky.
Is samraḋ gaċ síon go Nodlaic ⁊ fásaċ go doirse. (Cialluiġeann sé seo naċ dtagann an droċ-aimsir go taca na Nodlag).	Every state of weather is summer till Christmas, and grass to the doors (meaning that the worst weather does not appear till after that season.)
Is minic ḃíos an fírinne searḃ.	Very often the truth is sour.
Is searḃ an fírinne, aċt is milis an ḃréag ar uairiḃ.	Truth is bitter, but a lie is savoury at times.
Is mór taiḋḃseaċ iad aḋarca na mbó tar lear.	Wonderful in appearance are the horns of the cows beyond the seas.

Is túisge deoċ 'ná sgéal. (Ḃí sean-ġnás againn fad ó, deoċ a ṫabairt do ṡeanċaiḋe sul tosóċaḋ sé ag innsint sgéil).	A drink comes before a story. (Suggested by the old practice of giving *story-tellers* a drink before they began to rehearse their tales).
Láṁ ag sgapaḋ ⁊ lám ag tárrṫáil.	A hand scattering and a hand saving.
Leanḃ loisgṫe, fuaṫuiġeann teine.	A burned child dreads the fire.
Leiġeas gaċ bróin cóṁráḋ.	Conversation is a cure for every sorrow.
Liaiġ gaċ boċt bás.	Death is every poor man's physician.
Loiteann aoraḋ mór-ċlú.	Satire injures great fame.
Luiġeann sonas ar amadán.	Good fortune abides with a fool.
Má táim buiḋe, tá croiḋe geal agam.	If I am yellow I have a fair heart.
Mairg d'ar céile baoṫán borb.	It is sad for the person whose parson is a haughty varlet.
Mairg ṫréigeas a Ṫiġearna (ṫiġearna).	'Tis an evil thing (for him who) forsakes his Lord (lord).
Mairg ṫréigeas a ḋuine gnáiṫ ar ḋuine dá ṫráṫ nó trí.	'Tis a sad thing for one to forsake a bosom friend for a person of two or three days (acquaintance).
Mairg do-ġní eiteaċ is goid.	It is evil to refuse and steal.
Mairg ḟeallas ar a ċaraid.	It is a sad thing to disappoint a friend.
Má's cam díreaċ an ród 'sé an bóṫar mór an t-aiṫġiorra.	If the road is crooked or straight, the high-way is the short cut.
Má's fada lá tig oiḋċe.	If the day is long, night comes (at last).

Má's ionṁuin liom an ċráin, is ionṁuin liom a hál.	If I like the sow I like her litter.
Má's maiṫ leat a ḃeiṫ buan, caiṫ fuar ⁊ teiṫ; nó mar seo:	If you wish to live old, make use of hot and cold, or like this—
Má's maiṫ leat a ḃeiṫ buan, caiṫ uait ⁊ teiṫ.	If you wish to live long, fling off and flee.
Maiṫ an t-annlann an t-ocras.	Hunger is good sauce.
Mol an óige is tiucfaiḋ sí.	Praise youth and it will progress.
Molaḋ gaċ n-aon an t-áḋ mar do ġeoḃaiḋ.	Let each man praise the ford as he finds it.
Ná bíoḋ do ġníoṁ ó do ṫeangain.	Let not thy act be from thy tongue.
Ná mol is ná cáin ṫú féin.	Neither praise nor dispraise thyself. Neither speak well or ill of yourself.
Ní'l glóir aċt glóir neiṁe.	There is no glory but the glory of heaven.
Ní cara gaċ bladaire.	Every flatterer is not a friend.
Ní buan cogaḋ na gcarad.	The fighting of friends is not lasting.
Ní'l sóġ gan an-ṡóġ.	There is no joy without affliction.
Ní'l níḋ níos gile ná an ġeanamnaiḋeaċt.	There is nothing fairer than virginity.
Ní'l gaol ag aon le saoi gan séan.	No one is related to a sage in misfortune. No one cares for a man in reduced circumstances.
Ní'l dliġe ag riaċtanas.	Necessity has no law.
Ní bíonn airgead amad-án i ḃfad le céile.	A fool and his money are not long together.

Ní ḟaġann láṁ iaḋta aċt dorn dúnta.	A closed hand gets only a shut fist.
Ní ḟaġann an ṁinic onóir.	A constant guest is never welcome.
Ní fáiḋ go mbuḋ fíor-eólaċ.	No prophet till he be truly skilful.
Ní gaċ am a ṁarḃuiġeann Pádraig fiaḋ.	It is not on every occasion Patrick kills a deer.
Ní léan go díṫ tiġearna.	No misery like the want of a lord.
Ní hionann dul do'n ḃaile mór is teaċt ar ais.	It is not the same thing to go to town and come from it.
Ní lia an sonas 'ná an donas i n-órlaiġiḃ ṫríd.	Fortune comes not without misfortune inch for inch.
Ní file go flaiṫ.	No poet till a prince.
Ní hiad na fir ṁóra uile a ḃainear an fóġṁar.	It is not all big men that reap the harvest.
Ní'l níḋ níos géire 'ná teanga ṁná.	There is nothing sharper than a woman's tongue.
Ní múinte go coigcríoċ.	Not accomplished till one has travelled.
Ní náire an ḃoċtaineaċt.	Poverty is no shame.
Ní saor go mbeiḋ gan ċionta.	Not free till without faults.
Ní ḟáġann cos 'na coṁnaiḋe aon níḋ.	The foot at rest meets nothing.
Ní ċuiṁniġeann an ċú ġortaċ ar a ċoileán.	The hungry hound thinks not of her whelps.
Ní beaṫa go dul ar neaṁ.	No life till going to heaven.
Ní anfaḋ go gaoiṫ a ndeas.	No storm till the south wind blows.
Ní holc aon ḃeart go mbuḋ feall.	No action is malicious but treachery.
Ní healaḋa go léiġtear stair.	No science till history be read.
Ní tréan go tuitim tuile.	No force like the rush of a torrent.
Ní roġa go Ríġ na Cruinne.	No choice like the King of the universe.

Ní séiṁ neaċ go mbuḋ oilte.	No one is gentle till well bred.
Ní brúiġte go dul i n-aois.	Not broken till advancing in age.
Ní boċt go dul go hifrionn.	Nothing so poor as going to hell.
Ní hé lá na gaoiṫe lá na sgolb.	The day of storm is not the day for thatching.
Ní torann tréan go tóirneaċ.	No roaring noise like thunder.
Ní hanacraḋ go heiteaċ.	No jeopardy till refusal (is given).
Ní daoi go mnaoi droiċ-ṁéine.	No dunce like a woman of bad temper.
Ní maraiḋe go fear stiúire.	No navigator till (he is) helmsman.
Ní luaċ go hAifrionn Dé 'éisteaċt.	No reward to that of hearing God's holy mass.
Ní daor go breiṫ an ḃreiṫiṁ.	Not condemned till (one hears) the judge's judgment.
Ní hearbaḋ go díṫ cáirde.	No want compared with the loss of friends.
Ní'l fios ag duine cia is fearr an-luas nó an ṁoill.	One does not know whether speed or delay is the better.
Ní'l ins an tsaoġal aċt ceo, 's ní ṁaireann an só aċt seal.	This world is but a vapour, and happiness only lasts a spell.
Níor ċuaiḋ fear an eidiorsgáin as.	The peacemaker never escapes unhurt.
Níor ḋruid Dia beárna ariaṁ naċ ḃfosglóċaḋ sé ceann eile.	God never closed a gap that He would not thereupon open another.
Ní ṫig leat d'arán a ḃeiṫ agat agus a iṫe.	You cannot have your bread and eat it.
Ní uabar uaisleaċt.	Nobility is no pride.
Ní rún é ó tá fios ag triúr é.	It is no secret when it is known to three.

Nuair bíos fíon istiġ, bíonn an ċiall amuiġ.	When wine is in, wit is out.
Olc i n-aġaiḋ maiṫeasa.	Good against evil.
Olc síon naċ maiṫ d'aon.	Bad blast that is not good to (some) one.
Oċt n-aṁarc, oċt gcuiṁne.	Eight views, eight recollections.
Oċraċt ró an leaġa.	Distemper, the physician's luck.
Rí míofoġlamṫa is asal corónta.	An illiterate king is a crowned ass.
Ríoġaċt gan duaḋ ní dual go ḃfaġtar.	A kingdom without trouble is not usually got.
Rún gaċ searc an rí ceart.	The desire of every lover is the rightful king.
Rós cuṁra fial-ḟear súgaċ.	A good-humoured man is like a fragrant rose.
Riaġail do réir oideaċais.	Rule according to learning.
Rúnaiḋe cealgaċ.	A deceitful secret-searcher.
Saiḋḃreas síor-suḃáilce.	Virtue is everlasting riches.
Saoire i laeṫiḃ díoṁaoine.	Freedom in days of idleness.
Seaċain cluanaiḋe is cealgaire.	Shun a prying thief and deceiver.
Sáruiġeann eagnaċt gaċ saiḋḃreas.	Wisdom excels all riches.
Searḃ an t-arán iṫtear.	Eaten bread is sour.
Searḃ na hinte tráṫnóna.	Kernels taste bitter in the evening.
Sgeiṫeann fíon fírinne.	Wine reveals the truth.
Soiġteaċ folaṁ is mó torann.	An empty vessel has the greatest sound.
Sult gan ceó sóġ neiṁe.	Delight unclouded is the happiness of heaven.
Tá fá láiṁ an ṁeangaire.	The smile is under-hand, *i.e.*, to smile in one's sleeve.
Tá fáṫ le gaċ níḋ.	There is reason for everything.
Táirnge i mbeó.	A nail in the quick.

Tig geiṁreaḋ ar an ḃfallsa.	Winter comes on the lazy.
Tig iomċar le foġluim.	Behaviour comes from learning.
Tig grian i ndiaiḋ na fearṫanna.	Sun comes after rain; sunshine after storm.
Toirḃeart fann is airiog gann.	A small offering and a slender return.
Toil gaċ n-aoin do réir mar ġní.	Each person's wish according as he does.
Tosaċ coille is deireaḋ móna.	The beginning of a wood and the end of a bog. First in a wood and last in a bog.
Trom cearc i ḃfad.	A hen carried long weighs heavily.
Tuigim agus ní léiġim, aċt tuigeann fear léiġinn leaṫ-ḟocal.	I understand and do not read, but a man of learning understands half a word.
('Sé an ḃríġ atá leis seo go dtuigfiḋ fear léiġeannta an cainteóir sul ḃéiḋeas críoċnuiġṫe aige.)	(This means that a learned man will know what the speaker means before the sentence is fully uttered.)
Tuisleann saoi.	A sage slips. Wise men are caught in wiles. A good garden may have some weeds.
Tuar gorta gailing is gairḃ-ṡíon.	Storm and tempest are forerunners of famine.
Tús maiṫ leaṫ na hoibre.	A good beginning (is) half the work.
Uaḃar gan tairḃe.	Pride without profit—profitless pride.
Uṁlaċt d'uaisleaċt.	Obedience (is due) to nobleness.

beanna.	COUPLETS.
An té atá suas óltar deoċ air, An té atá síos buailtear cos air.	He who is up is toasted, He who is down is trampled on. (Up the hill favour me, down the hill beware thee.)
Castar na daoine le ċéile, Aċt ní castar na cnuic ná na sléiḃte.	People meet each other, But the hills and mountains never.
Ceannuiġ droċ-rud is beiḋir gan aon-rud; Ceannuiġ deaġ-rud is tá agat saor-rud.	Buy a bad article and you will be in possession of nothing; Buy a good article and you will have a good thing (something worth having).
Déan suas leis an uaisleaċt is déan cumann léi, Aċt ar do ċluais ná bí fuar le do ḋuine boċt féin.	Associate with the nobility, and be in favour with them, But, on no account (on your ear), be cold with your own people.
Ní féasta go róstaḋ; Ní céasaḋ go pósaḋ.	No feast till there is roast; No galling trials till one gets married.
Ní teasaiḋeaċt go náire; Ní huaisleaċt gan suḃáilce.	No heat like that of shame; No nobility without virtue.

Ní ṫuigeann an sáṫaċ an seang, An uair do ḃíonn a ḃolg féin teann.	The full man, when his own stomach is crammed, does not understand the wants of the hungry.
"Ní'l pian, ní'l peannaid, ní'l galar ċoṁ cruaiḋ cráiḋte Le héag na gcarad is sgaraḋ na gcompánaċ." —Mac Cába.	"There is nothing in the world so bad to announce as the death of friends and the separating of companions." —Mac Cabe.
Tafann gaḋair i ngleann glas, Ḃeiṫ ag caint le ceann gan eólas.	('Tis like the) barking of a dog in a verdant valley, To address a head without knowledge.

Ranntraċa.	Quatrains.
Atá Dia tíoḋlacṫaċ tabarṫaċ, Atá Dia farraing i gcuṁgaċ; Aċt ní h-ionann ḃur nDia i gConnaċtaiḃ Is Dia farraing na n-Ultaċ.	God is bounteous and generous, God is liberal in scarcity, But the God whom you have in Connaught Is not like the liberal God of the Ultonians.
Dá dtrian sneaċta le sléiḃtiḃ, Dá dtrian gréine le gleanntaiḃ, Dá dtrian sainnte ag seanduine,	Two-thirds of snow in mountains, Two-thirds of sun in valleys, Two-thirds of covetousness among the old,

Dá dtrian tinnis ag luċt aoise,	Two-thirds of sickness with the aged,
Dá dtrian baoise ag óige,	Two-thirds of folly with the young,
Dá dtrian gaoiṫe le crannaiḃ,	Two-thirds of wind among trees,
Dá dtrian cainte ag luċt póite,	Two-thirds of talk among those drinking over their cups,
Dá dtrian córaċ ag luċt céille,	Two-thirds of justice among those of sense,
Dá dtrian luirg ar ḃóiṫriḃ.	Two-thirds of footprints on roads.
Díoġa gaċa síona sioc;	Frost is the worst of all weathers;
Díoġa gaċa buiḋne droiċḃean;	A bad woman is the worst of every company;
Díoġa gaċa teine ceannóg ġlas;	A gray cinder is the worst of all fires;
Díoġa gaċa diġe meaḋóg, má's sean.	Whey, if old, is the worst of all drinks.
Is fearr míne 'ná buirbe ṁór;	Better gentleness than great haughtiness.
Is fearr cóir 'ná dul ċum dliġe;	Better justice than going to law.
Is fearr teaċ beag is teann lón	Better a small house and full store,
'Ná teaċ mór ar ḃeagán bíḋ.	Than a large house and little food.
Is mairg a mbíonn a ċáirde gann,	'Tis sad for him who has few friends.
Is mairg a mbíonn a ċlann gan raṫ,	'Tis sad for him who has unfortunate children.
Is mairg 'gá mbíonn boṫán gann,	'Tis sad for him who has only a poor cot.
Is mairg a bíos gan olc nó maiṫ.	'Tis sad to be without anything good or bad.

Ná creid fionn, 's ná creid fiaċ,
'S ná creid briaṫra mná;
Má's moċ mall éireoċas an ġrian,
Is mar is toil le Dia ḃeas an lá.

Do not credit the buzzard, and do not credit the raven, and credit not the words of a woman (sorceress).
Whether the sun rise early or late the day shall be as God pleases.

Ní truimide loċ an laċ',
Ní truimide eaċ an srian;
Ní truimide caora a holann,
Ní truimide colann ciall.

The bit's no burden to the prancing steed,
Nor the snowy fleeces to the woolly breed,
The lake with ease can bear the swimming kind,
Nor is good sense a burthen to the mind.

Óg gaċ neaċ 'san aois óige;
Óg arís gaċ seanóire;
Óg deireaḋ aoise gaċ nduine;
Deireaḋ gaċ sean-aoise óige.

Young each person is in youth;
Young again every old man;
Young the close of each person's age;
The close of every old age is (still) youth.

Túr eagna uaṁan Dé;
Ní'l eagna mar í;
Maiṫ an gné do'n té,
Eagla Dé cia ar a mbí.

The fear of God is the beginning of wisdom;
There is no wisdom like it;
It is a good sign for the person
Who is filled with the fear of the Lord.

Tosaċ luinge clár;
Tosaċ áiṫe cloċaḋ;
Tosaċ flaṫ fáilte;
Tosaċ sláinte codlaḋ.

A board is the beginning of a ship;
Paving is the beginning of a kiln;
Greeting is the beginning of a prince's reign;
Sleep is the beginning of health.

Deireaḋ luinge báṫaḋ;
Deireaḋ áiṫe losgaḋ;
Deireaḋ flaṫa cáineaḋ;
Deireaḋ sláinte osnaḋ.

Drowning is the end of a ship.
Burning is the end of a kiln.
Censure is the end of a prince's reign.
A sigh is the end of health.

Coṁairle an tsean duine.

THE OLD MAN'S ADVICE.

Ná bí cainnteaċ i dtiġ an óil;
Ná cuir ainḃfios ar ḟeanóir;
Ná habair naċ ndéantar cóir;
Ná hob (heitiġ) agus ná hiarr onóir.

Do not be talkative in a drinking house.
Do not impute ignorance to an elder.
Do not say justice is not done,
Do not refuse and do not seek honour.

Ná bí cruaiḋ agus ná bí bog;
Ná tréig do ċaraid ar a ċuid;
Ná bí mí-ṁoḋaṁail, ná déan troid,
Is ná hob í, má's éigean duit.

Do not be hard, and do not be liberal.
Do not forsake a friend on account of his means.
Do not be impolite, and do not offer fight.
Yet decline it not, if necessary.

Ná taḃair do ḃreiṫ ar an gcéad sgéal,	Do not give judgment on (hearing) the first story,
Go mbeiriḋ an taoḃ eile ort.	Until the other side is brought before you.
Ná mol agus ná dí-ṁol daoi,	Do not praise nor dispraise a dunce,
Mar ní ḟaġtar saoi gan loċt.	As a sage even is not found faultless.

PRINTED BY
SEALY, BRYERS AND WALKER,
MIDDLE ABBEY STREET,
DUBLIN.

Date Due

Y & SONS
OCT
1949
Worcester

180340

BOSTON COLLEGE

DATE DUE	BORROWER'S NAME

Boston College Library
Chestnut Hill 67, Mass.

Books may be kept for two weeks unless a shorter time is specified.

Two cents a day is charged for each 2-week book kept overtime; 25 cents a day for each overnight book.

If you cannot find what you want, inquire at the delivery desk for assistance.

6-49